

PLEAN TEANGA
DO
BHAILE SEIRBHÍSE GAELTACHTA
DHAINGEAN UÍ CHÚIS



MEITHEAMH 2019

www.duchasandaingin.ie



An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht



Liosta na nAcrainmeacha sa Téacs

BSG	Baile Seirbhíse Gaeltachta
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
LPTDUC	Limistéar Pleanála Teanga Daingean Uí Chúis
LPTCT	Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar
PTDUC	Plean Teanga Daingean Uí Chúis
PTCT	Plean Teanga Chiarraí Thiar
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga
OC	Oifigeach Cúnta
OPTDUC	Oifigeach Pleanála Teanga Daingean Uí Chúis
OPTCT	Oifigeach Pleanála Teanga Chiarraí Thiar
CFCD	Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne
 OCD	Oidhreacht Chorca Dhuibhne
CSB	Coiste Stiúrtha Bord
DanD	Dúchas an Daingin
TD	Tobar Dhuibhne
CTanD	Cumann Tráchtála an Daingin
CTCD	Cumann Turasóireachta Chorca Dhuibhne
BOOC	Bord Oideachas agus Oiliúna Chiarraí
CCC	Comhairle Contae Chiarraí
RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
ÚnaG	Údarás na Gaeltachta
EnaG	Ealaín na Gaeltachta
FÉ	Fáilte Éireann
SCT	<i>An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin et al.)</i>
PFA	Plean Forbartha Áitiúil
POG	Polasaí Oideachas Gaeltachta

Spriocanna an Phlean Teanga 7 mBliaana do Bhaile Daingean Uí Chúis

Is é atá mar **mhórchuspóir ghinearálta** ag an bplean seo a leanas ná:

- Go gcuirfear borradh faoi úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i mBaile Daingean Uí Chúis.
- Go mbraithfidh gach duine arb fhearr leo an Ghaeilge a labhairt go bhfuil fáilte rompu an rogha sin a chleachtadh.
- Go mbeidh siad in ann pé cumarsáid, gnó agus rochtain ar sheirbhísí poiblí is mian leo a dhéanamh go saoráideach éifeachtach ar an mbaile.
- Go mbeidh córas measúnú i bhfeidhm gur féidir dul chun cinn an Phlean a mheas.



Is iad seo a leanas na **spriocanna intomhaiste** ar mhaith linn iad a bhaint amach faoi dheireadh an tréimhse **7 mbliaana** atá tugtha do chur i bhfeidhm an phlean:

- Go mbeidh méadú de **25%** ar líon na gcainteoirí laethúla i nDaingean Uí Chúis (lasmuigh den chóras oideachais) ó **237** duine go dtí **296** duine.
- Go mbeadh seirbhís ar fáil trí Ghaeilge i **50%** de shiopaí agus seirbhísí i nDaingean Uí Chúis ar a laghad.
- Go mbeadh Plean teanga aontaithe le ar a laghad **50%** de na cumainn, na clubanna agus na Féilte atá ag feidhmiú i nDaingean Uí Chúis.

Brollach

Deirtear go bhfuil 6,500 teanga éagsúil á labhairt timpeall na cruinne inniu, ach i gcás 2,000 dóibh siúd, níl ach níos lú ná 1,000 duine á n-úsáid. Tá brú ar go leor teangacha – ní haon eisceacht í an Ghaeilge – ach má chailltear í, is mór an chailliúint a bheidh ann agus níl aon teacht thar n-ais ón gcailliúint san.

Tá a dhóthain cainte agus plé déanta againn faoi chúrsaí teanga. Tá sé in am a bheith gníomhach.

Sa Phlean seo, ta tuairimí Mhuintir Daingean Uí Chúis leagtha amach ó thaobh na Gaeilge a choiméad beo mar theanga labhartha sa mbaile seo 'gainne. Ní saineolaithe teanga sinne, ach pobal atá ag iarraidh an Ghaeilge a labhairt go laethúil mar theanga chumarsáide. Ar an mbaile seo faoi láthair, níl ach c.12% don daonra a labhrann an teanga gach lá. Teastíonn uainn cur leis an líon san, idir óg agus aosta.

Cé go bhfuil sé ag teastailt, ní féidir linn brath ar chabhair ón stát ná ó saileolaithe chun a bheith cinnte go mairfidh an teanga. Ag deireadh an lae, tá sé suas dúinn féin seasamh a thógaint – a bheith ann nó as – ó thaobh na Gaeilge dó.

Táim an-bhuíoch do gach éinne a chabhraigh linn an Plean seo a chur le cheile, go mór mhór Áine Moynihan agus Simon Ó Faoileáin a chnuasaigh an t-eolas a bhí ann agus a bhailigh an taighde nua. Táim buíoch do bhaill eile an Choiste – Mícheál Ó Muircheartaigh, Helena Curran, Risteard Mac Liam, Muireann Nic Giolla Ruaidh, Annette Cremin – agus do mhuintir Daingean Uí Chúis a bhí sásta freastal ar chruinnithe agus a dtuairimí a roinnt linn.

Ná ligimís ár maidí le sruth, treoirigh an bád agus mairfidh an teanga.

Mícheál Ó Coileáin
Cathaoirleach
Coiste Phlean Teanga Daingean Uí Chúis

Focal ó Stiúrthóir An Lab

Mar Stiúrthóir An Lab agus mar Chomh-Ordnóir ar ullmhú Plean Teanga Dhaingean Uí Chúis (PTDUC) ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne a bhí páirteach in ullmhú an Phlean seo agus chomh maith le sin, leis na healaíontóirí go léir a bhí páirteach liom in imeachtaí An Lab thar na blianta. Ba mhór an pribhléid domsa bheith ag plé libh. Buíochas, leis, do phobal na háite a thug tacaíocht dúinn agus go háirithe don mBord a sheas linn i rith an ama. Táim fíor-bhuíoch dár n-urrathóirí, Ealaín na Gaeltachta (EnaG) faoi bhainistíocht Micheál Ó Fearraigh, a thug tacaíocht láidir don gcomhlacht ón tús. Bhí na hÁisitheoirí Ealaíne sa Mhumhan, Eibhlín de Paor agus anois Rachel Holstead, mar fhoinsí eolais, spreagach agus chabhrach riamh dúinn agus táim go mór faoi chomaoin acu.

Le linn saol ré An Lab tháinig borradh agus fás ar fhorbairt na healaíona ins An Daingean, agus tá clú agus cáil ar an gceantar de bharr go bhfuil an oiread san ealaíontóirí sna réimsí éagsúla lonnaithe ann. Tá toradh na hoibre le tabhairt faoi ndeara i ndul chun chinn go leor ealaíontóirí, féilte agus eagrais ar an mbaile agus i gCorca Dhuibhne i gcoitinne. Tá daoine a bhí bainteach leis An Lab a fuair deiseanna, taithí agus oiliúint ann, gníomhach fós i bhforbairtí ealaíne sa dúiche. Tá daoine óga a fuair taithí le hAnnÓg agus An Lab fostaithe anois sna meáin Ghaeilge, ag feidhmiú mar ealaíontóirí agus aisteoirí gairmiúla, agus gníomhach sna healaíona go náisiúnta.

Ní féidir luach a chur ar an anam-lón atá le fáil ón bhfuinneamh a thagann ón ealaíon. Go dtí seo, bhí cluas agus baile le fáil ag ealaíontóirí tríd structúr An Lab ach mar atá mínithe níos déanaí sa phlean seo, tá deireadh ag teacht anois le structúr an Lab mar a bhí go dtí seo. Bhí obair An Lab ag brath go mór ar an spás agus ar na háiseanna a bhí againn sa tsean-mhainistir in An Daingean chun freastal ar iliomad ealaíontóirí is ar phobal na háite. Beidh sé mar dhualgas ag an dá choiste Phlean Teanga, Dúchas an Daingin agus Tobar Dhuibhne, féachaint chuige go n-aimseofar ionad nua dos na healaíona is don Ghaeilge chomh luath agus is féidir. Aithnítear san i mbeartanna sa dhá phlean.

Táimid mórtasach gur roghnaíodh sinn mar Cheanneagraíocht chun Plean Teanga Dhaingean Uí Chúis a ullmhú - ceann des na tograí deireanacha atá curtha i gcríoch againn faoin ainm An Lab.

Glacaim leis gur roghnaíodh sinn: (a) mar gur éirigh linn an Ghaeilge a choimeád chun cinn san obair fóna, gairmiúil a bhí ar siúl againn i réimse na n-ealaín gan íbirt a dhéanamh de chaighdeán ealaíona na hoibre.

(b) roghnaíodh An Lab ag muintir an Daingin féin, toisc go n-aithníodar go raibh an structúr cuí, an cumas teangain is an fhís i leith na Gaeilge againn a bhí riachtanach chun tabhairt faoi.

An cheist atá ann anois ná conas féachaint chuige go leanfar leis an dtacú d'ealaíontóirí an cheantair lámh ar lámh le forbairt na Gaeilge sa Daingean.

Tarlaíonn sé go gcónaíonn formhór na n-ealaíontóirí lasmuigh den Daingean, ar chúiseanna éagsúla, costas tithíochta sa Daingean mar cheann acu.

Thug An Lab láthair lárnach dóibh sa Daingean chun teacht le chéile, chun léirithe a fhorbairt, chun taispeántaisí, insealbhaithe agus imeachtaí litríochta a chur ar siúl do phobal na leithinise in iomlán. Maraon le freastal ar ealaíontóirí, chuir An Lab le saol sóisialta is eacnamaíochta an dúthaigh ar fad. Bhí fáilte roimh chách agus bhí Gaeilge mar theanga oibre na háite.

Tá sár-obair déanta ag Ealaín na Gaeltachta sa cheantair chun na healaíona a chur chun cinn. Caithfear aitheantas a thabhairt do Oidhreacht Chorca Dhuibhne chomh maith as an méid a dheineann siad chun na healaín dúchasacha a chaomhnú is a fhorbairt.

Le fiche chúig bliain anuas tá Féile na Bealtaine ag borradh is ag fás is ag cur scoth na nealaíon ar fáil do mhuintir na leithinise is do chuirteoirí. Deintear an obair go léir ag coiste deonach. Tá meas acu ar an dteanga agus bíonn imeachtaí tré Ghaeilge lárnach sa chlár. Le tacú agus comhoibriú ón bPlean Teanga, d'fhéadfaí cur leis an méid Ghaeilge sa bhFéile agus sna féiltí go léir atá ag feidhmiú sa Daingean.

Tá An Fhéile Bheag Filíochta lonnaithe i mBaile an Fheirtéirigh. (Ba ghnách le hócáidí bainteach leis a bheith lonnaithe in An Lab agus/nó sa Díseart, Ionad Spioradáltachta agus Chultúir Ghaelaigh.) Tá sé faoi stiúir ag Simon Ó Faoláin, iar Oifigeach Litríochta in An Lab, agus coiste deonach díograsach ag saothrú ina theannta.

Tá Aisteoirí Bhréanainn, lonnaithe i Halla na Feothanaí, atá forbartha agus feistithe go maith mar láthair pobail agus amharclannaíochta, ag dul ó neart go neart sa rannóg amaitéarach agus ag cur go mór le saol an phobail. Tá baill acu ó laistigh agus lasmuigh den Daingean.

Tá Amharclann na nÓg nua-bhunaithe, le bonn láidir, chun freastal ar dhéagóirí an cheantair iomláin.

Tá ceol traidisiúnta na h-áite faoi bhláth, agus Scoil Cheoil an Earraigh ag tabhairt stáitse dó (i Halla na Feothanaí) agus ag múineadh an stíl áitiúil d'óg agus d'aosta ag na ceardlanna bliaintiúla.

Baineann cuairteoirí don Daingean is don leithinis iomlán sár-taithneamh as na seisiúin cheoil traidisiúnta rialta sna pubanna agus cuirtear slí beatha ar fáil dos na ceoltóirí, ar a laghad i rith an tsamhraidh, a chuireann ar a gcumas maireachtaint san áit.

Tá Teac Damsa, comhlucht drámaíocht rince, go bhfuil clú agus cáil bainte amach acu ar fuaid an domhain athlonnaithe go Corca Dhuibhne. Tuigtear dom go bhfuil lárionad ar an leithinis á chur ar fáil dóibh ag Údarás na Gaeltachta. Beifear ag súil mar sin, go mbeidh todhchaí láidir sa cheantar ag drámaíocht rince comh-aimseartha, a bhí chomh lárnach in obair An Lab.

Níl thuas ach samplaí den bhfuinneamh is den bhforbairt atá le tabhairt faoi ndeara i measc ealaíontóirí Chorca Dhuibhne.

An easpa is mó atá orthu ná lárionad ealaíon agus Gaeilge (**Beart 6.3.5** sa Phlean Teanga), ionad a thabharfadh stáitse do gach saghas cheoil, don amharclannaíocht, don litríocht, don rince comh-aimseartha agus dos na hamharc-ealaíona fé mar a deineadh in An Lab.

Sa tslí chéanna is a tháinig Roinn na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta le chéile chun pobal na Gaeltachtaí a spreagadh i dtreo pleananna teangain is chun tacú leo, is dóigh liom go bhfuil sé riachtanach anois go gcuirfí structúr láidir in áit sa Daingean chun a chinntiú go leanfar le forbairt na n-ealaíon san áit lámh ar lámh le forbairt na Gaeilge. Is dúshlán an-mhór é seo, a bhí romhamsa go pearsanta gach aon lá dem' shaol mar Stiúrthóir Ealaíne in An Lab – conas na healaíona a chur chun cinn gan faillí a dhéanamh ar an nGaeilge nó a mhalairt. Tá coiste láidir anois ag plé le Dúchas an Daingin. Aithním go mbeidh cúraimí níos leithne rompu seachas na healaíona amháin, ach aithníonn siad siúd tábhacht na n-ealaíon don Daingean agus beidh siad ag iarraidh comhoibriú leanúnach a bheith ar siúl acu le hEalaín na Gaeltachta. Molaim go mbunófaí fo-choiste láidir a bheidh dírithe ar na healaíona agus ar a mbeidh ionadaithe ós na bpríomh réimsí ealaíne san áit. Sa tslí sin, d'fhéadfaí gaol láidir a chothú idir choiste agus feidhmithe an Phlean Teanga sa Daingean, Ealaín na Gaeltachta agus na healaíontóirí áitiúla.

Tá tábhacht faoi leith ag baint le Beart 6.3.5 sa Phlean Teanga le bunú Lárionad Cultúrtha is Ealaíne Ghaeilge ar an mbaile is a thagann le beart 6.12.4 de chuid PTCT. Molaim go láidir go mbeadh sé mar chúram ag an bhfo-choiste ealaíne de chuid Duchas an Daingin na páirtithe leasmhara go léir a thabhairt le chéile chun an cheist seo a iniúchadh agus chun an beart a bhaint amach.

Maidir le Plean Teanga Dhaingean Uí Chúis, táimid sásta go bhfuil Plean maith leagtha síos againn i gcomhair leis an bPobal agus táimid dóchasach go mbeidh stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta den scoth ag Daingean Uí Chúis sna blianta atá romhainn.

I bhforbairt an Phlean Teanga seo bhíomar ag brath go mór ar fhoireann na Pleanála Teanga in Údarás na Gaeltachta (ÚnaG), go háirithe Rachel Ní Riada i mBaile Mhic Íre a thug idir misneach is cabhair luachmhar praiticiúil dúinn ó thus go deireadh.

Buíochas ó chroí leis lem' iar-chomhleacaí Simon Ó Faoláin a shaothraigh go díograiseach taobh liom i mbun na taighde agus a scríobh mórchuid den Phlean. Táimid faoi chomaoin do gach éinne ar an gcoiste áitiúil a thacaigh linn go fial, go háirithe an Cathaoirleach, Micheál Ó Choileáin, atá ina Chathaoirleach leis ar Bhord An Lab, is nár dhiúltaigh riamh cabhrú linn lena a chuid ama, a chuid fuinnimh, a shaineolas áitiúil is a chluas le héisteachta.

Gach rath ar ealaíontóirí agus pobal Chorca Dhuibhe agus go háirithe ar shaothar Duchas an Daingin (DanD) agus Tobar Dhuibhne (TD). Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Seasfaidh mé an fód libh go ceann tamall eile im' bhall den dá choiste. Bead ar fáil chun cabhrú leis an gcúram agus lán-sásta mo chuid taithí a roinnt leo in aon slí a chuirfidh na healaín agus an Ghaeilge chun cinn.

Áine Moynihan, Meitheamh 2019.
Stiúrthóir An Lab/Comh-Ordnóir DanD

Clár na nÁbhar

Liosta na nAcrainmeacha sa Téacs	2
Spriocanna	3
Brollach	4
Focal ó Stiúrthóir An Lab	5
1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga	12
1.1 Réamhrá	12
1.2 Acht na Gaeltachta 2012	12
1.3 Bailte Seirbhíse Gaeltachta	13
1.4 An Staid Reatha i Limistéar Pleanála Chiarraí Thiar	13
2. An Lab - Ceanneagraíocht.....	14
2.1 An Lab agus an Plean Teanga	15
2.2 Lár Ionad / Ceannárus don bPlean Teanga	15
2.3 Comhoibriú le Plean Teanga LPT Chiarraí Thiar	15
3. Léargas ar an mBaile Seirbhíse Gaeltachta	16
3.1 Topagrafaíocht agus Daonra.....	16
3.2 Pleanáil, Tithíocht agus Forbairt Fisiceach	17
3.2.1 Ról an Chomhairle Contae	19
3.3 An Córas Oideachais	20
3.4 Seirbhísí do Daoine Óga agus do Dhaoine Scothaosta	21
3.5 Seirbhísí Poiblí agus Gnó	21
3.5.1 Corca Dhuibhne ag Caint	22
3.6 Seirbhísí Sóisialta, Caitheamh Aimsire agus Turasóireacht	23
3.6.1 Lóistín do Thurasóirí	24
3.6.2 Na hEalaín agus Féilte i nDaingean Uí Chúis	24
3.7 Staid na Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis	25
3.7.1 Réamhra – Cúlra ó thaobh meon/dearcadh an phobail ar an dteanga	25
3.7.2 Labhart/Cumas Teanga ar ndaoine sa BSG	26

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean	28
4.1 Ceanneagraíocht agus Coiste	28
4.1 An Choiste	28
4.2 Lógó, Fógraí agus Suíomh Gréasáin	28
4.3 An Taighde	30
4.3.1 Ceistneoirí do na hEagrais	30
4.3.2 Ceistneoirí do Dhaoine Aonair	30
4.3.3 Ceistneoirí do Chuartheoirí	32
4.3.4 Grúpaí Fócais	32
4.3.5 Cruinniú Comhairliúcháin Poiblí.....	33
5. Torthaí an Taighde	34
5.1 Taighde Cainníochtúil	34
5.2 Taighde Cáilíochtúil.....	40
5.2 (a) Feiceálacht na Gaeilge - Timpeallacht níos Gaelaí i nDaingean Uí Chúis	40
5.2 (a)(i) Achoimre ar na Bearta Ghnó & Turasóireachta	41
5.2 (b) Saoráidí Sóisialta - Deiseanna labhartha don Ghaeilge	42
5.2 (b)(i) Saoráidí Sóisialta – Achoimre ar na Bearta	43
5.2 (c) Cúrsaí Oideachais	44
5.2 (c)(i) Cúrsaí Oideachais - Achoimre ar na Bearta	44
5.2 (d) Seirbhísí Poiblí.....	45
5.2 (d)(i) Seirbhísí Poiblí – Achoimre ar na Bearta	45
6. Na Bearta	46
6.1 Bearta Bonneagair	47
6.1.1 Bunús láidir a chur faoin struchtúr a bheidh ag déanamh riaradh ar fheidhmiú PTDUC agus a bheidh ag fostú OPT	47
6.1.2 Comhaontú Oibre a réiteach idir TD & DanD	49
6.1.3 Ceannárus Sealadach a aimsiú	50
6.1.4 OPT a Fhostú	52
6.1.5 Feachtas Bolscaireachta	53

6.2 An Earnáil Ghnó agus Turasóireachta	54
6.2.1 Scéim Tacaíochta do Lucht Gnó/Seirbhísí	54
6.2.2 Cumasú Teanga Lucht Gnó	56
6.2.3 Gradam Gnó	58
6.2.4 Acmhainní Tacaíochta don Lucht Gnó	59
6.2.5 Seirbhís Aistriúcháin, Prófála & Ateangaireacht	61
6.2.6 Buntáistí na Gaeilge	63
6.2.7 Comharthaíocht a chur suas ag pointí iontrála an bhaile	64
6.2.8 Fógraí Séasúracha le chur in airde ag amanna cuí na bliana	65
6.2.9 Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do Chuartheoirí	66
6.2.10 Ionchur a dhéanamh i mBeart 6.7.2 de PTCT – Aip Fón Póca	67
6.2.11 Polasaí Teanga a aontú le lucht eagraithe na Féilte	68
6.3 Saoráidí Sóisialta	70
6.3.1 Lárionad Gaeilge & Ealaín a bhunú i nDaingean Uí Chúis	70
6.3.2 Scéim Mheantóireachta ‘Buddies’ a bhunú do foghlaimeoirí Ghaeilge	72
6.3.3 Sraith Imeachtaí Sóisialta trí Ghaeilge	73
6.3.4 Ciorcail Comhrá seachtainiúil a bhunú ar an mbaile	74
6.3.5 Plé & Aontú bheart 6.6.1 de chuid PTCT – Seirbhísí óige a fhorbairt	75
6.3.6 Polasaí Teanga do Chumann, Coiste Spóirt & Caitheamh Aimsire	77
6.3.7 Ionad Óige nua “Bualadh Isteach” don Óige a chur ar bun sa Daingean	78
6.3.8 Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh in Áiseanna na hÓige.....	79
6.4 Cúrsaí Oideachais	80
6.4.1 Tacú le PTCT a gcuid bearta ar Cúrsaí Oideachais a chur i bhfeidhm.....	80
6.4.2 Tacú le BOOC – Polasaí Teanga & Cúrsaí Oideachais.....	82
6.5 Seirbhísí Poiblí	83
6.5.1 Tacú le Leabharlann Daingean Uí Chúis le imeachtaí Gaeilge	83
6.5.2 Forbairt Ospidéal an Daingean – Polasaí Teanga le haontú.....	84
6.5.3 Tacú le PTCT – Seirbhísí Stáit trí Ghaeilge	86

7. Costais agus Maoiniú	87
7.1 Costais & Maoiniú	87
7.2 Buiséad	88
8. Forbairt Feasachta & Poiblíocht	89
9. Feidhmiú & Monatóireacht	91
10. Aguisíní	93
Aguisín 1 – Fís, Polasaí & Gnímh i leith na Gaoluinne ag BOOC	93
Aguisín 2 – Seirbhísí Poiblí tré Ghaeilge	96
Aguisín 3 – Na Príomh Saoráidí Sóisialta, Áineasa & Tráchtála sa Daingean	99
Aguisín 4 – Príomh Féiltí is Imeachtaí sa Daingin	101

1. Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

1.1 Réamhrá

Léirigh *An Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (STC, Ó Giollagáin et al) a foilsíodh sa bhliain 2007 go bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth theanga labhartha laethúil ins na pobail Ghaeltachta go mór i mbaol, agus nach fada go mbeidh deire léi, mura dtugtar aghaidh láithreach ar straitéis chun meon agus iompar an phobail i leith na teanga a athrú.

Ceann des na torthaí a bhí leis an STC ná gur fhoilsigh an Rialtas an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* sa bhliain 2010. De réir na Straitéise “*is é aidhm pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge ná úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú mar theanga pobail ar bhonn céimiúil*” agus “*go ndéanfaí cúram ar leith don teanga sa Ghaeltacht go háirithe i bhfianaise an taighde a léiríonn go bhfuil géarchéim ann maidir le h-inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail agus teaghlaigh sa Ghaeltacht.* (Straitéis:1. An Fhís Icht 5)

Díríonn an Straitéis ar réimse leathan gníomhaíochtaí tacaíochta chun staid agus stádas na Gaeilge a neartú i ngach gné den saol, ach go háirithe i réimse an Oideachais.

Tháinig Acht na Gaeltachta ar an saol sa bhliain 2012 chun próiseas nua cur chuige nua a shainiú sa reachtaíocht a leagann síos na córais agus na coinníollacha atá le cur bhfeidhm ins gach pobal Ghaeltachta atá ag iarraidh stádas mar réigiún Ghaeltachta a bhaint amach nó a choimeád. Limistéar Pleanála Teanga an téarma a bheadh in úsáid feasta mar ainm ar na réigiúin Ghaeltachta de réir an Achta.

1.2 Acht na Gaeltachta 2012

Tugann Acht na Gaeltachta bonn reachtúil don bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.

Ins na Treoirlínte Pleanála Teanga atá foilsithe ag An Roinn Cultúr Oidhreachta agus Gaeltachta tá an cur síos seo le fáil ar Acht na Gaeltachta:

“Cuireann Acht na Gaeltachta 2012 an creatlach reachtúil ar fáil chun tabhairt faoin bpróiseas pleanála teanga ar bhonn comhordaithe. Táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile chun tacú leis an nGaeilge sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht. Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail a thabharfar tacaíocht don Ghaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht. Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí” (Réamhrá Icht 3- Treoirlínte Pleanála Teanga Eagrán 4:Eanair 2018)

Tá 26 Limistéir Pleanála Teanga (LPT) sonracha ins na réigiúin Ghaeltachta atá le Plean Teanga a ullmhú le cur faoi bhráid Aire an Gaeltachta. Tá Daingean Uí Chúis lonnaithe laistigh de LPT Chiarraí Thiar.

1.3 Bailte Seirbhíse Gaeltachta

De réir na Treoirlínte Pleanála Teanga a d'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (RCOG) i gcomhair le ÚnaG agus Foras na Gaeilge (3ú Eagrán, 2016):

Is éard atá i gceist leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) ná bailte atá suite i LPT Ghaeltachta nó taobh leo agus a bhfuil ról suntasach acu maidir le seirbhísí poiblí, saoráidí áineasa, sóisialta agus tráchtála a sholáthar do na pobail sna limistéir sin. Faoin Acht, caithfidh daonra de 1,000 duine ar a laghad a bheith i mbaile, de réir an daonáirimh is deireanaí, chun gur féidir é a áireamh mar BSG. Tabharfar aitheantas faoin Acht do BSG ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna bailte éagsúla i gcomhréir leis na critéir pleanála teanga forordaithe.

Sna Treoirlínte úd liostálar 16 bailte a bheadh inghlactha don Roinn mar BSG, agus tá trí chinn acu lonnaithe sa Ghaeltacht – Daingean Uí Chúis, An Clochán Liath agus Béal an Mhuirthead. Mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin de chuid RCOG roghnaíodh Trá Lí agus Cathair Saidhbhín mar bhailte lasmuigh den nGaeltacht i gCiarraí a d'fhéadfadh aitheantas a bhaint amach mar BSG.

D'fhoilsigh Aire Stáit na Gaeltachta ar an 10ú Deire Fómhar 2016 go raibh sé ar intinn aige Daingean Uí Chúis a ainmniú, le hórdú, mar BSG.

D'eagraigh ÚnaG sraith cruinnithe eolais le príomheagrais pobail Dhaingean Uí Chúis chun iad a chur ar an eolas faoin bpróiseas pleanála teanga agus chun spéis a mhúscailt iontu ar mhaithe le Ceanneagraíocht a roghnú. Mar thoradh ar na cruinnithe sin d'aontaigh na príomheagraíochtaí go mbeidís sásta go ndéanfadh An Lab iarratas ar aitheantas a bhaint amach mar Cheanneagraíocht chun plean teanga a ullmhú chun go mbaineadh an baile amach stádas mar BSG, agus cuireadh buiséad €20,000 ar fáil chun cabhrú leis na costais a bhain le h-ullmhú an Phlean a chlúdach.

1.4 An Staid reatha i Limistéir Pleanála Teanga Chiarraí Thiar.

Mar atá luaite thuas, tá 26 LPT liostáltha in Acht na Ghaeltachta 2012 agus Ceanneagraíocht le roghnú ins gach ceann acu le Plean Teanga a réiteach i gcomhar leis an bpobal.

Roghnaíodh Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (CFCD) mar Cheanneagraíocht do LPT Chiarraí Thiar (LPTCT) le linn 2014 agus mar thoradh ar thréimhse comhairliúcháin agus taighde leis an bpobal, cuireadh Plean Teanga Chiarraí Thiar (PTCT) faoi bhráid RCOG. Ceadaíodh €150,000 mar bhuiséad bliantúil dó i Meitheamh 2018 chun an Plean a chur i bhfeidhm. Tá Oifigeach Pleanála Teanga (OPT) amháin agus Oifigeach Cúnta (OC) amháin fostaithe ag an gComharchumann anois agus iad i mbun bearta PTCT a fhorbairt agus a fheidhmiú. Tá PTCT ag feidhmiú anois faoin ainm 'Tobar Dhuibhne' (TD) agus tá suíomh idir líon agus Facebook acu chun cumarsáid leanúnach a bheith acu leis an bpobal.

Tá dhá bhliain caite ag an Lab i mbun próiseas comhairliúcháin agus taighde le pobal agus lucht gnó Dhaingean Uí Chúis, le hÚnaG agus le CFCD, chun an Plean Teanga seo a réiteach le cur faoi bhráid an RCOG.

2. An Lab – Ceanneagraíocht.

Roghnaíodh An Lab mar Cheanneagraíocht chun Plean Teanga a ullmhú le go mbaineadh Daingean Uí Chúis stádas mar BSG amach – stádas a chinnteoidh go mbeidh teacht ag pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge ar ghnáth sheirbhísí an tsaoil trí mheán na Gaeilge gan dua, agus go mbeidh úsáid na Gaeilge ag ócáidí siamsaíochta, shóisialta agus caitheamh aimsire mar ghnáth nós imeachta.

Tá An Lab, Comhlacht Ealaíon is Amharclannaíochta i gCorca Dhuibhne, maoinithe ag EnaG ó 2002 (idir AnnÓg is An Lab).

Is i an Ghaeilge an teanga chumarsáide agus oibre a bhí riamh sa Lab. Is é an Lab an t-aon eagrais ealaíon sa tír a roghnaíodh chun Plean Teanga áitiúil a áisiú le cur faoi bhráid an RCOG de réir treoirlínte Acht na Gaeltachta 2012.

D’fhorbraigh An Lab ó chomhlacht amharclannaíochta don óige (AnnÓg) go heagras ionad-lonnaithe ag freastal ar ealaíontóirí gairmiúla na háite is ar na healaíona pobail. Thar na blianta dhein an Lab áisitheoireacht nó páirtnéireacht ar go leor tionscnamh amharclannaíochta is ealaíon go náisiúnta is go hidirnáisiúnta.

Ar feadh deich mbliana ó 2007 go 2017 bhí An Lab ag feidhmiú in iar-Mhainistir na mBráithre Chríostaí sa Daingean, áit ina raibh amharclann den scoth le 70 suíocháin forbartha ann chomh maith le spásanna eile do cheardlanna, cleachtaithe is taispeántaisí. Bhí clár cuimsitheach de dhrámaí, ceolchoirmeacha, rince comhaimseartha, filíocht is go leor eile ar siúl ann.

Thar na deich mbliana go raibh An Lab ag feidhmiú mar Ionad Ealaíon, bhí sé mar lárionad is pointe teagmhála do an-chuid ealaíontóirí. Ní hamháin go raibh imeachtaí á n-eagrú, bhí ealaíontóirí á gcothú agus ag fáil taithí in an-chuid réimsí ealaíne, idir amharclannaíocht, rince comhaimseartha, filíocht, ceol agus na hamharc-ealaíona físe. Tugadh tacaíocht do Fhéiltí na háite, go háirithe Féile na Bealtaine agus An Fhéile Beag Filíochta, agus tugadh deiseanna do go leor daoine sa phobal bheith rannpháirteach sna healaín in ionad ina raibh atmaisféar fáilteach, agus Gaeilge á labhairt ag an bhfoireann.

Deineadh dí-shealbhú ar an Lab gan mórán choinne nuair a díoladh an tSean-Mhainistir le hOllscoil Mheiriceánach ag deireadh 2017. Le sin, tháinig deireadh leis an dtuiscint go mbeadh spás don Lab ar fáil ón eagraíocht nua a thainig ar an bhfód, agus b’éigin don gcomhlacht bogadh amach as an áit.

Tá An Lab gan baile anois mar sin, seachas spás oifige sa Chúilín mar a bhfuil cuid den trealamh ar stóras agus an chuid eile i dtaisce in ionad stórála príomháideach go fóill ag súil go mbeidh sé in ionad nua stórála de chuid Féile na Bealtaine go luath. Tá imeachtaí ealaíne fós á reáchtáil ag an Lab ach anois gan baile dá chuid féin ag an gcomhlacht leis an dtrealamh a athlonnú agus imeachtaí amharclainne a reáchtáil, níl aon soiléireacht ann go mbeidh aon spás nua don amharclann ar fáil sa ghearr thréimhse.

An Lab agus an Plean teanga

Roghnaigh ionadaithe ó ghrúpaí agus coistí éagsúla i nDaingean Uí Chúis An Lab chun iarratas a réiteach le h-aitheantas a bhaint amach mar Cheanneagraíocht ar a son, ag cruinniú in ÚnaG i bhFómhar na bliana 2016

Síníodh comhaontú deontais idir An Lab agus ÚnaG a cheadaigh maoiniú chun PTDUC a ullmhú ar an 3ú Márta 2017.

Bhí cruinnithe rialta ar bun idir fhoireann an Lab, ÚnaG agus páirtithe leasmhara eile chun an cur chuige maidir le h-ullmhú an Plean Teanga a aontú.

D'éirigh le foireann an Lab coiste stiúrtha a thabhairt le chéile chun comhairle, treoir agus tacaíocht a chur ar fáil don bhfoireann le linn an phróisis pleanála teanga. Tá an t-ainm “Dúchas an Daingin” (DanD) tabhartha ar an ngrúpa seo agus tá sé á mholadh sa Phlean seo go mbeadh an grúpa seo ag teacht i gcomharbacht ar An Lab, agus gurb iad a bheadh i mbun an plean teanga a fheidhmiú amach anseo. Tá cur síos ar fhorbairt an ghrúpa seo i **mBeart 6.1.1** den bPlean Teanga.

Tá an Plean Teanga seo ullmhaithe dá réir sin, ag An Lab i gcomhar le DanD agus tá suíomh idirlíon ar leith bunaithe ag an ngrúpa faoin ainm www.duchasandaingin.ie.

Lár Ionad/Ceannárus don bPlean Teanga/Ceanneagraíocht.

Tá sé deacair teacht ar spásanna agus suíomhanna oiriúnacha chun forbairt a dhéanamh ar infrastructúr ar nós Lár Ionad Gaeilge/Ealaín i mbaile an Daingin. Cé go bhfuil roinnt féidireachtaí aitheanta sa Daingean go dtí seo, tá gá le iniúchadh agus taighde chuimsitheach a dhéanamh chun na roghanna éagsúla a mheas, agus chun teacht ar chinneadh maidir leis an rogha is oiriúnaí do phobal na n-ealaín, na Gaeilge agus an baile féin.

Baineann Beart **6.3.5** sa Phlean Teanga le bunú Lárionad Cultúrtha is Ealaíne Ghaeilge ar an mbaile. Tagann sé seo le beart 6.12.4 de chuid PTCT. Tionscnamh fadtéarmach atá i gceist leis seo. Tá iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ar an sean-óspidéal sa Daingean agus seans go mbeidh spás áirithe agus deiseanna dos na healaín sa bhfoirgneamh seo amach anseo. Beidh na roghanna ar fad á chíoradh i **mbeart 6.3.5**. le súil is go mbeifear in ann Plean faid téarmach a aontú a chuirfidh na riachtanais éagsúla san áireamh.

Idir an dá linn, tá spás á thairiscint ag Bord Oideachais is Oiliúna Chiarraí (BOOC) do DanD ins an Ionad Breis Oideachais is Oiliúna atá acu ar an mbaile. Beidh an spás seo mar aon le seomraí cruinnithe/ranganna is rí ar fáil chun éascú a dhéanamh ar fheidhmiú bearta an Phlean.

Comhoibriú le Plean Teanga LPT Chiarraí Thiar.

Aithníonn an Plean Teanga seo go bhfuil an Baile Sheirbhíse Gaeltachta Daingean Uí Chúis lonnaithe laistigh de Limistéar Pleanála Chiarraí Thiar. Tá Tobar Dhuibhne (www.tobardhuibhne.ie) mar ainm ar an ngrúpa atá mar chuid de Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne a bheidh i mbun Plean Teanga Chiarraí Thiar a fheidhmiú. Cuireann **beart 6.1.2** sa Phlean seo síos ar chonas a chuirfear córas ar bun chun comhoibriú/comhordú a chinntiú idir an dá eagraíocht ar mhaithe leis an tairbhe is fearr a bhaint as feidhmiú na bPleananna Teanga don gceantar ar fad.

3. Léargas ar an mBaile Seirbhíse Gaeltachta.

Réamhrá

3.1 Topagrafaíocht agus Daonra

Tá teorann bhaile Daingean Uí Chúis, mar atá sé aitheanta i gcomhair an phróisis pleanála teanga mar BSG, bunaithe ar theorann an bhaile mar atá aitheanta i nDaonáireamh 2016. Tá an limistéar seo déanta suas de Thoghroinn an Daingin, a chuimsíonn ocht mbaile fearainn iomlán (An Choill, An Fearann, An Gróbh, Daingean Uí Chúis, Fearann na Cille, Fearann Uí Fhlaitheartaigh, Gort Onóra agus Imleach an Daingin), móide roinnt talún a aithníonn fás an bhaile le blianta beaga anuas isteach i gcodanna de naoi mbaile fearainn (An Baile Beag, An Cheapaigh, An Chnoicín, An Chuilleanach, Baile an Mhuilinn, Baile na Buaille, Coimín Bhaile an Mhuilinn, Fearann Mhic Réamainn agus Móin na Ceapaí). Achar iomlán an bhaile ná 2.1 km².

Tá an baile suite ar imeall thoir-thuaidh Chuan an Daingin. Tá sléibhte ar an taobh thuaidh agus an taobh thoir den bhaile, Cnoc an Chairn agus An Cnoicín faoi seach, agus formhór an bhaile suite ar an talamh réidh

íseall eatarthu seo agus an cuan, nó ar íochtar shleasa an dá chnoc réamhluaithe. Aonad réasúnta dlúth is ea an baile, gan aon chuid de scoite amach go mór óna chroílár.




Fig. 3.1: Ceantar an Daingin ag taispeáint achar agus teorainn oifigiúil an bhaile [cóipcheart An Phríomhoifig Staidrimh].

De réir Daonáirimh 2011, ba é daonra Daingean Uí Chúis ná 1,965 duine, as a raibh 958 acu fireann agus 1,007 baineann. Léirigh seo méadú de 45 duine (2.0%) i ndaonra an bhaile sa chúig bliana ó Dhaonáireamh 2006. Idir 2011 agus 2016 tháinig méadú i bhfad níos mó, 85 nó 4.3%, ar an daonra, le daonra iomlán de réir Daonáireamh 2016 de 2,050 (956 fireann agus 1,094 baineann) (féach Tábla 3.1 thíos). Tá an fás de 4.3% ar dhaonra an bhaile idir 2011 agus 2016 níos airde ná an ráta náisiúnta de 3.8% sa tréimhse sin agus i bhfad níos airde ná an ráta sna ceantracha Gaeltachta a thit 0.6% idir 2011 agus 2016. Má leanann an ráta fáis seo, beidh impleachtaí aige ins gach réimse saoil agus bonneagair – cúrsaí oideachais, cúram leanaí, tithíocht srl.

Bliain		2006		2011		2016	
Daonra Iomlán		1,920		1,965		2,050	
Fireann	Baineann	937	983	958	1,007	956	1094

Tábla 3.1: Daonra Daingean Uí Chúis de réir an trí Dhaonáireamh is déanaí

3.2 Pleanáil, Tithíocht agus Forbairt Fhisiceach

Tá fás seasmhach ar bhaile Daingean Uí Chúis, agus an cuid is déanaí den fhás seo aitheanta i leathnú ar theorainn thoghcheantar an bhaile chun píosaí de naoi mbaile fearainn imeallach a chuimsiú, mar atá ríofa thuas. Le roinnt blianta tá stop curtha le leathadh tógála ar imeall an chuain féin. Tá Droichead Bhaile an Mhuilinn ar an taobh thiar fós inaitheanta mar theorainn an bhaile agus ar an taobh thoir tá an oispidéal pobail nua ag barr Bhóthar an Phoist ar an aon phíosa forbartha a tógadh a shíneann imeall an bhaile soir beagán ón áit a raibh sé le tamall.

Saghas Áitíochta	Teaghlaigh	Daoine
Úinéir le morgáiste	121	316
Úinéir gan mhorgáiste	223	490
Ar cíós ó thiarna talún príobháideach	197	440
Ar cíós ón údarás áitiúil	135	301
Ar cíós ó chomhlacht deonach	3	5
Áitithe saor ó chíos	24	38
neamhráite	28	58
Iomlán	731	1,648

Tábla 3.2: Áitíocht Sa Daingean de réir Daonáireamh 2016

Léiríonn **Tábla 3.2** go bhfuil áitíocht sa Daingean roinnte beagnach cothrom idir tithe ina bhfuil an úinéir ag cur futhu (806 duine) – bíodh san le nó gan morgáiste – agus tithe ar cíós (746 duine). Tá formhór an fhorbairt nua a deineadh sa Daingean le fiche bliana anuas nó mar sin déanta ar an taobh thoir-thuaidh den bhaile, mar a bhfuil roinnt eastát tithíochta nua tar éis a dtógála. Is meascán de thithíocht shóisialta, tithe príobháideacha agus tithe samhraidh iad seo. Tá beagnach gach cuid den fhorbairt seo ar Sheanbhóthar na Conarach a ritheann ó An Gróbh, suas trí An Chuileannach agus Baile an Ásaigh go Baile an Bhúlaeraigh ar an taobh thiar den bhóthar nua. Tá eastáit nua tógtha ar an mbóthar faoiseamh (Bóthar na Grúdlainne) idir na heastáit thuasluaite agus Sráid Eoin. Meascán de thithe samhraidh agus tithe ar chíós fadtéarmach a bhí iontu seo faoi chúram GNBS (an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní – NAMA an Bhéarla). Díoladh an eastáit seo le creach-chiste le déanaí agus tá an cuid is mó de folamh anois, tar éis díshealbhú a raibh ann de dhaoine.

Aithnítear géarchéim tithíochta a bheith sa bhaile, gan a thuilleadh áiteanna ar cíós d'oibríteoirí na ngnónna fáiltithe (atá lárnach i ngeilleagar an bhaile) go léir ná do mhuintir na háite nach bhfuil sé d'acmhainn acu morgáiste a dhíol, agus cíós ag éirí de réir na heaspa soláthair seo. Níl aon foinse oifigiúil ó thaobh méid an chíosa mheánaigh, ach de réir fianaise na bhfógraí agus scéalta béil, ba dheacair tigh a fháil ar níos lú ná 800 euro sa mhí i mbaile Daingean Uí Chúis ar an margadh oscailte. Baineann cuid mhór de seo leis an éileamh idirnáisiúnta atá anois ar an mbaile mar cheann scríbe saoire. De dheasca seo, tá an-chuid thithe a bhíodh amuigh ar chíós fadtéarmach anois á úsáid i gcomhair lóistín 'Air B&B' gearrthéarmach do thurasóirí. Tá seo aitheanta go maith sa cheantar, le daoine a bhíodh ag cur futhu sa Daingean i dtithe ar cíós anois ag bogadh amach as an mbaile. Le fadhbanna den sórt céanna ag teacht chun cinn maidir le tithíocht sna paróistí thiar ón Daingean, tá níos mó daoine ag bogadh soir, a lán amach as an nGaeltacht Oifigiúil chomh fada le hAbhainn an Scáil nó níos faide i gcéin. Léiríonn **Tábla 3.3** thíos go raibh 752 áitreamh buan a raibh daoine ina gcónaí iontu sa Daingean i 2016 fad is go raibh 457 áitreabh buana nach raibh éinne ina gcónaí iontu ar chúis amháin nó cúis eile, (sin 38% den stoc tithíochta iomlán). Tithe saoire folmha ba ea 238 acu siúd (20% den stoc tithíochta iomlán).

Stádas Áitíochta	Áitribh Bhuana
Áitithe	752
Folamh go sealadach	18
Tithe Saoire Folmha	238
Áitribh Eile folmha	201
Iomlán	1,209

Tábla 3.3: Stádas Áitíochta áitreabh sa Daingean de réir Daonáireamh 2016

3.2.1 Ról an Chomhairle Contae

Maidir le ról na Gaeilge i bpleanáil agus forbairt an bhaile, tá a tábhacht aitheanta ag rannóg pleanála Comhairle Contae Chiarraí (CCC) sa Phlean Forbartha Áitiúil (PFA) reatha (2012-2018) mar seo a leanas:

The town has innate strengths including its harbour, scenery, leisure activities, culture and Irish language, all of which can be capitalized on to develop local markets and opportunities.

Tá an tábhacht seo tugtha san áireamh ag an bplean ina straitéisí ginearálta, a luann mar cheann dá aidhmeanna:

[to] promote and encourage the linguistic and musical heritage of the town.

Is maith agus is cuí don bplean aitheantas a thabhairt don Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis, ach tá tábhacht cultúrtha reatha níos forleithne ag gabháil léi ná an ról teoranta oidhreachta, turasóireachta agus tráchtála a thuigfí ón dá ráiteas thuas. Tá an fhíríc seo aitheanta i mír 2.3.3 den PFA – An Cultúr agus An Gaeilge – áit ina dtugtar aitheantas do Daingean Uí Chúis mar phríomhbhaile Ghaeltacht Chorca Dhuibhne. As sin leanann an mhír le cúig chuspóir mar seo a leanas:

AG-1 *Ensure that the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht in Daingean Uí Chúis is protected including the promotion of Irish as the community language.*

AG-2 *Ensure that an Irish language condition is placed on permissions for housing developments so as to mitigate the impact on this Gaeltacht area by non-Irish speakers. A minimum of 31% of housing developments zoned 'permanent residential' shall be reserved for Irish speakers. The standard of Irish required shall be determined and assessed by Kerry County Council.*

AG-3 *Ensure that all housing developments shall have Irish names only.*

AG-4 *Require a Linguistic Impact Statement for all housing schemes in excess of 4 or more units.*

AG-5 *To ensure that as many Council services are provided as far as possible through Irish.*

Cé gur baile laistigh den Ghaeltacht Oifigiúil é Daingean Uí Chúis, níor cuireadh aon choinníoll teanga ar thionscadal tithíochta ar bith – bíodh sé sóisialta nó príobháideach – ar an mbaile go dtí seo. Ós rud é go dtiteann an baile isteach i gCatagóir C, an stádas Gaeltachta is laige mar a mhínítear thíos i mír 3.7 – Staid na Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis, ní dócha go mbeadh an ceatadán tithe a chuirfí ar thaobh do cainteoirí Gaeilge in aon eastát ach íseal, ach fós b'fhiú don CCC féachaint ar seo mar shlí chun tacú – trín bpróiseas pleanála – lena chuspóirí féin i leith chaomhnú na teanga ar an mbaile.

3.3 An Córas Oideachais

Maidir leis an gcóras oideachais i nDaingean Uí Chúis, tá réimse cuimsitheach seirbhísí oideachais do dhaoine óga suas go leibhéal na meánscolaíochta. Tá idir naíolann, naíonra agus Montessori le fáil in Áiseanna na hÓige in Ard na Gréine ar an taobh thuaidh den bhaile. Mar chuid de Ghaeltacht Chorca Dhuibhne, tá an baile ina chuid den cheantar clúdaithe ag scéim Tús Maith de chuid Oidhreacht Chorca Dhuibhne (OCD). Seo scéim a chuireann tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá ag iarraidh a leanaí a thógáil le Gaeilge. Anuas ar na seirbhísí thuasluaite, cuirtear seirbhís iar-scoile ar fáil trí Ghaeilge in Áiseanna na hÓige do leanaí bunscoile.

Tá dhá bhunscoil ar an mbaile: Bunscoil an Chlochair ar Shráid an Ghabhair le 101 daltaí ag freastal sa scoilbhliain 2016/17 agus Bunscoil Iognáid Rís ar An Meal le 43 daltaí ag freastal sa scoilbhliain 2016/17. (***Córas Fáisnéise Geografaí (GIS) Amharcóir Pleanála Teanga, www.chg.gov.ie***.) Freastalaíonn idir buachaillí agus cailíní ar Bhunscoil an Chlochair suas go dtí deireadh an dara bhliain (Naíonáin Mhóra). Ina dhiaidh sin bogann na buachaillí síos go Bunscoil Iognáid Rís fad is a bhfanann na cailíní mar a bhfuil siad. Tá an dá bhunscoil tar éis clárú chun aitheantas mar scoileanna Gaeltachta a bhaint amach faoi pholasaí nua. Tá cainteanna i dtreo na bunuscoileanna seo a chomhnascadh ar siúl le tamall de bhlianta, gan mórán dul chun cinn le feiscint go dtí seo.

Tá meánscoil amháin ar an mbaile, Pobalscoil Chorca Dhuibhne, a ghlacann le buachaillí agus cailíní araon mar dhaltaí, ar a bhfuil 384 ag freastal don scoilbhliain 2016/17. (***Córas Fáisnéise Geografaí (GIS) Amharcóir Pleanála Teanga, www.chg.gov.ie***.) Freastalaíonn an Phobalscoil ní hamháin ar dhaltaí bhaile Daingean Uí Chúis féin, ach ar an limistéir ar fad ó Dhún Chaoin soir chomh fada le hAbhainn an Scáil. Is í an Ghaeilge príomhtheanga oibre agus teagaisc na scoileanna thuasluaite go léir. Cuid thábhachtach de bhuanú na Gaeilge sa cheantar í scéim 'An Droichead' atá feidhmeach sa mheánscoil ar bhonn leanúnach i gcomhar le Roinn na Gaeltachta. Scéim is ea í seo a thugann cabhair bhreise do dhaltaí a bhfuil Gaeilge lag acu chun iad a thabhairt suas go dtí an caighdeán is gá i scoil lánGhaeilge. Tá Pobalscoil Chorca Dhuibhne cláraithe leis an Roinn Oideachais chun stádas mar institiúid atá ag cur Moltaí Pholasaithe an Roinn Oideachais 2018 i bhfeidhm.

Maidir le cúrsaí oideachais do dhaoine fásta, tá Ionad Foghlama ag BOOC i nDaingean Uí Chúis, mar a chuirtear réimse cúrsaí litearthachta agus oideachais pobail ar fáil (m.sh. Béarla mar tarna theanga, litearthacht ríomhaireachta, grianghrafadóireacht, srl.). Baineann cáilíochtaí idir leibhéal 2 agus 6 ar scéim QQI (FETAC, mar a bhí tráth) leis na cúrsaí seo.

3.4 Seirbhísí do Dhaoine Óga agus do Dhaoine Scothaosta

Ní hionann agus clubanna/cumainn atá dírithe ar spóirt nó chaitheamh aimsire ar leith, níl seirbhísí/áiseanna sóisialta ginearálta do dhaoine óga ann i mbaile Daingean Uí Chúis i láthair na huair. Níl aon club óige ná spás tiomnaithe a fhreastalaíonn ar dhéagóirí. Bhí caife óige, 'An Moncaí Ocrach', a ritheadh ar bhonn dátheangach, ar Shráid an Droichid, ach dúnadh é le linn an chúlú eacnamaíochta ceal maoinithe. Tá seirbhís comhairleoireachta saor in aisce do dhaoine óga, Cuan Counselling, seirbhís trí Bhéarla den chuid is mó, atá ag brath ar shíntúis ón bpobal áitiúil don gcuid is mó.

Tá Trúpa Gasóg gníomhach i mbaile Daingean Uí Chúis, agus trúpaí do na leanaí níos óige chomh maith ('Beavers' 6-7 bliana d'aois agus 'Cubs' 8-9 bliana d'aois). Bíonn idir imeachtaí agus oiliúint sna grúpaí seo trí Bhéarla go príomha.

Bíonn réimse de ranganna aisteoireachta, rince, ceoil srl. do leanaí ar siúl ag dreamanna éagsúla ar an mbaile. Ní raibh sé ar ár n-acmhainn sa staidéar seo seiceáil a dhéanamh ar theanga oiliúna gach ceann acu, ach is cosúil ón méid a rabhamar in ann a fháil amach gurb é an Béarla an teanga a bhíonn á úsáid ag a bhformhór acu.

Tá ionad lae d'aosánaigh, Ionad Ghairdín Mhuire, ar Shráid an Dhoirín. Is ionad dátheangach é seo a chuireann réimse leatha seirbhísí riachtanacha ar fáil (béilí, iompar, citheanna, fisiteiripe, srl.), chomh maith le himeachtaí sóisialta agus deiseanna comhludair.

3.5 Seirbhísí Poiblí agus Gnó

Bíonn a lán seirbhísí poiblí – idir sheirbhísí rialtais áitiúla, seirbhísí rialtais náisiúnta agus seirbhísí leighis – ar fáil trí Ghaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis, ach is fíor nach mbíonn seo i gcónaí ar fáil i ngach cás, ach bíonn ag brath ar cé atá ar dualgas. Cé go dtuigeann muintir na Gaeltachta, don gcuid is mó, cad iad na háiteanna ar féidir leo Gaeilge a úsáid agus a bheith ag súil le freastal sásúil trithi, níl seo soiléir don té nach bhfuil taithí acu ar an mbaile. Níl an scéal seo sásúil, agus beidh aontú polasaí teanga foirmeálta le ar a a laghad le 50% de na seirbhísí poiblí ina chuid tábhachtach de chur i bhfeidhm PTDUC. Tá liosta de na príomhsheirbhísí poiblí ar an mbaile le fáil mar aguisín ag deireadh na caibidle seo.

Cé go bhfuil roinnt mhaith siopaí, tithe tábhairne, bialanna agus gnónna eile ar féidir le duine seirbhís trí Ghaeilge a fháil iontu, tá cuid mhaith eile de ghnónna an bhaile nach bhfuil seirbhís Ghaeilge ar fáil iontu. Ar aon dul síos leis an scéal maidir leis na seirbhísí poiblí, tá taithí ag muintir na háite ar seo, ach ní heol don gcuariteoir cé acu na háiteanna gur féidir Gaeilge a úsáid. Tá scóip anseo i gcomhair saghas liosta nó eolaire don mbaile – fé stiúr an Cumann Tráchtála le cabhair ó ÚnaG – a chuirfeadh eolas fé na gnónna ar an mbaile a ndéanainn freastal tré Ghaeilge.

3.5.1 Corca Dhuibhne ag Caint

Chun cabhrú leis an bhfadhb seo, bunaíodh scéim ar leith ar a tugadh , 'Corca Dhuibhne ag Caint' sa bhliain 2009. Bhí an scéim seo dírithe ar lucht freastail i ngnónna – ar oiliúint i seirbhís don gcustaiméir a chuir ar fáil dóibh, ar chomharthaíocht, agus ar acmhainní eile a sholáthar chun go mbeadh fhios ag

custaiméirí go raibh fáilte rompu a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge nua i mBéarla. Bhí baint ag lucht gnó an Daingin féin i bhforbairt an togra seo agus i ndearadh suaitheantais ar leith a thug leibhéal cumais Gaeilge an té a bhí á gcaitheamh le fios. Cuireadh seirbhís aistriúcháin saor in aisce ar fáil chomh maith. Comhfhiontair a bhí ann idir ÚnaG, OCD, agus Cumann Tráchtála an Daingin (CTanD) agus an Lucht Gnó, go háirithe na daoine a bhí páirteach as tsraith teilifíse “Mo Ghrá go Daingean” Dob é Dónal Ó Bric an t-ealaíontóir chluiteach ó Dhún Chaoin a dhear na suaitheantais i gcomhar leis na páirtithe thuas luaite. Bhí suas le 30 comhlacht cláraithe le Corca Dhuibhne ag Caint nuair a bhí sé i mbarr a réime.



D'éirigh go maith leis mar scéim go ceann roinnt blianta, ach bhí sé ag braith ar dhaoine a bheith ar scéimeanna fostaíochta chun an clár oibre a chur i bhfeidhm agus ní raibh aon sruth ná scéim maoinithe ar leith ar fáil agus an cúlú eacnamaíochta ag dul i dtreise ag an am. Níor cuireadh riamh deireadh leis an dtogra go hoifigiúil ach de réir a chéile, tháinig deireadh le feidhmiú an chlár oibre c. 2013 – 2014.

3.6 Seirbhísí Sóisialta, Caitheamh Aimsire agus Cúrsaí Turasóireachta.

Tá réimse leathan imeachtaí sóisialta agus caitheamh aimsire ar fáil i mbaile Daingean Uí Chúis, baile atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar cheann scríbe turasóireachta. Measann Comhaontas Turasóireachta Chorca Dhuibhne (CTCD) go dtugann thart ar 1.1 milliún duine cuairt ar Daingean Uí Chúis gach bliain (agus féach **Tábla 3.4** thíos). As ucht rathúlacht agus beocht an bhaile de bharr na turasóireachta sin, tá níos mó seirbhísí caitheamh aimsire, go háirithe, ná mar a bheifí ag súil leis i mbaile chomh beag.

In ainneoin seo, aithníodh le tamall fada go bhfuil dhá bhearna mhór, sa mhéid is **nach bhfuil ionad pobail ná ionad ealaíne ar an mbaile**. Déanainn Halla na Measarthachta agus na scoileanna seomraí a chur ar fáil d'imeachtaí ar nós ranganna spóirt agus clubanna éagsúla, ach le fírinne níl na hionaid seo oiriúnach agus níl siad ar fáil do gach ghrúpa den phobail. Tá géarghá le tógáil ionad phobail ceart sa bhaile, le háiseanna oiriúnacha ann do chlubanna spóirt, clubanna óige, cumainn éagsúla.

Níl aon **linn snámh poiblí** ar an mbaile. Tá ceann in Óstán na Sceilge, ach tá úsáid seo teoranta go dtí baill ionad fóillíochta an óstáin, seachas ar feadh cúpla uair a chloig ar an Satharn.

Tá **ionad spraoi** nuathógtha do leanaí taobh thiar den chúinne mar a mbuaileann Bóthar an Phoist agus An Cúilín le chéile. Ach cé go bhfuil na háiseanna ann nua-aimseartha agus d'ardchaighdeán, tá an spás féin róbheag agus an-phlódaithe. Ní haon mhalairt cheart é ar áiseanna **Páirc an Bhaile** ('An tÚllord'), spás lárnach le scóp maith agus faiche bhreá féir ann. Tá neamairt déanta ar na háiseanna sa pháirc seo le fada an lá, seachas na deiseanna atá ann spás iontach poiblí a fhorbairt do mhuintir an bhaile, an cheantair agus do chuairoteoirí. I láthair na huaire, tá fógra pleanála curtha in airde ar gheataí na páirce, ag rá go bhfuil sé i gceist ionad spóirt a dhéanamh as an bpáirc, áis a bheadh ag freastal ar riachtanais méid áirithe den daonra, ach nach mbeidh ag freastal ar dhaoine nach spéis leo spóirt a imirt nó cur lena gcuid aclaíochta.

3.6.1 Lóistín do Thurasóirí.

Mar a léirítear i **Tábla 3.4** thíos, tá 4,794 leaba do thurasóirí ar fáil i gCorca Dhuibhne, rud a chiallaíonn go mbíonn líon na gcuairteoirí dhá uair níos mó na daonra príomhbhaile na leithinse, Daingean Uí Chúis, nuair a bhíonn gach leabaigh lán.

Saghas Lóistín		Stoc Lóistín Chorca Dhuibhne	
	Sealúchais	Seomraí	Leapacha
Óstáin	7	295	717
Féinfhrestal	107	286	559
B&B/ Tigh Lóistín	94	284	623
Brú	9	50	307
AirBnB	588	1,294	2,588
Tithe Iomlán	353	1,059	2,118
Seomraí	235	235	470
Príobháideacha			
Iomlán	805	2,209	4,794

Figiúirí ó Staidéar Eispéiris Cuairtíochta Chorca Dhuibhne de chuid Fáilte Éireann

Tábla 3.4: Lóistín do thurasóirí ar leithinis Chorca Dhuibhne

3.6.2 Na hEalaín agus Féilte i nDaingean Uí Chúis

Ó thaobh cúrsaí ealaíne, níl – faoi láthair – aon ionad ealaíne ar an mbaile. Bhí An Lab lonnaithe ar feadh deich mbliana ó 2007 go dtí 2017 i SeanMhainistir na mBráithre Críostaí, agus imeachtaí ealaíne de gach aon saghas á eagrú is á léiriú ann, le béim ar leith ar an ealaín trí Ghaeilge. Ach bhí orthu bogadh amach nuair a díoladh an foirgneamh le hOllscoil Meiriceánach. Ba é An Lab an t-aon eagrás a bhí ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge, agus an Ghaeilge mar theanga oibre aige, i mbaile Daingean Uí Chúis, agus dhein An Lab obair mhór chun Gaeilge agus ealaíon na Gaeilge a chur ós comhair an pobail agus cuairteoirí araon sa bhaile. Tá tábhacht An Lab don nGaeilge do chúrsaí cultúrtha Gaeilge sa cheantar ar fad aitheanta i bPTCT cheana féin, mar a bhfuil Beart iomlán dá chuid féin dírithe air (“**Beart 6.12.4:** An Lab (sa Daingean) a fhorbairt go leanúnach mar lárionad Cultúrtha/ Ealaíne do phobal na Gaelainne sa LPT”). Anuas ar sin, ba le An Lab an t-aon amharclann saintógtha i nDaingean Uí Chúis, agus tá sé seo imithe leis anois. Bíonn roinnt ceolchoirmeacha á eagrú in An Díseart, i Sean-Chlochchar na mBan Rialta, agus i Séipéal San Shéamais, ach ní spásanna atá tiomnaithe ná saintógtha iad seo. Cuireann an comhlacht drámaíochta pobail Beehive Theatre drámaí Béarla ar stáitse anois is arís i spás atá acu i bhfoirgneamh de chuid ÚnaG i gCúilín, ach níl an spás seo lán-oiriúnach agus ó chuireadh deireadh le hionad An Lab níl aon amharclann a fhreagródh do riachtanaisí léiriú gairmiúil drámaíochta ar an mbaile.

Táthar, i láthair na huair, ag féachaint an bhféadfaí ionad pobail agus/nó ealaíon a dhéanamh as Sean-Ospidéal an bhaile. Ag tús Feabhra 2019, fógraíodh go bhfuil €415,000 curtha ar fáil ón gCiste Aithghiniúna agus Forbartha Tuaithe chun tabhairt faoi seo.

Ta an-tábhacht ag baint le féilte i nDaingean Uí Chúis agus is beag deireadh seachtaine den bhliain nach mbíonn féile nó ócáid éigin ar bun. i measc na bpríomhfhéilte ann tá Féile na Bealtaine, Other Voices, Féile Idirnáisiúnta Scannán an Daingin, Ráiseanna an Daingin, Regatta an Daingin agus Féile Bia Daingean Uí Chúis. Cuireann EnaG agus ÚnaG maoiniú ar fáil d'fhormhór na bhféilte seo agus bíonn coinníollacha teanga ag gabhail leis an dtacaíocht san. Is fiú aird a thabhairt ar an bpolasaí teanga a bhíonn i bhfeidhm (nó nach mbíonn) le linn na n-ócáidí seo agus treoir agus cúnamh a thabhairt dos na Coistí pobail a bhíonn ina mbun i dtaobh conas polasaí rathúil a fhorbairt agus a fheidhmiú.

3.7 Staid na Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis

Réamhrá - Cúlra ó thaobh meon/dearcadh an phobail ar an dteanga.

Bhraitheamar go raibh dhá dhúshlán nár mhór duinn a chur san áireamh agus Plean teanga an BSG seo á réiteach againn, agus is iad sin (a) stair an Daingin féin agus (b) an dearcadh a bhí ag Muintir an Daingin i leith an chuid eile de Ghaeltacht Chiarraí Thiar, agus an dearcadh a bhí ag muintir na Gaeltachta (eile) ar Bhaile an Daingin. Tá teannas áirithe ann a théann siar thar na glúnta. Seo mar shampla, a scríobh an file Piarais Feiritéir (c.1600 – 1653) duine des na huaisle Gaeil ó cheantair an Fheirtéirigh i gCorca Dhuibhne ina dhán cháiliúil *Mo thraochadh is mo shaoth rem ló thú* ar bhás Mhuiris, mhic Ridire Chiarraí a d'éag i bhFlóndras ina Chaptaen in arm na Spáinne:

*Ins an Daingean níor chaigil an ceol-ghol,
Gur ghlac eagla ceannaidhthe an chnósta,
Dá n-eagla féin níor bhaoghal dóibh-sin,
Ní chaoinid mná sídhe an sort sin.*

Ar aghaidh linn go dtí an fichiú haois. Seo ó alt a foilsíodh i *Comhar* (Bealtaine 2018) dár teideal *Soiscéal Bhliain na Gaeilge 1909* ag trácht ar shaothair Pheadar Ó hAnnracháin, duine de hathbheochóirí na Gaeilge:

Ag deireadh an tsamhraidh 1909, baineann Peadar Ó hAnnracháin an fód dúchais sa Sciobairín amach. Tá cuid mhaith d'Éirinn siúlta aige, agus staid na teanga feicthe aige. Tá sé idir dhá chomhairle faoin méid a chonaic sé. Is mór an tógáil croí dó an díograis a chonaic sé i measc na ndaoine, ach tá inní air faoi mheath na teanga ina lán áiteanna ar nós an Daingin:

Baile leathGhaelach is ea é fós. Níl aon bhaile eile chomh Gaelach leis sa Mhumhain, ná in aon ghar dó...ach de réir an fhuadair atá faoi dhaoine ann beidh sé chomh Gallda leis An Sciobairín lá éigin.

In ainneoin an oiread daoine gan Gaeilge atá bogtha isteach san áit, in ainneoin cúrsaí turasóireachta a bheith imithe thar fóir agus mórán athruithe eile nach iad, níl an lá san tagtha fós! Tá fós, Gaeilge le cloisint sa Daingean, cé go bhfuil gá go minic le hiarracht a dhéanamh í a aimsiú. An rud is mó a tháinig chun chinn le linn an taighde maidir le dearcadh an phobail ná an t-easpa muiníne a bhain leo maidir le labhairt na teanga. Braitheann cuid acu go mbíonn beag is fiú a dhéanamh ag pobal na Gaeltachta lasmuigh den Daingean díobh dá bharr. Cinnte, níl an saibhreas céanna le cloisint is a gheobhfá fós thiar ón Daingean, agus atá ag meath ar fuaid na Gaeltachtaí ar aon nós. Cuireann daoine i bpobal an Daingin d'aois áirithe cuid mhaith den mhilleán ar na scoileanna, ag dul siar go maith 'sna blianta. Níl an leithscéal san ann a thuilleadh. Tá scoileanna den scoth sa Daingean anois, is caighdeán árd mhúinteoireachta is Ghaeilge iontu. A rian le feiscint ar mhórán daoine óga na háite gur spéis leo an Ghaeilge. Is léir fós gur mionlach iad siúd ach is mionlach iad go bhfuil fás is forbairt ag teacht orthu. Is léir leis, gur mó an seans Gaeilge a bheith á labhairt ag daoine óga má léirítear spéis ag baile is má thagann tacaíocht ó thuismitheoirí. Tá sé fíor-thabhachtach go dtacódh an Plean Teanga leis na thuismitheoirí sin, ó thaobh forbairt a gcuid Gaeilge féin agus cabhrú leo chun an óige a mhealladh.

Tá comharthaí dhóchais ann cheana féin i measc an phobail i gcoitinne. Tá idir ranganna do dhaoine fásta, ciorcail comhrá agus le déanaí, Club Leabhair as Gaeilge ar siúl ar an mbaile. Tá chreidiúint ag dul do OCD as a gcuid iarrachtaí láidir thar na blianta go bhfuil toradh le feiscint orthu sa Daingean anois. Is gá do lucht PTDUC oibriú go dlúth leo.

Labhairt/Cumas Teanga na ndaoine sa BSG

Tá Daingean Uí Chúis mar BSG éagsúil ó fhurmór na BSG eile ós rud é go bhfuil sé ar cheann den trí BSG atá lonnaithe laistigh de LPT. Ar an mbonn sin, bheifí ag súil go mbeadh an Ghaeilge níos treise ann ná sna BSG eile agus go mbeadh sé i bhfad ós cionn an meáin náisiúnta ó thaobh labhairt na Gaeilge chomh maith agus is amhlaidh atá an scéal.

De réir daonáirimh 2011, dúirt 13.9% [265 duine] go labhrann siad Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. De réir Daonáireamh 2016 bhí an figiúr sin tite go 237 as daonra iomlán de 2,050, nó 11.9% (**Tábla 3.5**). Fágann seo go dtiteann Daingean Uí Chúis isteach i gCatagóir C – an chatagóir is laige – de réir an rangú ar Ghaeltachtaí atá molta sa Staidéar Cuimsitheach Taingeolaíoch (SCT) (Ó Giollagáin agus Charlton 2015), toisc go bhfuil níos lú ná 44% dá dhaonra iomlán (3bl.+) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Fós féin, sin 6.6 huairé an meán náisiúnta [1.8%], agus timpeall ceithre huairé níos airde ná Cathair na Gaillimhe [2.57%] agus Leitir Ceanainn [2.34%], na BSG eile atá ceadaithe le tabhairt faoi phlean teanga go dtí seo. Ag leanúint an treocht sna Gaeltachtaí ar fad, bhí titim ar an bhfigiúr seo ó Dhaonra 2006, tráth a dúirt 15.8% de mhuintir an bhaile go mbíodh Gaeilge á labhairt go laethúil acu lasmuigh den chóras oideachais. Fágann sin gur titim de 1.9% a bhí ann idir 2006 agus 2011, agus 2% idir 2011 agus 2016.

	Daonáireamh 2016	Daonáireamh 2011
Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais amháin	237	265
Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus go laethúil taobh amuigh den chóras oideachais	34	46
Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh den chóras oideachais amháin	251	252
Labhraíonn Gaeilge go laethúil taobh istigh agus anois agus arís taobh amuigh den chóras oideachais	0	6
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	152	177

Tábla 3.5: Cainteoirí Gaeilge i nDaingean Uí Chúis de réir minicíocht labhartha

An té a chaitheann tamall maith i nDaingean Uí Chúis, tuigfidh siad go bhfuil leibhéal labhairt na Gaeilge sa bhaile ceangailte go mór lena stádas mar phríomhionad ghnó LPTCT /Gaeltacht Chorca Dhuibhne. Cé go bhfuil líon beag daoine ann gur b'í an Ghaeilge a dteanga baile agus clainne, baineann an cuid is mó den Ghaeilge laethúil a labhrann muintir Daingean Uí Chúis leis an gceangal láidir sóisialta agus cumarsáide atá ann idir an baile agus an ceantar Gaeltachta thiar uaidh. Is cinnte go mbíonn sciar mhaith de mhuintir an LPT ar fad ag obair ar an mbaile,

ag ceannach is ag díol ar an mbaile, ag caitheamh proinn is ag ól ar an mbaile istoíche, ag cur futhu ar an mbaile agus ag tógáil clainne ann. Ní folair nú tá na daoine seo freagrach as cuid mhaith den Ghaeilge a chloistear is a labhartar i nDaingean Uí Chúis. Ach fós, tá sciar nach beag de mhuintir an bhaile féin a chaitheann saol dátheangach is atá lán-ábailta agus lán-sásta an Ghaeilge a labhairt, bíodh is go bhfuil sí bainteach níos mó lena saol oibre ná a saol baile. Tá formhór na ndaoine seo – agus daoine eile nach iad de mhuintir an Daingin – bródúil as stádas agus aitheantas a mbaile dúchais mar bhaile dátheangach, agus meas mór acu ar an nGaeilge dá réir. Tá fianaise againn ar an ndeá thoil seo ón méid a bhí le rá ag déagóirí de chuid Pobal Scoil an Daingean i ngrúpa fócais a réachtáladh le linn PTCT a bheith á réiteach. Seo an conclúid a bhain leis an ngrúpa fócais sin mar atá sé léirithe i bPTCT:

“Is léir go bhfuil meon an-dearfach ag déagóirí agus ag an bpobal i gcoitinne i leith na teanga. Ní theastaíonn ó éinne go gcaillfeadh an LPT a stádas Gaeltachta. Tá na daoine óga tiomanta don teanga agus iad meáite ar í a úsáid ina saol féin, an fhadhb ná fuairadar taithí shóisialta ar an teanga a úsáid agus gur fhorbair a gcuid Béarla níos fearr ná a gcuid Gaeilge. Tuigeann na déagóirí chomh maith go bhfuil an Ghaeltacht faoi bhagairt agus go mbeidh gá le cath tréan chun í a shábháil. Tá gá le síorphleanáil (cumasú na Gaeilge agus sóisialú trí Ghaeilge) mar sin, a aistroidh an dea-thoil seo i leith na teanga go húsáid ghníomhach. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an córas faoi láthair ag teip ar an nglúin óg seo. Tá fianaise ann mar shampla gurb é an Béarla is mó a bhíonn in uachtar go sóisialta fiú ina gcuid ranganna. Ní chumasaítear daltaí le Gaeilge scileanna ardoird smaointeoireachta a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Ní mór polasaí ina leith seo a bheith á fheidhmiú i measc múinteoirí meánscoile ach go háirithe.”

PT Chiarraí Thiar 5.5 Na mórthátail agus impleachtaí don phleanáil teanga

4. Léargas ar Ullmhú an Phlean

4.1 Ceanneagraíocht agus Coiste

Tar éis cruinnithe eagraithe ag ÚnaG le heagrais phobail an Daingin, roghnaíodh An Lab mar cheanneagras chun PTDUC a ullmhú i Mí na Samhna 2016. D'fhreastal Áine Moynihan, Stiúrthóir An Lab, ar cheardlann sa Phleanáil Teanga eagraithe ag ÚnaG i mBaile Chláir na Gaillimhe ar 14 Eanáir 2017 mar ullmhúchán roimh thosnú amach ar an bplean. B'í féin agus Oifigeach Litríochta An Lab, Simon Ó Faoláin a bhí freagrach as formhor na hoibre a bhain le taighde agus tiargáil an phlean a dhéanamh.

Ag an staid luath seo bhí cruinniú ag An Lab leis an saineolaí teangeolaíochta Muiris Ó Laoire. Bhí Muiris mar chomhairleoir ag OCD agus iad ag cur PTCT i dtoll a chéile, agus tá saineolas ar leith aige ó thaobh cúrsaí teanga an cheantair Gaeltachta seo, An Daingean san áireamh.

4.1.1 An Choiste

In Earrach 2017 thug An Lab faoi coiste a bhunú chun stiúradh, comhairle agus cabhair a thabhairt dúinn sa phróiseas pleanála. Daoine bunaithe ar an mbaile atá gníomhach i gcúrsaí pobail agus teanga a roghnaíodh. Seo a leanas seachtar mball an choiste:

Mícheál Ó Coileáin (Cathaoirleach),
Simon Ó Faoláin (Rúnaí),
Risteard Mac Liam,
Annette Cremin,
Muireann Nic Giolla Ruaidh,
Helena Ní Chonchúir,
Áine Moynihan

Tionóladh cruinnithe den choiste go mion minic le linn na tréimhse a raibh obair ullmhaithe an phlean ar siúl ó Márta 2017 amach.

Tugadh DanD mar ainm ar an ngrúpa seo chun idir dhealú a dheanamh idir iad agus An Lab agus is faoin ainm sin a eagraíodh agus a reachtáladh gach a bhain le h-ullmhú an Plean Teanga. Chuir an Lab cúntas bainc ar leith ar bun chun idirdhealú a dhéanamh idir ioncaim agus caiteachas An Lab agus ioncaim agus caiteachas an Phlean Teanga. Beidh DanD freagrach as forbairt agus feidhmiú PTDUC sa todhchaí mar atá mínithe i mír 9, Feidhmiú agus Monatóireacht, Feidhmiú Dúchas an Daingin.

4.2 Lógó, Fógraí agus Suíomh Gréasáin

Déanadh an cinneadh, agus sinn ag tosnú amach, go mbeadh gach ábhar bolscaireachta, comhfhreagras agus taighde iomlán dátheangach, ag teacht le próifíl teanga an bhaile. Aithníonn an polasaí seo, leis, go bhfuil an-chuid daoine ar an mbaile nach bhfuil Gaeilge mhaith acu ach atá báúil i leith na teanga agus go bhfuil a leanaí, i gcás tuismitheoirí, ag freastal ar scoileanna lánGhaeilge le tacaíocht iomlán na dtuismitheoirí úd.

Aithníodh on tús go mbeadh gá suaitheantas nó lógó inaitheanta a chruthú a tharraingeodh aird ar an togra is a spreagfadh suim phobal an bhaile. Coimisiúnadh lógó ón ngnó margaíochta Idirlinn, agus é bunaithe ar an bhfrása 'Dúchas Daingean Uí Chúis' (féach íomhá thíos).





Bhur dTeanga, bhur bPlean

Your language, your plan



Tá deis á tairiscint ag an rialtas do Dhaingean Uí Chúis a bheith ina Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá An Lab, Ionad Ealaíon na Gaeilge sa Daingean, agus pobal an bhaile i mbun plean.

Dingle is being offered an opportunity by the government to be a Gaeltacht Services Town. An Lab, Dingle's Irish Language Arts Centre, is forming a plan along with the townspeople.

Cuir do thuairim in iúl
Have your say!

Ceisteanna don bpobal.
Questions for members of the community.

CEISTNEOIR QUESTIONNAIRE

Ní Thógann Sá Ach 4 Nóiméad
Completion Time Only 4 Minutes

Tá deis á tairiscint ag Roinn na Gaeltachta do bhaile Dhaingean Uí Chúis aitheantas a bhaint amach mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Chulge sin, is gá plean teanga a dhéanamh. Tá An Lab ceaptha chun comhoirdniú a dhéanamh ar an bplean sin. Bunaithe ar an bplean teanga, cuirfidh an Roinn maoiniú hiontach ar fáil chun moltaí an phlean a chur i bhfeidhm thar tréimhse seacht mbliana. Táimid go háirithe ag lorg moltaí fé shlite practiciúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar an mbaile. Tá ceistneoirí gearra le fáil anseo thuas. Bheimis buíoch as bhur dtuairimí, i mBéarla nó i nGaeilge, is cuma. Níl sna ceisteanna ach treoir, agus cuirfead fáilte roimh oon rud eile gur mhaith libh a chur in iúl fén nGaeilge i nDaingean Uí Chúis.

The Department for the Gaeltacht is offering Dingle the opportunity to achieve recognition as a Gaeltacht Service Town. To do so, it is necessary to formulate a Language Plan. An Lab have been appointed to co-ordinate that plan. Based on the finished plan, the Department will make considerable funding available to implement it's measures over a 7 year period. We need to hear practical suggestions as to how Dingle's status as a bilingual town can be strengthened. We would be grateful for your opinions in either English or Irish. Short questionnaires can be found above. The questions are only a guide and we welcome any comments you care to share about the use of Irish in Dingle.



An Lab, An Meal,
An Daingean, Co. Chiarraí

087 3315664 nó
087 8546572

lab.an.daingin@gmail.com

Designed by: [Idrillum eCommerce](#)

Chun an pobal a chur ar an eolas faoin bpróiseas tógadh amach leathanach iomlán sa nuachtlitir shaor áitiúil, ag míniú cad a bhí le déanamh agus cad ina thaobh, leis an lógó nua ag an barr (féach an íomhá ar chlé). Anuas ar sin, chuamar ar An Saol Ó Dheas ar Raidió na Gaeltachta chun labhairt faoin bpróiseas agus a thábhacht ag tús an phróisis agus aon uair as sin amach go raibh cuid nua den taighde ag tosnú (m.sh. nuair a cuireadh ceistneoirí agus boscaí freagartha ar fáil in áiteanna poiblí ar nós na leabharlainne, agus nuair a tosnaíodh ag fógairt na grúpaí fócais éagsúla). Déanadh fógra ar pollaí leis an lógó agus iompaíodh é i bparáid Lá le Pádraig agus paráid Fhéile na Bealtaine sa Daingean (bhuaigh fógra An Lab an duais don lógó is fearr deartha i bparáid Lá le Pádraig). An cuid eile den am bhí an fógra ar thaispeáint lasmuigh d'oifigí An Lab sa tSeanMhainistir, Sráid Eoin.

Ina dhiaidh seo thosnaigh *Idirlinn* ar shuíomh gréasáin don bpleanáil teanga sa Daingean a dhearadh dúinn, suíomh a sheoladh i Mí Lúnasa 2017 (féach íomhá thíos den leathanach baile). Chomh maith leis an leathanach baile, tá leathanach ann ag tabhairt eolais soláite simplí faoin bpróiseas, cúis an phleanáil teanga agus an ceanneagras. Ar an tríú leathanach tá fáil ar cheistneoirí ar líne: ceann do mhuintir an bhaile agus ceann do chuirteoirí. Anuas ar bheith ina chabhair dúinne agus an plean á chur le chéile againn, tá sé i gceist go mbeidh an suíomh seo ann mar áis ag DanD agus iad ag cur an phlean teanga i bhfeidhm amach anseo agus go mbeidh siad in ann forbairt agus leathnú amach a dhéanamh air de réir mar a oireann dá riachtanais siúd. Tá teacht ar an suíomh ag <https://www.duchasandaingin.ie/>.

4.3 An Taighde

Agus sinn ag iarraidh meon an phobail a mheas agus smaointe an phobail a chloisint, cuireadh béim ar dtús ar cheistneoirí a chumadh. Déanadh amach trí cheistneoirí búnúsacha: ceann d'eagrais (bíodh gnóithe, seirbhísí poiblí nó saoráidí sóisialta agus caitheamh aimsire i gceist), ceann do dhaoine aonair den phobail, agus ceann do chuirteoirí.

4.3.1 Ceistneoirí do na hEagrais/Seirbhísí/Lucht Gnó.

Maidir leis na heagrais, roinneadh iad ina gceithre ghrúpaí: siopaí, gnóithe fáiltithe, seirbhísí poiblí, agus saoráidí sóisialta agus caitheamh aimsire. I gcás na seirbhísí poiblí agus na saoráidí sóisialta agus caitheamh aimsire, tá breis eolas le fáil in **Aguisín a 2** agus a **3**. Thug foireann An Lab cuairt ar gach ceann acu nó, sa chás nach raibh sin indéanta, cuireadh fón orthu go pearsanta chun iarraidh orthu bheith páirteach agus an ceistneoir a líonadh amach dúinn.

I gcás na siopaí agus na gnóithe fáiltithe, de bharr a iomadúil is atá siad ní raibh sé practiciúil teagmháil pearsanta a dhéanamh le gach ceann acu. Déanadh amach liostaí ionadaíoch don Lucht Ghnó bunaithe ar an gcuid acu a bhí bainteach le Corca Dhuibhne ag Caint (<https://cdagcaint.wordpress.com/gnolachtai-pairteach>) agus déanadh teagmháil leo chun an plean teanga a mhíniú/a phlé leo, agus iarraidh orthu an ceistneoir a líonadh dúinn, nó ligint dúinne dul tríd leo agus é a líonadh amach dóibh. Tá na liostaí ionadaíocha thíos. Tá sé tábhachtach a rá, ámh, gur chuir CTand agus CTCD araon an ceistneoir agus nóta faoin bpróiseas amach go dtí a mbaill go léir ar ár son, agus go raibh gach deis ag formhór mhór gnóithe an bhaile bheith páirteach sa taighde.

4.3.2 Ceistneoirí do Dhaoine Aonair

Chuir an dá bhunscoil sa Daingean – Bunscoil an Chlochair agus Bunscoil na mBráithre Críostaí – ceistneoirí abhaile leis na daltaí chuig a dtuismitheoirí. Bhí ceistneoirí agus boscaí freagartha ar fáil ó Iúil 2017 go dtí deireadh na bliana sna háiteanna seo a leanas: Leabharlann an Daingin, Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne, Banc na hÉireann, Banc Aontaithe Éireann. i ngach cás bhí an bosca agus an seastán leis na ceistneoirí curtha in áit sofheicthe, iad marcálta le lógó an phlean teanga agus fógra eolais faoin bpróiseas ina dteannta. Cuireadh fógra i gCorca Dhuibhne Beo chun daoine a chur ar an eolas faoin socrú seo agus chun a mbarúil a chur in iúl dúinn (féach íomhá trasna).



DÚCHAS
Daingean Uí Chúis
Language planning for Gaeltacht Services Town



An Lab
Ionad Ealaíon na Gaeilge
Daingean Uí Chúis

Ghaeilge sa Daingean: cad é do thuairim?
Irish in Dingle: what do you think?

Tá próiseas comhairliúcháin ar bun fé láthair chun plean teangan a dhéanamh do Dhaingean Uí Chúis chun go mbainfeadh an baile amach stádas oifigiúil mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Mar chuid den phróiseas sin tá An Lab ag lorg tuairimí ghnáthphobal an bhaile fé úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge sa Daingean. Chuige sin, tá ceistneoirí gearra agus boscaí poist ar fáil sna bainc (AIB agus Banc na hÉireann) agus an Comhar Creidmheasa. Ní gá ach an ceistneoir a líonadh amach agus a chur isteach sa bhosca poist taobh leis. Beimid buíoch as bhur dtuairimí a roinnt linn, dubh, bán nó riabhach.

A consultation process is currently ongoing to help form a language plan for Dingle so that the town can achieve official status as a Gaeltacht Services Town. As part of this process An Lab is seeking the opinions of townspeople regarding the use of Irish in the town and how best to advance this. To that end, short questionnaires and post boxes have been placed in the banks (AIB and Bank of Ireland) and the Credit Union. You only have to fill in the questionnaire and pop it in the box beside it. We would be grateful if you would share your opinions with us, whatever they may be.

Cuireadh ceistneoir ar-líne do dhaoine aonair in airde ar shuíomh gréasáin PTDUC. Níor bhain mórán daoine úsáid as seo. Seans go raibh an deis tapaithe cheana féin ag a bhformhór acu siúd gur suim leo freagra a thabhairt, trí cheann des na slite thuasluaite chun ceistneoir a líonadh. Ach ar eagla go raibh líon suntasach de mhuintir an bhaile ann nach raibh a dtuairimí curtha in iúl acu agus a bheadh sásta seo a dhéanamh trí mheán an idirlín, tógadh amach fógra leathaigh iomláin ar chlúdach cúil iris Chorca Dhuibhne Beo chun feasacht a ardú timpeall ar an suíomh gréasáin (féach an íomhá thíos).



Tá deis á tairiscint ag an rialtas do Dhaingean Uí Chúis a bheith aitheanta mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Tá An Lab ag cabhrú libh chun bhur bplean a chur le chéile.

Dingle is being offered an opportunity by the government to be recognized as a **Gaeltacht Services Town**. An Lab is engaged in facilitating your plan.

Chun do thuairim faoi thodhchaí na Gaeilge sa Daingean a chur in iúl, tabhair cuairt ar shuíomh ghréasáin an phlean ag:

To have your say on the future of Irish in Dingle town, visit the Plan's website at:

www.duchasandaingin.ie

An Cuma Leat?

Do You Care?

Más ea, Abair Linn ar an Suíomh...

If so, Visit our Site and Tell Us...



Anuas ar an suirbhé ar líne ar shuíomh idirlíon DanD, fuarthas na torthaí ó shuirbhé ar líne déanta ag OCD agus iad i mbun réamhthairbhí do PTCT, ar chríochnaíodh i 2017. San iomlán, d'fhreagair 432 duine ó cheantracha éagsúla i gCiarraí Thiar agus níos faide i gcéin an suirbhé seo. Déanadh scagadh ar na freagraí seo chun teacht ar na cinn a bhaineann le baile An Daingin, idir dhaoine ón mbaile ó dhúchas agus daoine ag cur futhu sa bhaile. Bhí 57 freagra ann a bhain leis an Daingean i gceann den dá shlí sin. Ós rud é go raibh mór thairbhí déanta ag Ceanneagraíocht Chiarraí Thiar ar an LPT ar fad a beartaíodh úsáid a bhaint as torthaí an tsuirbhé sin seachas ceann suirbhé mór eile a dhéanamh chomh luath ina diadh, ach níor tuigeadh ag an am go raibh an líon ón nDaingean a ghlac páirt sa tsuirbhé íseal. Bhí deis mar sin féin ag an bpobal tríd na siopaí oibre, cruinnithe poiblí agus suirbhé ar líne tionchur a imirt dá mba mhaith leo. Le feidhmiú Plean Teanga DanD beidh deis níos mó feasachta/spéis ar thábhacht na teanga don mbaile féin a chothú.

4.3.3 Ceistneoirí do Chuartheoirí

Cé go mbaineann tábhacht na mBSG go príomha le seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na Gaeltachta, is baile mór turasóireachta é An Daingean. Luaigh cuid de lucht ghnó an bhaile linn an tábhacht a bhaineann le cultúr agus teanga na Gaeilge mar Gné Uathúil Dhíolacháin – USP, (nó 'Unique Selling Point' as Béarla) nach bhfuil a leithéid ag bailte turasóireachta eile atá i gcomórtas leis An Daingean, leithéidí Cill Airne nó An Neidín. Bhí daoine eile ar an mbaile a líon amach an ceistneoir nach raibh an leibhéal feasachta céanna acu ar thábhacht an chultúir agus go háirithe tábhacht na teanga do ghéilleagar an bhaile. Ar an mbonn sin, chinnigh an coiste gur b'fhiú ceistneoir do thurasóirí a réiteach is a cur ar fáil, mar shlí chun ról na Gaeilge i mealladh turasóirí agus i gcruthú fostaíocht a chur os comhair súl na n-áitreamhach. Dar ndóigh, más féidir feabhas a chur ar sheirbhísí agus feiceálacht na Gaeilge ar an mbaile ar mhaithe le tionscal na turasóireachta, ní féidir gan feabhas a chur ar na cúrsaí seo do mhuintir na Gaeltachta a ndéanainn a ghnó sa Daingean.

Déanadh amach ceistneoirí simplí do thurasóirí. Ghlac cúpla gnóithe áitiúla a dhéanann turasanna timpeall iarthar na leithinse leis na ceistneoirí agus cuireadh leagan digiteach in airde ar an suíomh gréasáin. Caithfear a rá nár líonadh amach ach timpeall ar dhosaen de na ceistneoirí seo ach bhí gach ceann acu dearfach i leith na Gaeilge agus thug an cuid is mó acu le fios go raibh tábhacht ag baint leis an nGaeilge agus a cultúr o thaobh an taitheamh a bhaineadar as an gcúirt ar an gceantar.

Grúpaí Fócais do Phlean Teanga an Daingin

Focus Groups for Dingle Language Plan

Abair Leat! / Have Your Say!

Cuireadh do dhaoine ag obair san éarnáil fáiltithe agus sna seirbhísí poiblí

Invitation to people working in the hospitality sector and in public services.

Tá An Lab ag reachtáil sraith de ghrúpaí fócais mar chuid de chruithú Pleain Teanga do bhaile Daingean Uí Chúis chun stádas mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach. Déanfaidh na grúpaí seo plé neamhfhoirmeálta ar ról na Gaeilge i saol an bhaile agus conas an Ghaeilge a chur chun cinn is a dhéanamh níos feiceálaí sa Daingean. Cuirfear fáilte roimh éinne ar mhaithe leo a bheith páirteach ann, ach teagmháil a dhéanamh leis An Lab ag 087 3315664 nó lab.an.daingin@gmail.com nó díreach teacht ar an lá. Beidh na grúpaí fócais ar siúl sa Mhol Digiteach, An Cúilín.

An Lab are organizing a series of focus groups as part of putting together a Language Plan which will allow Dingle to be recognized as a Gaeltacht Services Town. These focus groups will informally discuss the role of Irish in the town and ways to promote the language and make it more visible in Dingle. Everyone is welcome to participate and can contact An Lab at 087 3315664 or lab.an.daingin@gmail.com or just turn up on the day. All focus groups will take place in DingleHub, Cooleen.

Céadaoin 24 Eanáir @ 4in, Grúpa Fócais d'oibrithe/úinéirí sna gnón-na fáiltithe: tithe lóistín, óstáin, bialainn, caiféanna agus pubanna sa Daingean.

Wednesday 24 January @ 4pm, Focus Group for workers/owners in the hospitality business: B&Bs, hotels, restaurants, cafés and pubs in Dingle.

Céadaoin 31 Eanáir @ 6in, Grúpa Fócais dóibh siúd a oibríonn sna seirbhísí poiblí sa Daingean.

Wednesday 31 January @ 6pm, Focus Group for public service workers in Dingle.



4.3.4 Grúpaí Fócais

Tionóladh cúig ghrúpa fócais dírithe ar chodanna éagsúla de mhuintir an Daingin idir Mí na Samhna 2017 agus Feabhra 2018 (féach thíos). Seachas an ceann deireanach (a bhí teoranta do bheirt phríomhoidí na mbunscoileanna sa Daingean agus bainisteoir an naíonra amháin), bhí na cruinnithe seo oscailte do gach éinne sa phobal. Fógraíodh iad roimh ré sa nuachtlitr áitiúil Corca Dhuibhne Beo, ar An Saol Ó Dheas agus Clár na bhFógraí ar Raidió na Gaeltachta (féach, mar shampla, an íomhá ar chlé). Anuas ar an méid sin, chuaigh foireann An Lab timpeall cúpla lá roimh gach cruinniú, ag iarraidh ar chuid mhaith de bhaill na ngrúpaí a bhain le hábhar bheith i láthair. In ainneoin siúd is uile, bhí tinreamh íseal ar na grúpaí fócais. Is fíor le rá, ámh, go raibh an líon beag daoine a tháinig an-chabhrach agus go bhfuair eamar smaointe agus moltaí fiúntacha ag gach ceann de na grúpaí fócais.

Dáta	Grúpa Fócais
29/11/2017	Lucht na Siopaí
24/01/2018	Lucht na nGnónna Fáiltithe
31/01/2018	Oibrithe sna Seirbhísí Poiblí
07/02/2018	Lucht na Saoráidí Sóisialta
22/02/2018	Lucht ceannais na mBunscoileana/an Naíonra

4.3.5 Cruinniú Comhairliúcháin Poiblí

Tionóladh cruinniú poiblí ar 21 Meitheamh 2018 in Óstán Benner ar an mbaile. Faoin am seo bhí scagadh déanta ar na moltaí a tháinig isteach ó na grúpaí éagsúla a chuathas i gcomhairle leo, agus bhí bearta leathana déanta ag an bhfoireann ag freagairt do na mianta a léiríodh sna moltaí úd. Is é a bhí i gceist leis an gcruinniú ná tuairimí mhuintir an bhaile a fháil faoi cad iad na slite praiticiúla, coinchréideacha chun na mianta seo a chomhlíonadh laistigh den phlean teanga. Chun poiblíocht a dhéanamh ar seo fógraíodh an cruinniú le fógra leathanach iomlán i *Corca Dhuibhne Beo* (féach trasna), ar Raidió na Gaeltachta agus ar Radio Kerry. Anuas ar an méid sin priontáladh bileoga agus tugadh timpeall iad go dtí cuid mhór de ghnónna agus seirbhísí poiblí an bhaile.

Ar thráthnóna an cruinnithe bhí breis agus daichead duine i láthair, slua a bhíomar sásta leis, go háirithe tar éis a leimhe is a bhí tinreamh na ngrúpaí fócais. Anuas ar ghnáthshaoránaigh aonair, bhí ionadaithe i láthair ó na seirbhísí leighis, an CTanD, CTCD, ÚnaG, Transition Chorca Dhuibhne, An Seó Talmhaíochta, OCD agus an CCC.

Bhí Cathaoirleach Choiste an Phlean Teanga, Mícheál Ó Coileáin, ina chathaoirleach ar an gcruinniú. Tar éis do Rachel Ní Riada ó ÚnaG fáilte a chuir roimh an slua, labhair Áine Moynihan faoi thábhacht an phróisis pleanála teanga don nGaeilge agus do bhaile Daingean Uí Chúis sa lá atá inniu ann, agus d'iarr sí ar mhuintir an bhaile an deis dhéanach seo a thapú. Ina dhiaidh sin thug Simon Ó Faoláin cur i láthair faoin bpróiseas go dtí seo, go háirithe an tslí a chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara an phlean chun a dtuairimí a fháil. Don gcuid deireanach den gcruinniú – agus an cuid is tábhachtaí – roinneadh an slua idir chúig bhord chun na bearta a phlé. Bhí na bearta roinnte ina gcúig rannóg – Saoráidí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire, An Córas Oideachais, An Earnáil Ghnó agus Seirbhísí Poiblí – agus glac gach ceann de cheithre bord freragracht as féachaint ar rannóg amháin acu, leis an chúigiú bord ag déanamh léargas geinearálta ar na rannóga ar fad. Tar éis timpeall 45 nóiméad de phlé, do sheas duine ó gach bord, duine i ndiaidh a chéile, is labhair faoi tuairimí agus bearta molta an bhoird. Bailíodh na moltaí scríofa uathu ag deireadh an chruinnithe. Chríochnaigh an cruinniú le focal buíochais ó Áine Moynihan agus cúpla focail ó Simon Ó Faoláin faoi cad iad na céad céimeanna eile i dtreo chríochnú an phlean.

Ba é an cruinniú poiblí sin an cuid dheireanach den phróiseas comhairliúcháin. Ina dhiaidh sin tugadh faoi scríobh an phlean.

Cruinniú Poiblí / Public Meeting

An Ghaeilge sa Daingean agus Plean Teanga an Daingin Irish in Dingle town and the Language Plan for Dingle

Déardaoin 21 Meitheamh @ 7.30in in Óstán Benner

Thursday 21 June @ 7.30pm in Benner's Hotel

Cathaoirleach /Chairperson: Mícheál Ó Coileáin

Moltaí agus tuairimí Phobal an Bhaile á lorg / Townspeople's suggestions and opinions needed

Tá an taighde don bPlean Teanga, a chuaigh i gcomhairle le réimse leathan de phobal an bhaile, críochnaithe. Anois tá sé in am beartanna praiticiúla a dhéanamh amach bunaithe ar seo. Tá aithmeanna agus moltaí geinearálta curtha le chéile ag foireann an phlean bunaithe ar thuairimí an phobail. Táthar ag lorg moltaí ó mhuintir an bhaile féin slí is fearr chun na haidhmeanna seo a bhaint amach tré bheartanna coinchréideacha a chur sa phlean. Is féidir na moltaí/aithmeanna a fheiscint roimh ré ach cuairt a thabhairt ar:

www.duchasandaingin.ie

The research for the Dingle Language Plan, which consulted widely with the townspeople, is complete. It is now time to form practical measures arising from this. The Language Plan team have made out general proposals and aims based on feedback from the townspeople. Now suggestions are wanted from the public as to the best way to fulfil these aims through turning these proposals into concrete measures in the plan. The aims/proposals can be read in advance at:

www.duchasandaingin.ie

Ná cail an deis dheireanach do thuairimí a bheith san áireamh sa Phlean!

Don't lose this final chance to have your opinion reflected in the Plan!



5. Torthaí an Taighde

5.1 Taighde Cainníochtiúil

Tá na sonraí pléite sa chuid seo den mhír tógtha ó shuirbhé ar líne déanta ag OCD agus iad i mbun réamhthaighde do PTCT, a chríochnaíodh i 2017. San iomlán, d'fhreagair 432 duine ó cheantracha éagsúla i gCiarraí Thiar agus níos faide i gcéin an suirbhé. Déanadh scagadh ar na freagraí seo chun teacht ar na cinn a bhaineann le baile An Daingin, idir daoine ón mbaile ó dhúchas agus daoine ag cur futhu sa bhaile. Bhí 57 freagra ann a bhain leis an Daingean i gceann den dá shlí sin. Sin thart ar 2% de dhaonra an bhaile de réir Daonaireamh 2011. Níl eolas ar fáil ag an bpointe seo cén fáth nár ghlac níos mó de phobal an Daingin páirt sa tsuirbhé seo, ach tá seans ann gur cheap siad gur bhain sé leis an gceantar laistiar den nDaingin seachas le baile Daingean Uí Chúis.

Ní sampla mór é seo le bheith ag déanamh anailís staitisticiúil air, ach is fiú anailís bhunúsach a dhéanamh air. Caithfear cuimhneamh i gcónaí, ámh, nach bhfuil sa mhéid seo ach sampla deonach, a bhfuil a bhformhór acu, báúil don nGaeilge (d'aontaigh 93% d'fhreagróirí go raibh sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge beo, agus dúirt 95% go mba mhaith leo go mbeadh pobal láidir Gaeilge i gCorca Dhuibhne sa todhcháí). Fágann seo go bhféadfadh go bhfuil dearcadh dearfach i leith na Gaeilge i measc na bhfreagróirí seo níos airde ná i bpobal an Daingin i gcoitinne ós rud é go raibh sé le tuiscint ós na ceistneoirí go raibh formhór na ndaoine a fhreagair na ceisteanna báidhiúil don nGaeilge. In ainneoin na claontachta seo, tá an suirbhé áisiúil mar fhaisnéis don bpróiseas pleanála teanga, mar is iad seo na daoine is mó is fiú éisteacht leo toisc gur b'iad is mó a bheadh sásta iarracht níos mó a dhéanamh i leith na Gaeilge is a thuigeann na dúshláin a bhaineann le feabhas a chur ar stádas reatha na Gaeilge sa Daingean.

Tá ainilís déanta ar an méid eolais a bhailíomair déanta i bhfoirm cairt-phíoga chun an t-eolas a roinnt i bhfoirm atá éasca le léamh/tuiscint. De bharr ná raibh ach corr uimhir (57) páirteach sa tsuirbhé – uimhir nach feidir a roinnt go cothrom – deineadh iomlánú ar líon na ndaoine anso is ansúd. Ciallaíonn sé sin go bhfuil 101% nó 99% mar shuim iomlán ar chuid des na cairteanna/píoga.

Fig. 5.1.1: An Teanga inar fhreagraíodh an ceistneoir

Bhí tromlach na bhfreagraí líonta amach as Béarla, seachas as Gaeilge (féach **figiúr 5.1.1** trasna), rud a d'fhéadfadh a thabhairt le fios gur daoine atá níos compórdaí leis an mBéarla in ainneoin an dea-mhéin i leith na Gaeilge a léiríonn formhór na bhfreagraí, ach níl aon chruthunas againn ar an dtuairim sin.




Fig. 5.1.2: Cad as duit?

Ón Daingean ó dhúchas ab ea 47% de na freagróirí, le 13% ó cheantar eile ar Chorca Dhuibhne, agus 40% nach ó Chorca Dhuibhne dóibh (féach **Figiúr 5.1.2** trasna). Cé gur líon beag a bhí páirteach sa tsuirbhé tá an t-eolas ag teacht leis an dtuairim coitean go bhfuil an chuid daoine ó cheantracha agus tíortha eile boghtha isteach sa cheantar. Ach sin ráite, ní dócha go bhfuil níos mó ná leath na ndaoine ar an mbaile nach ón mbaile ó dhúchas, rud a chiallódh go raibh tearcionadaíocht ag áitribhgh dhúchasacha an bhaile sa suirbhé, cé nach féidir bheith cinnte faoi seo.





Fig. 5.1.3: Cá bhfuil cónaí ort?

Taispeánann **Figiúr 5.1.3** gur b'ionann agus 11% de fhreagróirí daoine ón Daingean ó dhúchas ach atá ina gcónaí i gceantar eile de Chorca Dhuibhne anois agus gur daoine atá ina gcónaí ar an mbaile an 89% eile.






Fig. 5.1.4: Cén teanga atá á húsáid go laethúil agat sa bhaile?


Léiríonn **Figiúr 5.1.4** go bhfuil úsáid na Gaeilge ag a baile i measc na bhfreagróirí an-lag. Níor luaigh aon duine acu gur Ghaeilge amháin a bhíonn á húsáid acu sa bhaile, agus níor dúirt ach 5% gur b'é an Ghaeilge a ngnáth-theanga sa bhaile. D'fhéadfaí a mhaíomh nach bhfuil an sampla seo ionadaíoch ar phobal iomlán an bhaile, ach, mar a bhí ráite thuas, tá seans gur b'iad na

daoine is báúla don nGaeilge a d'fhreagair an ceistneoir, agus dá bhrí sin go bhfuil cuid des na daoine leis an nGaeilge is láidre sa bhaile ina measc siúd, cé go bhfuil gá le níos mo taighde a dhéanamh chun é seo a fhíorú. Is léir nach bhfuil Gaeilge á labhairt mar ghnáth theanga bhaile ag mórán de phobal an Daingin, rud a thagann le fianaise starógach ó phríomhoidí na mbunscoileanna ar an mbaile, a deireann go bhfuil roinnt mhaith blianta ann ó bhí aon chainteoir dúchais Gaeilge ag teacht isteach sna scoileanna ó theaghlach ar bith ar an mbaile.

Fig. 5.1.5: Cumas Gaeilge (féinmheasta)

In ainneoin na cosúlachta nach bhfuil an Ghaeilge mar chéadtheanga in aon tigh ar an mbaile, d'fhéadfaidh ábhar dóchais a bheith ann do thodhchaí na teanga sa Daingean sa mhéid is go bhfuil 39% acu siúd a d'fhreagair an suirbhé a mheasann iad féin mar chainteoirí ó dhúchas nó cainteoirí líofa. Má chuirtear an 16% a mheasann gur cainteoirí maithe iad leis sin, tá beagnach leath d'fhreagróirí go bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu. Is fíor, áfach, go mbeadh an fhiigiúr seo i bhfad níos ísle maidir le cumas Gaeilge phobal An Daingin i gcoitinne. Mar a luadh i Mír 3 den

phlean seo thuas, i nDaonáireamh 2016 dúirt 11.9% de mhuintir an bhaile [237 duine] go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Dar ndóigh, ní ghá go bhfuilid seo ar fad ina gcainteoirí maithe mar ní thugann an Daonáireamh faisnéis ar bith faoi leibhéal cumais Gaeilge.







Fig. 5.1.6: Cé chomh minic is a labhraíonn tú Béarla le duine a bhfuil fhios agat go bhfuil Gaeilge acu?

Léiríonn **Figiúr 5.1.6** trasna go bhfuil an-chuid deiseanna nádúrtha chun Gaeilge a labhairt i measc phobal an Daingin á gcailliúint, idir iadsan a dúirt go labhrann siad Béarla le duine a bhfuil Gaeilge aige gach lá (37%) agus na daoine a dúirt go ndéanainn siad amhlaidh go minic (41%). Tá beagnach 80% de mhuintir an bhaile a labhrann Béarla le daoine go rialta beag beann ar Ghaeilge a bheith acu nó gan Gaeilge a bheith acu.

Fig. 5.1.7: Cén fáth a labhraíonn tú Béarla le duine má tá Gaeilge ag an mbeirt agaibh?

I **Fig. 5.1.7** tugtar na cúiseanna a labhartar Béarla le duine a bhfuil Gaeilge acu. Baineann cuid acu le cleachtas bunaithe ('Is nós é anois', 21% agus 'Cuireamar aithne ar a chéile trí Bhéarla', 16%). Tá a leithéidí thar a bheith deacar a athrú. Ach ar an taobh eile, baineann níos mó ná leath na bhfeagraí le heaspa muiníne, bíodh easpa muiníne an fhreagróra (41%) nó easpa muinín an té eile (9%) i gceist. Is féidir dul i ngleic le fadhbanna muiníne trí uchtach cainteoirí a



mhéadú. Cabhraíonn an-chuid beart chun seo a dhéanamh, idir bearta a chuireann le cumas an chainteora (ranganna, ciorcail chomhrá, srl.) agus bearta a chuireann le timpeallacht atá báúil don gcainteoir Gaeilge (comharthaí a thugann le fios go bhfuil Gaeilge ag oibríteoirí agus lucht freastail i ngnóithe/eagrais, ábhar scríofa a bheith dátheangach, srl.). Is léir go bhfuil deiseanna anseo gur féidir leis an bpleanáil teanga iad a thapú.

Úsáid na Gaeilge – Cá labhraíonn tú í agus cé chomh minic?

Cé chomh minic is labhraíonn tú an Ghaeilge sna háiteanna seo?

	Sa bhaile	Ag an Obair	Sa Chomharsanacht	Le Cairde	Sna Siopaí	Go Sóisialta
I gCónaí	3 (5%)	9 (16%)	2 (4%)	1 (2%)	0	1 (2%)
Go Minic	15 (26%)	14 (25%)	14 (25%)	13 (22%)	6 (11%)	8 (14%)
Anois is arís	20 (35%)	10 (18%)	17 (30%)	21 (37%)	28 (49%)	23 (40%)
Go hAnnamh	16 (28%)	15 (26%)	20 (35%)	18 (32%)	20 (35%)	21 (37%)
Riamh	2 (4%)	2 (4%)	2 (4%)	1 (2%)	1 (2%)	1 (2%)
Gan Freagra	1 (2%)	7 (12%)	2 (4%)	2 (4%)	2 (4%)	3 (5%)

Tábla 5.1.1

Conclúd

Tugann **Tábla 5.1.1** briseadh síos ar na freagraí a tugadh ar réimse ceisteanna ar na háiteanna/comhthéacsanna mar a labhartar Gaeilge ar an Daingean. Don gcuid is mó, níl athrú suntasach ó áit/comhthéacs amháin go dtí a chéile. Is dealrathach go léiríonn seo nach athraíonn cleachtas teanga duine ó chomhthéacs amháin go comhthéacs eile. Is é sin le rá go mbíonn duine a labhrann Gaeilge go minic i gcomhthéacs amháin ag labhairt Gaeilge go minic i ngach comhthéacs, agus mar sin de ó thaobh gach minicíocht. Sonra seachránach amháin ná go luann triúr go labhraíonn siad Gaeilge i gcónaí sa bhaile, nuair nár luaigh éinne in aon chor gur b'é Gaeilge an teanga baile acu. Is deacair an neamhréireacht seo a mhíniú. Lasmuigh de seo, léiríonn na figiúirí go bhfuil úsáid na Gaeilge níos ísle sna catagóirí 'i siopaí/gnóithe' agus 'go sóisialta' ná sna catagóirí eile sa tábla, le níos lú daoine ag úsáid an Gaeilge go minic sna cásanna seo. Seans go bhfuil seo toisc go mbaineann an dá chatagóir seo níos mó leis an saol poiblí ná na catagóirí eile, nó gur minicí do na freagróirí a bheith ag caint le daoine nach bhfuil aithne mhaith acu ortha ná sna catagóirí eile. Tá sé suimiúil gur b'é an comhthéacs is mó ina labhraíonn freagróirí Gaeilge i gcónaí ná an láthair oibre (16%). Tá sé deacair é seo a mhíniú, ach seans gur b'é de bharr go mbíonn cuid dá n-obair ag baint le cumarsáid a dhéanamh le, nó freastal a dhéanamh air, daoine ó na ceantracha Gaeltachta níos láidre thiar ón mbaile.

Ag baint úsáid as an nGaeilge i réimse na seirbhísí áitiúla, seirbhísí de chuid an stáit agus seirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte

	Seirbhísí Áitiúla	Seirbhísí Stáit	Seirbhísí Sláinte
I gCónaí	0	0	0
Go Minic	9 (16%)	3 (5%)	2 (4%)
Anois is arís	17 (30%)	7 (13%)	11 (19%)
Go hAnnamh	24 (44%)	32 (57%)	30 (53%)
Riamh	4 (7%)	11 (20%)	11 (19%)
Gan Freagra	3 (5%)	3 (5%)	3 (5%)

Tábla 5.1.2

Conclúd

I gcomhthéacs seirbhísí áitiúla, seirbhísí stáit, agus seirbhísí sláinte, tá na figiúirí de réir an sampla beag seo an íseal ó thaobh úsáid na Gaeilge. Ní úsáideann aon duine an Ghaeilge i gcónaí in ngach ceann de na comhthéacsanna sin, agus tá na figiúirí íseal go maith ó thaobh na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go minic nó anois is arís. Ar an dul síos céanna, tá na figiúirí do dhaoine nach n-úsáideann í ach go hannamh, nó nach n-úsáideann í riamh, níos airde.

Tá níos mó daoine ag baint úsáid as an nGaeilge agus iad i mbun seirbhísí áitiúla a úsáid ná sa dá chomhthéacs eile. D’fhéadfá a rá gur léiriú é seo go bhfuil cleachtas agus tuiscint seanbhunaithe ann gurb é Béarla gnáth theanga i réimse na seirbhísí stáit – seirbhísí sláinte san áireamh.

I gcás na seirbhísí sláinte, cé go bhfuil Gaeilge ag formhór na ndochtúirí, na bhfiacloirí agus na poitigéirí ar an mbaile de réir an taithí pearsanta ata ag an te atá a scríobh seo ar úsáid a bhaint as an seirbhís sin, is léir nach í rogha teanga mórán de mhuintir an Daingean a ghlac páirt sa tsuirbhé seo. Ní fios cén fáth ach seans gur cleachtas sean bhunaithe ón uair ná bíodh Gaeilge ag roinnt mhaith des na dochtúirí, fiacloirí is rl.

Bíonn cruinneas agus téarmaíocht thar an ngnáth de dhíth agus ceisteanna/fadhbanna sláinte á bplé, agus seans maith gur b'é seo cuid den chúis nach labhartar Gaeilge le lucht leighis.

5.2 Taighde Cáilíochtúil

Tá torthaí an chuid seo den mhír bunaithe ar an taighde ar thug foireann PTDUC faoi agus a bhfuil cur síos air tugtha i **Mír 4** thuas, is é sin ceistneoirí, agallaimh agus grúpaí fócais dírithe ar phobal an bhaile. Tá torthaí an taighde seo le feiscint go sonrach i **Mír 6** thíos i mBearta an phlean, atá bunaithe ar mhianta mhuintir an bhaile de réir na taighde. Ach déanfar cur síos achomair ar na príomhthéamaí a thagann aníos iontu anseo.

Ag féachaint dúinn ar an aisfhreagra a fuaireamar ón taighde, ba léir go raibh dhá théama leathan ar leith a tháinig go mór chun cinn a bhaineann go príomhdha le **hearnáil an ghnó**.

- (a) Feiceálacht na Gaeilge - Timpeallacht níos Gaelaí a bheith le feiscint/cloisint/braistint i nDaingean Uí Chúis
- (b) Saoráidí Sóisialta - Níos mó deiseanna a bheith ann ar an mbaile chun an Ghaeilge a úsáid, go háirithe d'fhoghlaimoirí, agus go mbeadh éagsúlacht ag baint leis na deiseanna seo.

5.2 (a) Feiceálacht na Gaeilge;

Timpeallacht níos Gaelaí a bheith le feiscint/cloisint/braistint i nDaingean Uí Chúis

An mhian is mó acu seo a luadh le linn an taighde ná an mhian go mbeadh timpeallacht níos Gaelaí le feiscint, le cloisint, is le braistint mórthimpeall an bhaile. Dar ndóigh, tá tábhacht mhór ag baint leis seo do mhuintir na Gaeltachta a bhíonn ag teacht isteach go Daingean Uí Chúis chun a gcuid ghnó a dheanamh agus chun tabhairt faoi saghsanna chaitheamh aimsire éagsúla. Luíonn seo go mór leis an gcúis go n-aithnítear baile mar BSG féideartha i gcéadóir.

Ach anuas ar sin, i gcás Daingean Uí Chúis, bhí cúis eile luaite go minic ag muintir an bhaile, cúis a bhaineann le stádas an bhaile mar cheann de na bailte is mó in Éirinn a mbíonn turasóirí ag triall air. Aithnítear an Ghaeilge mar Ghné Uathúil Dhíolacháin - USP (nó '*unique selling point*' as Bhéarla) atá ag an mbaile seo thar na bailte a bhíonn san iomaíocht leis mar sprioc do chuairoteoirí, leithéid Chill Airne agus An Neidín. Ní bhaineann an dara cúis seo go sonrach le stádas baile mar BSG, ach ar shlí is cuma faoi seo, mar aon rud a ghríosann pobal an bhaile chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar shlí ar bith, cabhróidh sé chun cuspóirí na pleanála teanga a chur chun cinn. An chuid is mó de na moltaí a bhain leis na cúrsaí seo bhíodar dírithe ar an earnáil ghnó agus tá siad clúdaithe ag na bearta faoin gceannteideal sin, Cuid 1: An Earnáil Ghnó, i **Mír 6** thíos.

Leirigh na freagraí a dtugadh dúinn béim ar **fheiceálacht na Gaeilge**:

- níos mó fógraíocht Ghaeilge ag gnónna – go háirithe ainmeacha na ngnónna ar an taobh amuigh,
- biachláir na mbialann/caiféanna a bheith iomlán dátheangach,
- níos mó comharthaí agus ábhar eolais do chuairoteoirí a bheith dátheangach, agus go mbeadh tuilleadh eolais faoin nGaeilge agus an Ghaeltacht orthu mar chomharthaí, srl.

An meon a bhí taobh thiar de na mianta seo, is cosúil, ná go mbeadh sé soiléir don té a thagadh isteach sa bhaile, fiú gan aon réamheolas acu faoin áit, gur baile ar leith atá ann le cultúr teanga ar leith. Níl sé seo teoranta don saol fisiciúil ach oiread, bhí sé luaite roinnt uaireanta go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh ábhar ar-líne ar nós suímh idirlín gnónna dátheangach, agus go mbeadh aipeanna Gaeilge don gceantar ann a fhéadfaí a úsáid ar ghutháin chliste.

Gné eile de seo a luadh go minic, gné níos doimhne agus atá níos tábhachtaí maidir le riachtanais mhuintir na Gaeltachta, ná an mhian go mbeadh sé indéanta do dhuine **seirbhísí a lorg trí Ghaeilge ó ghnónna an bhaile**. Tá an-chuid daoine ó thíortha eile agus ón nGalltacht atá ar fíorbheagán Gaeilge ag obair i nDaingean Uí Chúis. Formhór acu, tá siad ag obair in earnáil na turasóireachta i ghnónna fáiltithe mar a mbíonn siad i gcumarsáid labhartha le muintir an bhaile, muintir na Gaeltachta maguaird, agus turasóirí. Ag freagairt don gceist seo, moladh go gcuirfí Ranganna Gaeilge d'fhostaithe gnónna ar siúl i nDaingean Uí Chúis. Anuas ar sin, tá sé molta i PTCT go gcuirfí scéim aitheantais do chainteoirí Gaeilge sna gnónna ar bun arís sa cheantar, agus tá sé molta go gcomhoibreoidh PTDUC leis an bpróiseas seo.

5.2 (a)(i) Feiceálacht na Gaeilge;

Achoimre ar na Bearta Gnó agus Turasóireachta a d'eascair as an dTaighde.

- Ranganna Gaeilge d'fhostaithe i nDaingean Uí Chúis.
- Gradam Gnó dos na gnóthaí agus comhlachtaí is fearr ó thaobh úsáid na Gaeilge de.
- Bileog eolais faoi bhuntáistí na Gaeilge a tháirgeadh agus é a scaipeadh i measc lucht gnó an bhaile.
- Polasaí teanga a aontú leis an bhféile Other Voices agus féilte eile.
- Bileoga agus cártaí beaga a tháirgeadh le frásaí bunúsacha Gaeilge agus iad a chur ar fáil saor in aisce in áiteanna oiriúnacha ar fud an bhaile.
- Leath-leathanach breise as Gaeilge i Corca Dhuibhne Beo.
- Tacú le gnónna fógraíocht a dhéanamh as Gaeilge agus leaganacha suímh idirlín a fhorbairt trí sheirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil dóibh saor in aisce.
- Fógra ollmhór a dhearadh agus a chur in airde ag pointí iontrála an bhaile agus ag láthair suntasacha mórthimpeall an bhaile. Fógróidh na cláracha seo gur baile Gaeltachta/le Gaeilge é Daingean Uí Chúis agus go gcuirfear fáilte roimh labhairt na Gaeilge ann.
- Fógraí in airde le beannachtaí séasúracha as Gaeilge ag amanna cuí na bliana (Nollaig, Cáisc, Lá le Pádraig, srl.).
- Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do chuirteoirí. Bheadh an rang seo bunaithe ar fhrásaí simplí a úsáidtear i gcomhrá bunúsach.
- Comhoibriú le Foireann PTCT timpeall ar thrí bheart de chuid PTCT a bhaineann le cúrsaí gnó: “Feachtas Gnó as Gaelainn a chur ar bun – Corca Dhuibhne ag Caint a Athbheochaint agus a fhorbairt”; “Aip fón póca a chruthú ag soláthar eolais don turasóir faoi sheirbhísí/gnónna as Gaelainn” (*Ich. 76*); agus “Taighde chun luach a chur le buntáiste Geilleagrach na Gaelainne” (*Ich. 80-81*), chomh fada is a bhaineann sé le baile Daingean Uí Chúis.

5.2 (b) Saoráidí Sóisialta;

Deiseanna labhartha éagsúla a chruthú sa Daingean ó thaobh úsáid na Ghaeilge ach go háirithe d'fhoghlaimoirí

Ó na comhráití timpeall ar an easpa aitheanta seo, tuigtear go bhfuil sciar teangeolaíoch de dhaonra na háite nach bhfuiltear ag freastail orthu chomh maith is a d'fhéadfaí. Is cosúil gur daoine iad seo a bhfuil Gaeilge mheasartha nó mhaith acu, ach nach cuid dá saol laethúil teaghlaigh nó oibre í. Déantar amach gur daoine de mhuintir seanbhunaithe an bhaile cuid de na daoine seo, agus gur daoine ón gceantar Gaeltachta thiar ón mbaile cuid eile acu. Ach anuas ar an méid sin, is cosúil gur foghlaimoirí cuid mhaith de na daoine seo, agus a lán acu a tháinig chun cónaithe sa cheantar ó thaobh amuigh de Chorca Dhuibhne, sa slí is nach cuid nádúrtha dá saol sóisialta í an Ghaeilge ach chomh beag. Ba mhaith leis na daoine seo go mbeadh comhthéacs sóisialta ann mar a mbeidís in ann a gcuid Ghaeilge a úsáid is a fheabhsú, seachas ranganna amháin. An chuid is mó de na moltaí a bhain leis na cúrsaí seo, baineann siad le Saoráidí Sóisialta agus tá siad clúdaithe ag na bearta faoin gceannteideal sin, Cuid 2: Saoráidí Sóisialta, i **Mír 6** thíos, agus san achoimre a leanas anseo.

Roinnt daoine as an ngrúpa teangeolaíoch atá i gceist anseo, tá siad fós ag leibhéal cumais measartha íseal, nó tá easpa muiníne acu ina gcumas, agus tá comhthéacs struchtúrtha dírithe ar an teanga uathu, ar nós ciorcal comhrá. Daoine eile, táid níos compórdaí i gcomhrá aonair agus braitheann siad gur fearr córas meantóireachta ag bualadh go tráthrialta le cainteoir maith amháin.

Daoine eile, b'fhearr leo go mbeadh a gcuid Ghaeilge á húsáid is á gcleachtadh acu i gcomhthéacs struchtúrtha ach gan an Ghaeilge féin a bheith mar bhunfhócas an imeachta. Agus seo á phlé luadh go háirithe ranganna cócaireachta as Gaeilge agus club leabhair Gaeilge. Daoine eile fós, luadar gur fearr comhthéacs siamsaíochta a bheith ann mar chomhthéacs d'úsáid na Gaeilge i nDaingean Uí Chúis, agus moladh go mbeadh imeachtaí ceol/amhránaíocht/comhrá ar siúl istoíche ar bhonn rialta i rith an Geimhridh (tráth a bhíonn níos mó am ag muintir an bhaile), le haíonna speisialta.

Chun cabhrú le normálú chaint na Gaeilge d'fhoghlaimoirí agus daoine nach nós dóibh Gaeilge a labhairt go sóisialta, tá sé tábhachtach go mbeadh áiteanna oiriúnach ann i nDaingean Uí Chúis a bhfuil labhairt na Gaeilge ina rud gnách iontu. Moltar bunú Ionad Gaeilge mar 'aghaidh phoiblí' feiceálach ag an bPlean Teanga ar an mbaile, agus go mbeadh sé ina áit a d'fhéadfadh daoine bualadh isteach ann chun bualadh agus Gaeilge a labhairt.

Tá tábhacht ar leith ag An Lab mar an t-aon eagrais sóisialta ar an mbaile a bhfuil an Ghaeilge ina teanga oibre agus cumarsáide ann. Do chuir na himeachtaí ealaíon a bhíodh á reachtáil ag An Lab timpeallacht nádúrtha Ghaeilge ann mar a bhíodh daoine in ann plé agus comhrá a dhéanamh ar bhonn neamhfhoirmeálta taitneamhach. Is mór an chailliúint don mbaile an eagrais seo anois a bheith gan ionad ó dhíoladh Seanscoil na mBráithre mar a bhí sé lonnaithe, agus is gá tacú leis chun áit eile a aimsiú chomh luath agus is féidir agus chun cur leis na himeachtaí d'ardchaighdeán a bhí ar siúl aige.

Cé gur faoi chúrsaí daoine fásta a bhí formhór na haisfhreagra a fuarthas timpeall ar chúrsaí sóisialta, cuireadh ós comhair ár súile leis an easpa áiseanna sóisialta atá ann do dhaoine óga ar an mbaile – go háirithe mar a bhaineann leis an nGaeilge, ach trí chéile i dteanga ar bith – agus go bhfuil géarghá feabhas a chur ar an scéal seo. Tá seo ina fhadhb ar leith do dhéagóirí an cheantar uile, toisc go bhfuil nós acu triall ar Daingean Uí Chúis le bheith i gcomhlúadar a chéile. Is bearna mhór go háirithe an easpa caifé óige atá ar an mbaile ó dhúnadh An Moncaí Ocrach tamall de bhlianta ó shin.

5.2 (b)(i) Saoráidí Sóisialta;

Achoimre ar na Bearta

- Lárionad Gaeilge a bhunú i nDaingean Uí Chúis.
- Scéim mheantóireachta 'Buddy' a bhunú do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlam.
- Sraith imeachtaí sóisialta ceoil/comhrá Gaeilge a chur ar siúl i rith an Gheimhridh do mhuintir an bhaile.
- Ciorcal Comhrá seachtainiúil a bhunú ar an mbaile a bhogann timpeall – ó chaifé amháin go ceann eile – in aghaidh na míosa.
- Tacaíocht agus cabhair a chur ar fáil d'Fhéile na Bealtaine agus d'Fhéilte eile i nDaingean Uí Chúis chun a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge lárnach iontu.
- Lár Ionad Cultúrtha agus Ealaíne Gaelainne a bhunú sa Daingean i gcomhar leis an Lab agus PTCT atá taréis é seo a lua mar bheart i bPTCT. (**Beart 6.12.4 de PTCT**)
- Comhoibriú le Foireann PTCT leis na céimeanna a bheidh á dtógaint acu chun áiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil d'óige an cheantair mar atá leagtha síos i **mBeart 6.6.1 de PTCT** ["Struchtúr nua comhtháite don Óige a fhorbairt"].
- Comhoibriú le Foireann PTCT timpeall ar na bearta de chuid PTCT a bhaineann le cúrsaí aosoideachais agus caitheamh aimsire, go háirithe club leabhar do dhaoine fásta a bhunú i nDaingean Uí Chúis, ranganna cócaireachta trí Ghaeilge do dhaoine fásta a bhunú i nDaingean Uí Chúis, agus polasaí teanga do Chumainn Spóirt is Caitheamh Aimsire a fhorbairt.
- Taighde a dhéanamh ar na féidireachtaí a bhaineann le Ionad Bualadh Isteach ar nós 'An Moncaí Ócach' a chur ar bun sa bhaile chun freastal ar riachtanais shóisialta na ndéagóirí.

5.2 (c) Cúrsaí Oideachais

Níor luadh fadhbanna nó moltaí a bhain leis an réimse seo an oiread céanna leis na cinn faoi **5.2.1 agus 5.2.2 thuas**, nó sa chás is gur luadh, bhí na ceisteanna seo clúdaithe go maith faoi Bhearta PTCT. Tá seo le feiscint sa tslí is nach bhfuil ach beart amháin ann a bhaineann le Cúrsaí oideachais sa phlean anseo, agus go mbaineann an beart seo le comhoibriú i mbearta PTCT. Go bunúsach, baineann formhór na bhfadhbanna atá ann don nGaeilge i gcúrsaí oideachais le LPT Chiarraí Thiar, nó Iarthar Dhuibhneach ar fad, seachas le Daingean Uí Chúis amháin.

Bhí pointe amháin a bhaineann go sonrach leis an mbaile is a d'ardaíodh ag an ngrúpa fócais dúnta faoi chúrsaí oideachais, ámh. Is é sin go mbíonn amhras ar na príomhoidí bunscoile agus bainisteoir na naíolanna go mbíonn a sciar ceart féin á fháil ag Daingean Uí Chúis nuair a thagann sé chomh fada le seirbhísí tacaíochta oideachais Gaeilge. Le feidhmiú an Polasaí Oideachas Gaeltachta (POG), tá seans go mbeidh níos mó áiseanna tacaíochta ar fáil i réimse an oideachais agus go mbeidh athbhreithniú á dhéanamh ar Scéim na gCúntóirí Teangan (SCT).

5.2 (c)(i) Cúrsaí Oideachais; Achoimre ar na Bearta.

Comhoibriú le Foireann PTCT timpeall ar na bearta de chuid PTCT a bhaineann le cúrsaí oideachais, go háirithe mar a bhaineann le tuismitheoirí, naíolann agus bunscoileanna Daingean Uí Chúis. Is iad na bearta sin de chuid PTCT ná: “Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga a fhostú”, “Scéim Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) a Fhorbairt”, “Struchtúr Feasachta Teanga, Oiliúnú & Dea-Chleachtais a fhorbairt d'Oibríthe Naíolainne & Cúramóirí Leanai”, “Struchtúr Tacaíochta agus Feasachta a fhorbairt do ghrúpaí éagsúla Tuismitheoirí”, “Scéimeanna Saibhríthe Teanga eile a fhorbairt.”

5.2 (d) Seirbhísí Poiblí

Níor luadh fadhbanna nó moltaí a bhain leis an réimse seo an oiread céanna leis na cinn faoi **5.2.1 agus 5.2.2 thuas**, nó sa chás is gur luadh, bhí roinnt acu clúdaithe cheana féin faoi Bhearta PTCT.

Luaigh daoine míshástacht le heaspa seirbhísí poiblí ar shlí ghinearálta don gcuid is mó, agus luíonn seo leis an bhfírinne nach bhfuil sé ar chumas foirne pleananna teanga mórán praiticiúil a dhéanamh faoin bhfadhb seo, ós rud é go bhfuil an cumhacht i gcás formhór na seirbhísí lárnaíthe faoi rannóga rialtais i mBaile Átha Cliath, ní sa Ghaeltacht. Fágann seo nach féidir mórán a dhéanamh i bplean dá leithéid seo, ná i gcás PTCT, ach feachtasaíocht. Tabharfar faoi deara go bhfuil an pobal den tuairim go bhfuil seirbhísí Gaeilge na Comhairle Contae maith go leor, agus go bhfuil aitheantas ar leith tuillte ag Foireann Leabharlann Daingean Uí Chúis as na hiarrachtaí móra a dhéanann siad chun an Ghaeilge a chur chun cinn. An gearán is mó a chuireadh in iúl in aisfhreagra ar ár dtaighde ná easpa cumas Gaeilge a lán de na Gardaí Síochána atá ag obair as Stáisiún an bhaile.

5.2 (d)(i) Seirbhísí Poiblí;

Achoimre ar na Bearta

- Tacú le Leabharlann Daingean Uí Chúis chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an bhaile.
- Tacú leis na pleananna chun sean-ospidéal Daingean Uí Chúis (an iar-Theach Oibre) a fhorbairt mar ionad gnó, pobail agus ealaíne.
- Tuilleadh Seirbhísí Stáit as Gaeilge a lorg.
- Tuilleadh Seirbhísí trí Ghaeilge a lorg ó Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte.
- Tuilleadh Seirbhísí Eaglasta as Gaeilge a lorg.

6. Na Bearta

Ag seo thíos tá na bearta a mholtar bunaithe ar thaighde an Phlean seo. Eascraíonn na bearta úd as na moltaí a tháinig ó mhuintir Daingean Uí Chúis agus an ceantar máguaird. Níl déanta ag foireann an Phlean ach cruth praiticiúil a bhaineann le gníomhaíocht cinnte ar leith a chur ar mholtaí na ndaoine.

Le linn don bplean seo a bhéith á réiteach, cuireadh tús le tréimhse feidhmithe PTCT. Aithnítear beartais PTCT a bheith a fheidhmiú anois faoin ainm ‘Tobar Dhuibhne’. Tá suíomh idirlín agus Facebook le fáil faoin teideal sin agus eolas ar an bPlean Teanga ann. Tá TD lonnaithe in oifigí CFCD agus ag obair go dlúth le OCD agus Tús Maith. Tá plean uailmhianach, cuimsitheach curtha le chéile ag foireann PTCT a rachaidh go mór chun leasa na Gaeilge agus an cheantair araon ach maoiniú leordhóthanach a bheith curtha ar fáil dó. Ós rud é go dtiteann Daingean Uí Chúis laistigh den LPT atá clúdaithe ag PTCT, ní mór a aithint go mbeidh an baile faoi chúram dhá phlean teanga. Tugtar aird ar an bhfíric seo sna bearta anseo thíos. Sna háiteanna go bhfuil bearta le cur i bhfeidhm ag foireann PTCT i nDaingean Uí Chúis a mbeidh baint ag foireann/OPTDUC leo, nó ról tacaíochta le comhlíonadh ag foireann PTDUC iontu, tá seo ráite. Tuigtear gur ról phraiticiúil agus comhairleach a bheidh i gceist leis an tacaíocht seo i gcónaí, seachas ról a bhaineann le haon mhaoiniú a chur ar fáil. Beidh sé tábhachtach amach anseo, agus an dá phlean ag feidhmiú comhthreomhar lena chéile, go mbeidh caidreamh agus cumarsáid mhaith idir lucht cur i bhfeidhm an dhá phlean.

Tá bearta molta PTDUC tugtha thíos faoi chúig cheannteideal:

1. Bearta Bonneagair [Struchtúr Feidhmithe an Phlean]
2. An Earnáil Ghnó & Turasóireachta,
3. Saoráidí Sóisialta,
4. Cúrsaí Oideachais,
5. Seirbhísí Poiblí

Tabharfar faoi deara go bhfuil béim ar leith ar bhearta a bhaineann le **2.** agus **3.** Seo toisc go bhfuil cuid mhór de ghnóthaí agus d’áiseanna a bhaineann le saoráidí sóisialta in Iarthar Dhuibhneach trí chéile lonnaithe i mbaile Daingean Uí Chúis. Anuas ar sin, tá cúrsaí oideachais agus seirbhísí poiblí don LPT, Daingean Uí Chúis san áireamh, clúdaithe go mion cheana féin i PTCT.

Maidir le 1 thuas, Bearta Bonneagair, clúdaíonn trí bhearta faoin gceannteideal seo na céimeanna praiticiúla a bheidh riachtanach chun go mbeidh sé indéanta tús a chur le cur i bhfeidhm PTDUC. Is iad sin:

- Struchtúr níos foirmeálta a chur ar an Choiste Dúchas an Daingin;
- ceapadh Feidhmeannaigh mar oifigeach pleanála teanga; agus
- spás oifige cuí a sholáthar don oifigeach ar an mbaile.
- Feachtas bolscaireachta agus seoladh an Phlean

Caithfear na Bearta Bonneagair seo a chur i bhfeidhm sara mbeidh sé indéanta tús dáiríre a chur le gníomhartha dearfacha an phlean.

6.1 Bearta Bonneagair [Feidhmiú an Phlean]

Beart 6.1.1	Bunús láidir a chur faoin struchtúr a bheidh ag déanamh riaradh ar fheidhmiú PTDUC agus a bheidh ag fostú OPT
Réimsí:	E, F, H, I, J, K
Critéir pleanála teanga	13, 14, 15, 16, 17
Aidhm:	Córas a bheith i bhfeidhm chun an Plean Teanga a riaradh – an buiséad agus an clár oibre a bhainistiú agus an t-oifigeach pleanála teanga a fhostú.
Eolas Breise:	<p>Roghnaíodh An Lab mar Cheanneagraíocht le bheith freagrach as Plean Teanga a réiteach don BSG agus síníodh comhaontú deontas ag ceadú €20,000 dóibh ar an 03/03/2017.</p> <p>Mar atá léirithe i gcaibideal a 3, tháinig athrú ar stádas An Lab le linn an phróiséis agus tá deireadh tagtha leis an lár ionad ealaíne a bhí faoi chúram An Lab ó Mhí Deireadh Fomhair 2017.</p> <p>Cuireadh coiste stiúrtha nua ar bun faoin tideal DanD agus ionadaithe ó réimsí éagsúla ar an mbaile faoi Chathaoirleacht Mhíchíl Uí Choileáin, duine de Stúirtheoirí Féile na Bealtaine. Is le tacaíocht ón ngrúpa seo a chuir foireann An Lab an Plean Teanga le chéile.</p> <p>Sa bheart seo beifear ag díriú ar bhunús dleathúil a chur faoin gcoiste seo ar bhonn práinne, ar chórais rialacháin agus riaracháin a fhorbairt agus ar réamh chlár oibre agus caiteachas do bhliain a 1 a aontú le ÚnaG. Tá comhlucht nua le clárú go h-oifigiúil agus bunreacht le h-aontu. Tátar ag tnúth leis an stádas oifigiúil seo a bhaint amach in am do dháta chomhaontaithe PTDUC.</p> <p>Ta comhairle faighte ó dhlíodóir An Lab, Frank O'Connor, agus óna iniúchóir, John Sheehy, i dtaobh struchtúr seasmhach dleathúil a chur faoi DanD. Raghfar tríd na céimeanna seo a leanas;</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Tionólfar cruinniú de Bhord an Lab. 2. Cuirfear rún ós a gcomhar go n-aistreofar ainm an chomhlachta ó 'An Lab' go 'DanD'. 3. Síneofar an rún seo ag an gCathaoirleach. 4. Éireoidh beirt ball den gceathrar ar Bhórd an Lab as. 5. Aistreofar ainm na comhlachta ó 'An Lab' go 'DanD'. 6. Fanfaidh Cathaoirleach An Lab (Mícheál Ó Coileáin) agus Rúnaí An Lab (Áine Moynihan) ar an mBord nua ar a mbeidh chomh maith baill iar-choiste DanD. 7. Tá, cheana féin, cuntas ag an Lab atá tiomnaithe don bPlean Teanga (Cuntas a 2). Seasfaidh an cuntas seo faoin ainm nua, 'DanD'. 8. Cuirfear deireadh le cuntas An Lab (Cuntas a 1). Déanfar seo i gcomhair lenár iniúchóir, John Sheehy. 9. Déanfar aidhmeanna comhlachta An Lab a chóiriú is a leathnú go hiomlán chun aidhmeanna PTDUC a chur in iúl. Déanfar é seo i gcomhair lenáir dlíodóir, Frank O'Connor, is faoi stiúir an Choiste Stiúrtha Bórd (CSB) nua a bheidh ag DanD (CSBDanD).

	<p>10. Eagrófar cruinnithe rialta den mBórd dleathúil nua DanD. Is iad seo ainmneacha na baill ón mbun-choiste atá sásta fanacht leis an bpróiseas agus bheith ina mbail de CSBDanD. Déanfar iarracht cur leis an gcoiste seo le himeacht ama.</p> <ul style="list-style-type: none"> - Mícheál Ó Coileáin (Cathaoirleach) - Áine Moynihan (Rúnaí) - Helena Curran - Risteárd Mac Liam - Mícheál Ó Muircheartaigh <p>11. Fostófar OPT (Beart 6.1.4) a bheidh lonnaithe san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin agus a bheidh freagrach do CSBDanD.</p> <p>Tá baill an Bórd An Lab agus CDanD, i gcomhar leis an dlíodóir is an gcuntasóir thuas luaite, ar aon fhocal gur seo an slí is fearr, is éifeachtaí agus is saoire chun bonn dleathúil a chur faoi DanD.</p> <p>Mar atá luaite, beifear ag déanamh leathnú ar bhallaíocht an Choiste de réir mar a bheifear ag déanamh forbairt ar na réimsí gnímh éagsúla atá ins na bearta – an réimse oideachais, na healaíin, an óige, lucht gnó, na féilte srl.</p> <p>Beidh ballraíocht ag PTCT (TD) sa ghrúpa seo. Tabharfar cuireadh dos na h-eagrais ins na réimsí éagsúla ionadaí a ainmniú.</p> <p>Beidh caiteachas le déanamh ar chomhairle dlí, comhairle cuntasóra agus pacáistí bogabhar cuntasáíochta, áisitheoireacht chun na córais a aontú maraon le costais earcaíochta.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	CTanD, CTCd, ionadaí ó PTCT (TD), agus ionadaithe ó réimse éagsúla atá fós le plé. – na scoileanna, BOOC
Saolré:	7 mbliain
Costas measta iomlán:	€14,000 (comhairle dlí agus riarachán, ionaid chruinnithe is rl)
Costas measta in aghaidh na bliana:	c.€4,000 i mbliain a 1. c.€1,666 sa bhliain ó bhliain 2 – 7. Áisitheoireacht, Comhairle Dlí, Cúntasaíocht, Earcaíocht.
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC
Dúshláin an bhirt:	Rannpháirtíocht agus comhoibriú na n-eagrais éagsúla a mhealladh
Réiteach an dúshláin:	Feachtas bolscaireachta agus poiblíochta.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh bunrecht agus bun rialacha deá chleachtais i bhfeidhm ag CSBDanD, agus cruinnithe rialta chun athbhreithniú agus réamh pleanáil a dhéanamh.

Beart 6.1.2	Comhaontú oibre a réiteach idir TD agus DanD chun feidhmiú PTCT agus PTDUC a bheith comhordaithe.
Réimsí:	Gach réimse (go hindíreach)
Critéir pleanála teanga	Gach réimse (go hindíreach)
Aidhm:	Cur chuige a bhunú chun soiléireacht a fháil ar ról an dá Cheanneagraíocht – DanD agus TD – aontú a fháil agus córas a bhunú chun comhoibriú leanúnach idir na pleananna a chinntiú. Uinéireacht agus freagrachtaí i leith na mbearta éagsúla a aontú. Rólanna na bpáirtithe éagsúla a léiriú i bhfoirm meamram comhthuisceana.
Eolas Breise:	Tá go leor Bearta i bPTCT a bhaineann le BSG an Daingin agus bearta i bPTDUC a bhaineann leis an LPT iomlán. Beidh PTCT ag díriú go príomhdha ar thacaíochta teanga do theaghlaigh, réimse an oideachais agus forbairt an óige. Beidh PTDUC ag díriú go príomhdha ar fheabhas a chur ar sheirbhísí gnó, trádála agus poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge. B'fhéidir go mbeadh gá le áisitheoir chun cabhrú leis na páirtithe an meamram comhthuisceana a scríobh agus a aontú. Tá costas measta de €1500 á mholadh mar chostas áisitheoireachta agus €500 chun ioc as ionaid cruinnithe nú rl I mbliain a 1.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD) agus PTCT (TD)
Páirtithe leasmhara:	PTDUC, PTCT, ÚnaG, RCOG
Saolré:	Bliain a 1 agus athbhreithniú ar dhul chun cinn i mbliain a 2.
Costas measta iomlán:	€2,000
Costas measta in aghaidh na bliana.	Ní mheastar go mbeidh aon chostas ar an mbeart seo nuair a bheidh an córas comhoibríthe aontaithe.
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Ní bheidh na dúshlán iomlán soiléir go dtí go mbeidh an próiseas tosnaíthe.
Réiteach an dúshlán:	Cumarsáid rialta a bheith idir TD agus DanD.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Déanfar athbhreithniú 4 uair sa bhliain ar chonas mar atá ag eirí leis an socrú agus beidh sé ar chumas na bpáirtithe leasuithe a dhéanamh más gá.

Beart 6.1.3	Ceannárus Sealadach a Aimsiú
Réimsí:	Gach réimse [go hindíreach].
Critéir pleanála teanga	Gach critéar [go hindíreach].
Aidhm:	Oifig nú lár ionad Pleanála Teanga a chur ar fáil ar an mbaile ina mbeidh an OPT lonnaithe agus ina mbeidh teacht ag an bpobal ar chomhairle agus eolas ar gach a bhaineann leis an bpleanáil teanga.
Eolas Breise:	<p>Tá sé fíor dheacair spás folamh nú suíomh a aimsiú sa Daingean a bheadh oiriúnach d'fhorbairt lár ionad pobail d'aon tsaghas. Go garr thréimhseach tá gá le h-oifig a aimsiú a bheadh mar Cheannárus don OPT agus don bPlean Teanga.</p> <p>Bheadh sé go maith dá mbeadh an oifig seo ar an láthair céanna leis an lárionad Gaeilge (féach beart 6.3.1 thíos) agus an lár ionad ealaíne (6.3.5) chun go bhféadfadh an foirgneamh céanna gach trá a fhreastail. Ach ag deireadh lae, tá bunú na hoifige níos práinní agus caithfear seo a chur i gcrích a luaithe is a bheidh an OPT ceaptha, nó fiú roimh ré.</p> <p>Caithfear a chinntiú go mbeidh na gnáth riachtanais riaracháin ar fáil san oifig [deasc, suíocháin, comhadchaibinéad, srl.] agus go mbeidh soilsiú agus teas cuí ann. Beidh cúnaimh á lorg faoin Scéim Thacaíochta d'Fhearais Oifige ó ÚnaG. B'fhearr, dála an lárionad Gaeilge, go mbeadh an oifig in áit sofheicthe go maith ar an mbaile, ach más ea nó a mhalairt, ba cheart go mbeadh comharthaíocht oiriúnach feiceálach ann chun go mbeidh an pobal ar an eolas go bhfuil an oifig ann agus go mbeidh sé fuirist teacht uirthi.</p> <p>Tá tairiscint faighte ó BOOC de spás oifige laistigh dá Lárionad Aosoideachais i dTigh Rís sa Daingean. Chomhlíonfadh an láthair seo an chuid is mó des na riachtanais thuasluaite. Tá sé lárnach agus so-fheicthe sa Daingean agus cheana féin bíonn mórán ar siúl ann, idir ranganna de gach sort, ciorcail comhrá, ceardlanna agus cruinnithe. Bheadh teacht ar spásanna éagsúla in oiriúint don imeacht agus tá cistin is seomra cruinnithe chompórdach ann a bheadh ar fáil dúinn. Ag tógaint san aireamh an ról thabhachtach a bheidh ag an BOOC i gcur i bhfeidhm an Phlean, feictear dúinn gur chóir glacadh leis an dtairiscint fial seo, sa ghearr thréimhse ach go háirithe. Ag deireadh an lae, ba cheart go mbeadh Ionad tiomnaithe don nGaeilge ina mbeidh an OPT lonnaithe sa Daingean ach go dtí go mbeidh teacht ar áit oiriúnach, seo an réiteach is fhearr a d'fhéadfadh a bheith ar an scéal. Tá costas cíosa an-ard sa daingean agus spásanna folamh an-ghann.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	BOOC
Saolré:	Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	Ní fios go fóill ach c. €35,000.
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000 (costas riaracháin, cíos is rl)
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC
Dúshláin an bhirt:	Ionad tiomnaithe don nGaeilge go fad-téarmach a aimsiú - Spás an ghann sa Daingean
Réiteach an dúshláin:	Tá sé deacair áitreabh d'aon sórt a aimsiú i nDaingean Uí Chúis ar phraghas réasúnta. Tá go leor buntáistí ag baint leis an Ionad Aosoideachais, idir áiseanna agus atmaisféar cairdiúil is tacúil, ar bhonn sealadach ach go háirithe, nó fiú Sean Ospidéal an Daingin sa bhfadtéarma.

Monatóireacht:	Beidh an beart curtha i bhfeidhm nuair a bheidh lárionad aimsithe. Mar sin fein, beifear ag obair go leanúnach ar an bplean faid téarmach a bhaint amach – lár ionad Gaeilge agus Ealain mar atá léirithe I mBearta 6.3.1 agus beart 6.3.5
----------------	--

Beart 6.1.4	Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú
Réimsí:	Gach réimse [go hindíreach].
Critéir pleanála teanga	Gach critéar [go hindíreach].
Aidhm:	Duine oiriúnach a aimsiú agus a fhostú chun bearta an phlean teanga 7 mbliana do Daingean Uí Chúis a chur i bhfeidhm.
Eolas Breise:	OPT a fhostú chun PTDUC a chur i bhfeidhm. Beidh sé riachtanach go mbeidh an té seo ceaptha sara dtabharfar faoi clár oibre an phlean a chur i bhfeidhm. Beidh gá ag an té a cheapfar le hArd chumas Gaeilge labhartha agus scríofa, dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus a todhchaí, scileanna maithe cumarsáide, agus taithí de bheith ag obair as a stuaim féin agus taithí i réimse na forbartha pobail agus pleanála teanga.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	ÚnaG, RCOG
Saolré:	Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	€321,000 (ag cur incrimint bhliantúil san áireamh)
Costas measta i mBliain a 1.	Earcaíocht €2,000 OPT @ idir €35,000 agus €38,000 sa bhliain Costais Taistil €2,500 Cáin agus PRSi c.€3,000 Iomlán €45,500
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Duine oiriúnach a bhfuil na buanna liostálta thuas ar fad acu a aimsiú.
Réiteach an dúshlán:	Go mbeidh tuarastal agus téarmaí maithe ag baint leis an bpost, chun go meallfar daoine cumasacha chun cur isteach air.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Cuirfear fochoiste bainistíochta ar bun chun tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don OPT. Leagfar síos téarmaí oibre agus coinníollacha fostaíochta sa chonradh fostaíochta. Beidh clár oibre agus caiteachas le h-aontú ag tús na tréimhse oibre agus beidh athbhreithniú á dhéanamh gach ráithe chun an dul chun cinn a mheas. Beidh tuairisc scríofa á chur ar fáil ag an OPT ag na seisiúin athbhreithnithe seo.

Beart 6.1.5	Feachtas bolscaireachta i leith an phróiseas pleanála teanga a eagrú
Réimsí:	D, G, K
Critéir pleanála teanga	2, 9, 12, 15
Aidhm:	An Plean Teanga a sheoladh. Pobal na háite a thabhairt suas chun dáta ar an staid reatha. Eolas leanúnach a chur ar fáil ar na meáin shóisialta ar fheidhmiú agus ar dhul chun cinn an Phlean chun a chinntiú go bhfuil an pobal rannpháirteach.
Eolas Breise:	<p>Déanfar forbairt ar na nithe seo leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Bróisiúr eolais dhá theangach mar achoimre ar an bPlean teanga agus an cur chuige, a dhearadh, a sheoladh agus a scaipeadh. - Uasdátú leanúnach ar an suíomh idirlíon DanD - Forbairt ghréasáin shóisialta do DanD - Caidreamh rialta le raidió na Gaeltachta/Mol Scéal agus na meáin eile. - Leath leathanach i nGaeilge go rialta ar Chorca Dhuibhne Beo <p>Chun cur le spéis agus bród mhuintir an bhaile sa Ghaeilge mar rud a bhaineann leo trí cúrsaí a bhaineann lena saol féin a phlé as Gaeilge sa nuacht iris áitiúil, beidh Leath-leathanach breise as Gaeilge i <i>Corca Dhuibhne Beo</i> go rialta. Ba cheart dó seo a bheith dírithe ar chúrsaí a bhaineann leis an mbaile. D'fheadfaí tarraingt ar réimse leathan ábhar – stair, spóirt, cúrsaí cultúrtha, tuairimíocht faoi conspóidí nuachta, srl. B'fhéarr go mbeadh roinnt daoine ag tabhairt faoin scríbhneoireacht ag babhtáil a chéile, seachas go mbeadh duine amháin á dhéanamh an t-am ar fad. Chuirfeadh an éagsúlacht seo le spéis daoine san alt chomh maith. D'fhéadfaí na hait seo a úsáid mar ábhar plé ag ciorcail chomhrá.</p> <p>Tá €4000 measta á lua leis an mbeart seo chun an bróiséir eolais a fhoilsiú, an suíomh idirlíon a bhainistiú, altanna agus fógraíocht rialta a chur i Kerry Live (c €300 ar leathanach iomlán)</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Corca Dhuibhne Beo, Meitheal Scríbhneoirí.
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	€20,000
Costas measta Bliain a 1	€4,000
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Spéis mhuintir an bhaile a chothú san eolas a bheidh á chur ar fáil
Réiteach an dúshláin:	Meitheal scríbhneoirí a chur le chéile atá ábalta agus sásta scríobh faoi chúrsaí a chuirfeadh muintir an bhaile spéis iontu. Giotaí suimiúla a chur ar na meáin shóisialta go h-an rialta.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Na bróiséir eolais scaipthe Líon an n-alt agus na scríbhneoirí i Corca Dhuibhne Beo. An líon daoine a bhíonn ag cumarsáid le DanD trí na meáin shóisialta. An trácht a thagann ar an suíomh idirlíon.

6.2 An Earnáil Ghnó & Turasóireachta

Beart 6.2.1	Scéim Tacaíochta do Lucht Gnó/Seirbhísí a chur ar bun agus a fheidhmiú.
Réimsí:	D, E, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	<p>Tá an bheart seo dírithe ar scéim a a bhunú agus cur chuige a aithint a bheadh oiriúnach chun phríomh aidhmeanna Bhaile Daingean Uí Chúis a bhaint amach, sé sin:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Go gcuirfear borradh faoi úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i mBaile Daingean Uí Chúis. - Go mbraithfidh gach duine arb fhearr leo an Ghaeilge a labhairt go bhfuil fáilte rompu an rogha sin a chleachtadh. - Go mbeidh custaiméirí in ann pé cumarsáid, gnó, agus rochtain ar sheirbhísí poiblí is mian leo a dhéanamh go saoráideach éifeachtach ar an mbaile.
Eolas Breise:	<p>Tá sé molta i mbeart 6.7.1 de PTCT an scéim Ghaeilge do ghnóthaí a bhí ar siúl ar feadh roinnt blianta ar a tugadh Corca Dhuibhne ag Caint faoi choimirce ÚnaG agus OCD, a athbheochan agus a leathnú ar fud Chorca Dhuibhne seachas é a bheith teoranta go dtí Daingean Uí Chúis. Fós féin, tá an cuid is mó de ghnóthaí Chorca Dhuibhne lonnaithe ar an mbaile agus mar sin tá tábhacht ar leith ag baint le Daingean Uí Chúis i gcur i bhfeidhm an bhirt seo.</p> <p>Tá sé aontaithe le PTCT (TD) anois go mbeidh ceannas ag PTDUC (DanD) ar an mbeart seo i gcomhar le PTCT(TD).</p> <p>Cuirfear scéim ar bun a chuirfidh córas céimíúil ar fáil do sheirbhísí agus gnónna chun barr feabhais a chur ar a gcumas seirbhís trí Ghaeilge a chuir ar fáil. Cuirfear ranganna cumasú teanga, cúrsaí feasachta, áiseanna agus acmhainní tacaíochta, agus seirbhís aistriúcháin agus profála ar fáil. Cabrófar leis an lucht gnó polasaí teanga a fheidhmiú a thabharfaidh tacaíocht d'oibritheoirí nach ón ndúthaigh iad feabhas leanúnach a chur ar a gcuid scileanna teanga mar chuid den tseirbhís custaiméara a chuireann siad ar fáil.</p> <p>Cuirfear san áireamh gur baile mór turasóireachta í Daingean Uí Chúis agus tá bearta faoi leith sa Phlean a bheidh dírithe ar thurasóirí. Beidh polasaí teanga le haontú go hinmheánach ag gach gnó/seirbhís agus beidh an lucht oibre rannpháirteach agus ar an eolas faoin bpolasaí sin.</p> <p>Tá na mionsonraí a bhaineann le na míreanna éagsúla a bhaineann leis an mbeart se le fáil sna bearta seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 6.2.2 - 6.2.3 - 6.2.4 - 6.2.5
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	CSBDanD, CTanD, CTCd, PTCT, OPTCT, úinéirí gnónna, oibrithe i ngnónna. (óstáin agus tithe tábhairne san áireamh) Glór na nGael
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1 – 3 [measúnú a dhéanamh ar éifeacht na scéime ansin, le súil leanúint leis suas go Bliain 7 má bhíonn ag éirí leis].

Costas measta iomlán:	€10,000 – beidh na mór chostais a bhaineann le míreanna éagsúla a bhaineann leis an mbeart seo á leagadh amach i mbirt éagsúla.
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,000 bun chostas chun an scéim a dhearadh agus taighde a dhéanamh.
Foinsí maoinithe:	Fáilte Éireann (FÉ), ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlái n an bhirt:	Lucht Gnó agus Seirbhísí a mhealladh le bheith páirteach sa scéim.
Réiteach an dúshláin:	An cás a chur go láidir, le tacaíocht iomlán ó CTanD agus CTCD, agus a léiriú go bhfuil buntáistí eacnamaíochta ag baint leis an dteanga agus nach mairfidh sí muna bhfuil an gnáth dhuine in ann gnáth chúraimí an lae a dhéanamh i nGaeilge.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Seachas scéalta béil ó chustaiméirí, beidh sé deacair éifeacht an bhirt seo a mheas. Mar sin féin is féidir tuairisc a choimeád ar líon na ndaoine a thoilíonn páirt a ghlacadh sa scéim agus na himeachtaí a bhaineann leis. Léireoidh an líon gnó a ghlacann páirt i mbeart 6.2.2 méid spéise.

Beart 6.2.2	Cumasú Teanga Lucht Gnó
Réimsí:	D, E, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	Feabhas a chur ar freastal trí Ghaeilge i ngnónna an bhaile agus a thabhairt le fios do dhaoine go gcuirfear fáilte roimh cumarsáid trí Ghaeilge.
Eolas Breise:	<p>Ranganna Gaeilge agus cúrsaí feasachta teanga agus seirbhís don gcustaiméir d'fhostaithe i nDaingean Uí Chúis. Tá an-chuid daoine ó thíortha eile agus ón nGaeltacht atá ar fíorbheagán Gaeilge ag obair i nDaingean Uí Chúis. Formhór acu, tá siad ag obair in earnáil na turasóireachta i ngnónna fáiltithe mar a mbíonn siad i gcumarsáid labhartha le muintir an bhaile, muintir na Gaeltachta maguaird, agus turasóirí.</p> <p>Moltar go gcuirfí ranganna Gaeilge ar fáil d'oibrithe sna gnónna seo. Bheadh na ranganna seo dírithe ar frásaí agus abairtí simplí a bhaineann le cúrsaí freastail [beannachtaí, iarraidh ar an gcustaiméir cad tá uathu, srl.], seachas líofacht ghinearálta. Ba cheart go mbeadh na ranganna seo gearr. Dá bhféadfaí socrú a dhéanamh le húinéirí/bainisteoirí go mbeadh na ranganna ar siúl sa ghnó féin, leis an teagascóir ag teacht isteach, chabhródh seo chun cinntiú go mbéarfar ar formhór na foirne, mar is deacair daoine a mhealladh chuig ranganna ina n-am saor féin.</p> <p>Moltar ranganna feasachta nó “seirbhís don gcustaiméir” a dhearadh agus a reáchtáil do oibritheoirí líofa sa Ghaeilge chun iad a chumasú/a mhisniú le go mbeidís ar a gcompord ag baint úsáid as a gcuid Gaeilge san ionad oibre.</p> <p>Beidh na cúrsaí seo á ndrächta agus á sheachadadh i gcomhair le hOidhreacht Chorca Dhuibhne</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	CTanD, CTCD, OCD, úinéirí gnónna, oibrithe gnónna
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1 – 3 [measúnú a dhéanamh ar éifeacht na scéime ansin, le súil leanúint leis suas go Bliain 7 má bhíonn ag éirí leis].
Costas measta iomlán:	€14,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,000
Foinsí maoinithe:	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	<p>Dul i bhfeidhm</p> <p>[1] ar úinéirí faoi thábhacht na Gaeilge chun go ligfidh siad dá bhfostaithe freastal ar ranganna gearra laistigh dá n-uaireanta oibre.</p> <p>[2] Leibhéal bunúsach freastal trí Ghaeilge a bheith ar chumas formhór na n-oibrithe in ainneoin an ráta ard athrúchán foirne sna gnónna fáiltithe go háirithe.</p>
Réiteach an dúshláin:	<p>[1] An cás a chur go láidir, le tacaíocht iomlán ó CTanD agus CTCD.</p> <p>[2] Na ranganna a dhéanamh ar bhonn leanúnach le béim i gcónaí ar na frásaí/abairtí bunúsacha a bhaineann le cúrsaí freastail, ag glacadh leis go mbeidh béim ar an dul siar riachtanach.</p>

Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Líon na ndaoine a bheidh páirteach ins na ranganna agus na h-ócáidí eile cumasú/deiseanna úsáidte teanga. Líon na ngnóluchtaí a bheidh sásta am a chur ar fáil dá bhfostaithe le freastal ar na ranganna/deiseanna Aischothú rialta a fháil ós na rannpháirtithe agus cuntas a choimeád air.
---	--

Beart 6.2.3	Gradam Gnó
Réimsí:	E, F, K
Critéir pleanála teanga	13, 14
Aidhm:	Aitheantas a thabhairt do fheiceálacht agus labhairt na Gaeilge i ngnónna agus seirbhísí an bhaile agus aitheantas ar leith agus poiblíocht a thabhairt dos na dreamanna a dheineann sár iarrachtaí.
Eolas Breise:	Gradam Gnó dos na gnóthaí, comhlachtaí agus seirbhísí is fearr ó thaobh na Gaeilge de. Bheadh seo ag tógaint cumas Gaeilge na foirne agus fógraíocht/comharthaíocht as Gaeilge san áireamh. D'fhéadfadh dhá chatagóir a bheith ann bunaithe ar sin. D'fhéadfaí é roinnt ina catagóirí de saghsanna difriúla gnó chomh maith [siopaí, bialanna, B&B, srl.]. Tá taithí ag Glór na nGael ar a leithéid a reachtáil agus b'fhiú dul i gcomhairle leo nó comhoibriú leo maidir leis an scéim seo. Déanfar iniúchadh ar chonas a oibríonn múnla Gaillimh le Gaeilge chomh maith.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Glór na nGael, CTanD, CTCD, PTCT, OPTCT, Foras na Gaeilge, Comhairle Chontae Chiarraí (CCC), úinéirí gnónna agus seirbhísí, oibríthe gnónna.
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€35,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€5,000 costas na nduaiseanna/gradaim, €2,500 Bolscaireacht agus fógraíocht/bróiseir eolais €1,000 Moltóireacht agus €1,500 Ócáid bhronnta na ngradaim
Foinsí maoinithe:	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Spéis úinéirí agus oibríthe a spreagadh bheith lánpháirteach sna comórtais.
Réiteach an dúshláin:	Cinntiú go mbíonn aird chuí á thabhairt ar an gcomórtas ag na meáin áitiúla. Duaiseanna fiúntacha a bheith ann. Tacaíocht cheart ó CTanD agus CTCD chun a mbaill a ghríosadh chun a bheith páirteach.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Tar éis don scéim a bheith ar bun ar feadh roinnt blianta ba cheart go mbeifear in ann déanamh amach an bhfuil ag éirí leis trí féachaint ar an líon gnónna atá ag glacadh páirte agus an iarracht atá á dhéanamh acu. Taifead i bhfoirm griangraif nú rl a choimead ar ócáidí bronnta na ngradam.

Beart 6.2.4	Acmhainní tacaíochta a chur ar fáil don Lucht Gnó
Réimsí:	D, E, H, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 9, 10, 11, 15
Aidhm:	<p>Baineann an bheart seo le feidhmiú Beart 6.2.1 - tacú le lucht gnó/seirbhísí an BSG seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil trí acmhainní ar leith a chur ar fáil dóibh.</p> <p>Ardóidh an bheart seo feachtas chuariteoirí/pobal faoin nGaeilge, agus faoi stádas Daingean Uí Chúis mar BSG. Beidh na hacmhainní dírithe ar phobal na háite agus cuairteoirí a spreagadh chun iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a úsáid agus iad i gcumarsáid le muintir an bhaile. Meas mhuintir an bhaile ar an nGaeilge a mhéadú dá réir agus cur lena dtoilteanacht í a labhairt le stróinséirí agus go poiblí i gcoitinne.</p>
Eolas Breise:	<p>Beidh brandáil margaíochta ar leith le déanamh ar an gcur chuige – sé sin, beidh gá le hearraí a fhorbairt a thabharfaidh nod soiléir do chustaiméirí go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil go fáilteach. Mar shampla, bileoga agus cártaí beaga a tháirgeadh le frásaí bunúsacha Gaeilge agus iad a chur ar fáil saor in aisce in áiteanna oiriúnacha ar fud an bhaile. Bheadh an saghas seo rud go maith chun a dhóthain misnigh agus cumais a thabhairt do chuariteoirí iarracht a dhéanamh teagmháil bunúsach a dhéanamh trí Ghaeilge le gnónna, le seirbhísí poiblí agus leis an bpobal ar an mbaile. Bheadh seo fíor ní hamháin i gcás turasóirí iasachta, ach i gcás cuairteoirí Éireannacha a bhfuil meirg ar a gcuid Gaeilge, agus ar ndóigh, do phobal na Gaeltachta i gcoitinne.</p> <p>Tá sé tábhachtach go mbeadh na bileoga seo beag a dhóthain chun sleamhnú isteach i bpóca agus fuirist a láimhseáil is a thuiscint, le treoracha fuaimnithe do na frásaí Gaeilge. D'fhéadfaí leaganacha a dhéanamh as Fraincís, Spáinnis agus Gearmáinis chomh maith le Béarla. i measc na n-áiteanna oiriúnacha a d'fhéadfadh na bileoga a bheith ar fáil, bheadh an leabharlann, an oifig turasóireachta, caiféanna, siopaí leabhar agus An Díseart. Deanfar iniúchadh ar dtús ar bhileoga den tsaghas seo atá ar fáil cheana chun leas a bhaint as an samplaí atá ann cheana.</p> <p>Beidh deis ann suaitheantais nó siombail nó córais aitheantas ar leith a dhearadh a thabharfaidh le fios go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil. Beidh an costas is airde ar an mbeart seo i mbliain a 1 – dearthóireacht/brandáil, foilsíú abhar, ceannach na dtáirgí éagsúla (suaitheantais nó rl)</p> <p>Beidh taisteal chun féachaint ar thograí den tsaghas céanna ar nós Gailleamh le Gaeilge agus aon samplaí eile dá shórt le déanamh, le linn don gcoincheap a bheith á fhorbairt.</p> <p>Beidh táirgí margaíochta faoi leith le forbairt ag díriú ar dhaoine óga Beidh comhairle margaíochta le ceannach chun an córas monatóireachta a dhearadh (sampla – macasamhail na seastáin/boscaí a bhíonn ag Lidl dá gcustaiméirí chun gur féidir leo leibhéal a gcuid sástachta a léiriú trí chnaipe a bhrú)</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	PTCT, OPTCT, CTanD, CTCD, úinéirí/bainisteoirí gnónna/seirbhísí poiblí, cuairteoirí/custaiméirí.
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€25,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€10,000 bliain a 1 agus €2,500 sa bhliain ó Bhliain a 2 go bliain a 7
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCOG, PTDUC

Dúshláin an bhirt:	Branda a dhearadh a bheadh simplí le tuiscint, tarraingteach le feiscint, agus furist le húsáid.
Réiteach an dúshláin:	Teacht ar na leaganacha de chuid eagrais eile a déanadh cheana agus staidéar a dhéanamh orthu. Foireann mhaith deartha agus cumtha a fháil chun na hacmhainní a fhorbairt.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Líon an siopaí agus na gnóluchtaí a bhainfidh úsáid as na hacmhainní. Aischothú rialta le fáil ó chustaiméirí – córas le dearadh mar ata luaite thuas.

Beart 6.2.5	Seirbhís Aistriúcháin, Profála agus Athteangaireacht a chur ar fáil do Lucht Gnó, Seirbhísí Pobail, Féilte agus eagraíochtaí pobail ar nós cumainn spóirt is rl.
Réimsí:	D, E, F, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 9, 10, 11, 14, 15
Aidhm:	Chun íomhá ceart Gaelach a thabhairt do chúrsaí gnó an bhaile, rud a thabharfaidh le fios gur baile Gaeltachta é agus go gcuirfear fáilte roimh úsáid na Gaeilge ann, agus ar ndóigh tacú le lucht gnó/seirbhíse ábhar ar nós biachláir is rl a chur ar fáil i nGaeilge/go dhá theangach.
Eolas Breise:	<p>Comhairle a chur ar fáil do ghnónna maidir le fógraíocht a dhéanamh as Gaeilge agus leaganacha suímh idirlín a fhorbairt trí sheirbhís aistriúcháin a bheith ar fáil dóibh saor in aisce. Ceannóidh DanD seirbhísí profála agus aistriúcháin phroifisiúnta go rialta le freastal ar na gnónna agus seirbhísí – go h-áirithe iad siud a bheidh cláraithe faoin scéim atá molta faoi bheart 6.2.1.</p> <p>Spreagfaidh seo na siopaí, gnónna agus bialanna chun a gcuid ainmeacha a chur in airde as Gaeilge, biachláir dhátheangach a bheith ar fáil srl. Beifear ag gríosadh na bpáirtithe leasmhara le Gaeilge a bheith in úsáid ins na meain shóisialta.</p> <p>Ceann de na rudaí is mó a stopann lucht gnó agus eagraíochtaí pobail ó úsáid níos fairsinge agus níos feiceálaí a bhaint as an nGaeilge ná easpa féinmhúinín timpeall ar chúrsaí gramadaí agus litrithe. Dá mbeadh seirbhís aistriúcháin iontaofa ar fáil dóibh ba mhó go mór an úsáid a bhainfí as Gaeilge sna gnónna, de réir an méid a dúradh leis an bhfoireann le linn obair an phlean teanga. Ba ghá go mbeadh a leithéid de sheirbhís tapaidh go leor, mar ní fhanfaidh daoine i bhfad agus iad ag iarraidh fógraí nua nó biachlár nua in airde. Ar ndóigh, ní féidir le gnónna a bheith ag súil go n-aistreofaí rudaí fada [ar nós ábhar iomlán suímh gréasáin] saor in aisce. D'fhéadfadh uasmhéid focal a bheith leis an tseirbhís saor in aisce, le ráta fóirdheonaithe os a chionn sin.</p> <p>Ní aon slí go bhféadfadh OPTDUC an obair seo a thógaint ar bord agus dá bhrí sin tá géarghá le buiséad ar leith a bheith ar fáil chun freastal ar na riachtanais aistriúcháin agus profála.</p> <p>Cuirfear córas ateangaireacht ar bun ar bhonn triallach do chruinnithe poiblí agus déanfar athbhreithniú ar an éileamh agus an leibhéal sástachta a bhain leis an tseirbhís. Cuirfear Lucht gnó, coistí, agus eagrais Stáit agus coistí na nFéilte ar an eolas faoin tseirbhís aistriúcháin agus athteangaireacht.</p> <p>Is costas measta é an €10,000 i bliain a 1.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Comhluchtaí Aistriúcháin, agus Athteangairí, úinéirí gnónna an bhaile, PTDUC, OPTDUC, CTanD, CTCD, PTCT, OPTCT.
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	€70,000 (measta)
Costas measta in aghaidh na bliana:	€10,000 costas measta – aistriúcháin, profáil, ateangaireacht a cheannach ó sholáitheoirí éagsúla.
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC, agus síntiús ó chomhlachtaí móra go mbeidh carn aistriúcháin le déanamh acu.

Dúshláiin an bhirt:	Ní fios go fóill cén éileamh a bheidh ar na seirbhísí sa bheart seo. Beidh athbhreithniú le déanamh ag deire bliain a 1 agus leasú le déanamh dá réir ar an mbuiséad agus ar an gcur chuige. Beidh plé le déanamh le comhlachtaí aistriúcháin agus solaitheoirí seirbhíse athteangaireachta is rl.
Réiteach an dúshláin:	Seirbhís thiomnaithe aistriúcháin a chur ar fáil a bheadh tapaidh, cruinn agus saor in aisce suas go huasmhéid áirithe focal, agus tacaíocht chúí ó na páirtithe leasmhara tacaíocha chun iad a ghríosadh chun an tseirbhís a úsáid.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Déanfar measúnú ar éifeacht an bhirt seo trí féachaint ar an méid aistriúchán a bheidh le déanamh i mbliain a 1 agus an éileamh ar sheirbhís ateangaireacht. Ag braith ar an éileamh sin déanfar athbhreithniú ar an scéal agus cuirfear iarratas ar aghaidh dá réir.

Beart 6.2.6	Buntáistí na Gaeilge
Réimsí:	E, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 11, 12, 15
Aidhm:	Tuiscint a thabhairt do lucht gnó an bhaile ar an tábhacht a bhaineann le teanga na Gaeilge do Daingean Uí Chúis ó thaobh a mbrabús féin, go háirithe maidir leis an nGaeilge mar Ghné Uathúil Dhíolacháin.
Eolas Breise:	<p>Bileog eolais faoi bhuntáistí na Gaeilge a tháirgeadh agus é a scaipeadh i measc lucht gnó an bhaile. Ba cheart go mbeadh an eolas sa bhileog seo bunaithe ar fhaisnéis eacnamúil ó fhoinsí oifigiúla iontaofa agus é ag tabhairt figiúirí cruaidh seachas tuairimíocht. Dob fhiú dul i dteagmháil le Conradh na Gaeilge, a d'fhéadfaidh go bhfuil a lán den tsaghas seo eolais bailithe acu cheana féin.</p> <p>Beifear ag obair i gcomhar le PTCT i bhfeidhmiú Beart 6.7.5 de PTCT: Baineann Beart 6.7.5 de PTCT le: “Taighde chun luach a chur le buntáiste Geilleagrach na Gaelainne” (lch. 80-1), chomh fada is a bhaineann sé le baile Daingean Uí Chúis.</p> <p>Beidh PTCT ag coimisiúnú taighde a dhéanfaidh staidéar ar bhuntáistí géilleagracha na turasóireachta cultúrtha – An Ghaelainn- do cheantar Chorca Dhuibhne.</p> <p>Reachtálfaidh PTDUC seimineár i mbliain a 1 le lucht gnó agus turasóireachta an Daingin, chun tús a chur leis na bpróiseas taighde atá beartaithe ag PTCT agus léagas á fháil ó chainteoirí ó leitheidir Gaillimh le Gaeilge ar an dtaithí atá acu sin.</p> <p>Costas measta atá luaite leis an mbeart seo mar beidh se le h-aontú le PTCT.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC agus PTCT, OPTCT
Páirtithe leasmhara:	Conradh na Gaeilge, CTanD, CTCD, ÚnaG, PTDUC, OPTDUC, PTCT, OPTCT
Saolré:	Pleanáil, Ullmhúchán agus Feidhmiú: Bliain 1.
Costas measta iomlán:	€1,500 (Bl. 1) (costas áisitheoir, cainteoirí x 2, ionad agus bia) agus an bileog a fhoillsiú
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bheidh sé ar siúl go bliantúil.
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Go dtuigfeadh pobal gnó an bhaile gur chun a leasa eacnamúla féin is ea é ceann a thabhairt don nGaeilge laistigh dá ngnónna.
Réiteach an dúshláin:	Faisnéis shonrach, iontaofa a chur ar fáil a léiríonn go soiléir gur buntáiste í an Ghaeilge timpeall ar chúrsaí gnó.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Lion na ndaoine a fhreastalóidh ar an seimineár agus aischothú ós na rannpháirtithe. Ag braith ar éileamh agus moltaí na rannpháirtithe bheadh seans ann seimineár den tsaghas seo a eagrú go bliantúil.

Beart 6.2.7	Comharthaíocht a chur suas ag pointí iontrála an bhaile
Réimsí:	E, F, I, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	Feasacht a mhéadú i measc cuairteoirí gur baile Gaeltachta é Daingean Uí Chúis agus gur fiú dóibh Gaeilge a labhairt ann.
Eolas Breise:	<p>4 Fógra ollmhór a dhearadh agus a chur in airde ag pointí iontrála an bhaile agus ag láthair suntasacha mórtimpeall an bhaile. Fógróidh na cláracha seo gur baile Gaeltachta/le Gaeilge é Daingean Uí Chúis agus go gcuirfear fáilte roimh labhairt na Gaeilge ann. Cuirfear béim ar ilteangachas seachas dhátheangachas [Gaeilge, Béarla, Francís, Gearmáinis, Spáinnis] ar na fógraí seo, ach tabharfar tús áite don nGaeilge orthu. Ba cheart dearadh gairmiúil snasta a bheith ar na fógraí seo chun go dtarraingeoidh siad aird chucu féin.</p> <p>Fógraí buana a bheidh ionnta seo. Beidh structúr daingean (pollaí is rí) le ceannach is le h-insealbhú chun an fógra a chrochadh air. Tá costas dearadh, cead pleanála, insealbhú, agus déanamh an chomhartha san áireamh ins na gcostas. Bainfear úsáid as dromhchla na gcomharthaí móra buana seo chun na fógraí séasúracha atá luaite i mbeart a 6.2.8 a chrochadh ós a gcionn i rith na bliana.</p> <p>Cuirfear 2 chomhartha suas i mbliain a 1 agus na cinn eile i mbliain a 2.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	CTanD, CTCD, Comhairle Chontae Chiarraí.
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€20,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	Beidh 2 chomhartha á gcur suas i mbliain a 1 – costas measta de €10,000.
Foinsí maoinithe:	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Ós rud é gur fógraí móra buana a bheidh i gceist, beidh cead pleanála ag teastáil sara bhféadfar iad a chur in airde. Caithfear dul i gcomhairle leis na gComhairle Chontae ar an gceist sin.
Réiteach an dúshláin:	Dul i gcomhairle le heagrais ar nós CTanD a bhfuil taithí acu timpeall ar chead pleanála a lorg i gcomhair fógraí. Beidh ceisteanna faoi mhéid na bhfógraí, an suíomh ceart dóibh, srl. le réiteach.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh sé deacair tionchar an bhirt seo ann féin a mheas, mar bheidh sé ar cheann de roinnt bearta dírithe ar feasacht a ardú faoi labhairt na Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis. Beidh deire leis an mbeart nuair a bheidh na comharthaí seo curtha in airde.

Beart 6.2.8	Fógraí Séasúracha le chur in airde ag amanna cuí na bliana
Réimsí:	E, F, I, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	Feasacht a mhéadú i measc cuairteoirí gur baile Gaeltachta é Daingean Uí Chúis agus gur fiú dóibh Gaeilge a labhairt ann. Cur le hatmaisféar Gaelach an bhaile le linn féilte agus saoire bliantúla traidisiúnta.
Eolas Breise:	Fógraí in airde le beannachtaí séasúracha as Gaeilge ag amanna cuí na bliana (Nollaig, Cáisc, Lá le Pádraig, srl.). B'fhiú b'fhéidir féachaint ar Bheart 6.2.7 thuas, agus an féidearthacht go mbeadh sé indéanta na fógraí séasúracha a chur in airde go sealadach le linn na bhféilte bliantúla agus iad thar nó ar bharr na bhfógraí buana molta sa bheart sin. Tá allúntas measta de €1,000 sa bhliain á mholadh ar mhaithe le soláthair airgid a bheith ar fáil go leanúnach chun tabhairt faoi fógraí breise a fhorbairt a chabhróidh le feiceálacht na Gaeilge a fheabhsú.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC,.
Páirtithe leasmhara:	CTanD, CTCD, Comhairle Chontae Chiarraí, An Cumann Tráchtála
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	Tá allúntas measta de €1,000 sa bhliain á mholadh ar mhaithe le soláthair airgid a bheith ar fáil dos na comharthaí séasúracha seo a fhorbairt de réir a chéile.
Foinsí maoinithe:	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Ós rud é bhféadfadh fógraí móra a bheith i gceist, bheadh cead pleanála ag teastáil sara bhféadfar iad a chur in airde. Ach má chuirtear ós cionn na fógraí buana molta faoi Bheart 6.2.8 thuas, ní cheart go mbeadh cead pleanála ag teastáil anuas ar an gcead do na fógraí buana.
Réiteach an dúshláin:	Dul i gcomhairle le heagrais ar nós CTanD a bhfuil taithí acu timpeall ar chead pleanála a lorg i gcomhair fógraí. Beidh ceistanna faoi mhéid na bhfógraí, an suíomh ceart dóibh, srl. le réiteach.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh sé deacair tionchar an bhirt seo ann féin a mheas, mar bheidh sé ar cheann de roinnt bearta dírithe ar feasacht a ardú faoi labhairt na Gaeilge i mbaile Daingean Uí Chúis. Cuirfear griangraif des na comharthaí ar mheáin shóisialta DanD chun aischothú a mhealladh.

Beart 6.2.9	Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do chuairoteoirí
Réimsí:	D, E, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	Feasacht a mhéadú i measc cuairteoirí gur baile Gaeltachta é Daingean Uí Chúis agus gur fiú dóibh Gaeilge a labhairt ann. As seo bheifí ag súil go méadódh ar an nGaeilge a labharfar le lucht gnó, seirbhísí poiblí agus an pobal i gcoitinne ar an mbaile.
Eolas Breise:	Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do chuairoteoirí. Bheadh an rang seo bunaithe ar fhrásaí simplí a úsáidtear i gcomhrá bunúsach. D'fhéadfaí cúig nóiméad nó mar sin a bheith curtha leis an tús, ag cur síos go tapaidh ar stair na Gaeilge. Ba cheart nach mbeadh na ranganna seo rófhada. Ba leor 40-45 nóiméad. Níl i gceist ach blaiseadh. D'fhéadfaí na ranganna seo a réachtáil san Ionad Gaeilge ar an mbaile, ionad a bhfuil a bhunú molta faoi Bheart 2.1 . Bhí ranganna den tsórt seo á réachtáil cheana féin sa Díseart agus b'fhiú dul i dteagmháil leis na daoine a bhí ag reachtáil/múineadh na ranganna sin faoi na dúshláin ar leith a bhain leo agus na seifteanna a bhí acu chun iad a shárú. Bheadh fógraí inairde ins na bialanna/tithe ósta faoi na ranganna. Bheadh eolas faoi na ranganna ar fáil san oifig turasóireachta agus bheadh sonraí teagmhála agus suíomh idirlíon an Phlean Teanga ar fáil le h-aghaidh clárú a dhéanamh. Forbairt leanúnach a bheadh i gceist leis na mbeart seo
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Cuairoteoirí ar an mbaile, CTCD, An Oifig Turasóireachta, PTCT, OPTCT
Saolré:	Pleanáil agus Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€3,500
Costas measta in aghaidh na bliana:	€500
Foinsí maoinithe:	ÚnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	A dhóthain spéis a mhúscailt i measc cuairteoirí chun go mbeidh sé inmharthana ranganna a dhéanamh.
Réiteach an dúshláin:	Fógraíocht a dhéanamh sna fóraim cuí chun aird chuairoteoirí a tharraingt ar na ranganna [Oifig Turasóireachta, in óstáin/tithe lóistín, ar na bileoga molta faoi Bheart 1.5 , srl.]
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	D'fhéadfaí éifeacht an bhirt seo a mheas bunaithe ar na huimhreacha cuairteoirí a ghlacann páirt sna ranganna agus ó aischothú iadsan a ghlacann páirt. D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar seo ar bhonn bliantúil. Seans maith go ndéanfaidh sé ciall na ranganna a bheith teoranta go dtí ardsheasúr na turasóireachta. Bheadh tionchur ag an mbeart seo ar leibhéal feasachta an lucht gnó ar luach na Gaeilge don eacnamaíocht sa cheantar.

Beart 6.2.10	Ionchur a dhéanamh i mBeart 6.7.2 de PTCT - Aip fón póca
Réimsí:	E, F, H, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 14, 15
Aidhm:	Tacú le foireann PTCT chun Aip fón póca a chuireann síos ar sholáthar seirbhísí as Gaeilge a fhorbairt.
Eolas Breise:	<p>Tá an méid seo leanas i bPTCT maidir le beart 6.7.2:</p> <p>“Aip fón póca a chruthú ag soláthar eolais don turasóir faoi sheirbhísí/gnónna as Gaelainn (lch. 76), chomh fada is a bhaineann sé le baile Daingean Uí Chúis. Cruthófar aip fón póca do ghnónna atá ag soláthar seirbhísí as Gaelainn nó ag cur imeachtaí/seirbhísí as Gaelainn ar fáil chun gur féidir le turasóirí (nó an pobal áitiúil) teacht ar eolas saoráideach maidir le gnónna a úsáideann Gaelainn nó imeachtaí a bheidh ar siúl as Gaelainn gach mí.”</p> <p>Tá an beart seo pléite ag DanD (PTDUC) agus Tobar Dhuibhne (PTCT). Beidh cruinnithe rialta idir an dhá dhream le linn don mbeart seo a bheith á fhorbairt chun go mbeadh ionchur agus aontú, maidir le roghnú an ábhair agus na téamaí a bheidh san Aip, idir an dhá ghrúpa.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann PTCT (TD).
Páirtithe leasmhara:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Saolré:	Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Foinsí maoinithe:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Dúshlán an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Réiteach an dúshláin:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh aischothú maidir le h-úsáid an Aip mar abhar plé idir an dha ghrúpa – eolas faoi líon na ndaoine a bhaineann úsáid as mar shampla, agus leasuithe gur fiú tabhairt fútha chun an Aip a uasdatú go tráth rialta.

Beart 6.2.11	Polasaí Teanga a aontú le lucht eagraithe na Féilte a bhíonn ar bun sa Daingean
Réimsí:	F, G, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 11, 15
Aidhm:	<p>Go mbeadh an Ghaeilge ina dlúthchuid feiceálach de gach féile a bhíonn ar siúl i nDaingean Uí Chúis, agus go mbeadh suim, meas agus feasacht sa Ghaeilge ag méadú i measc na n-ealaíontóirí áitiúla agus na cuairteoirí idirnáisiúnta a fhreastalaíonn ar na Feilte seo.</p> <p>Tá sé mar sprioc ag PTDUC go mbeadh Polasaí Teanga aontaithe agus i bhfeidhm ag, ar a laghad 50% des na Féilte atá ar bun i nDaingean Uí Chuis faoin mbliain 2026.</p> <p>Trí seo a dhéanamh – meas ar an nGaeilge a chothú i measc na bhfigiúirí cultúrtha seo a bhíonn an-mheas ag daoine óga orthu – is féidir meas daoine óga an cheantair a mhéadú ar an teanga atá acu, chun go gcuirfidh siad tuilleadh luach uirthi.</p>
Eolas Breise	<p>Reachtálar ar a laghad 16 d'fhéiltí i mBaile Daingean Uí Chúis gach bliain –(féach aguisín 4) agus is gné fíor thábhachtach iad do ghéilleagar an cheantair – ó thaobh cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus na healaí. Tá deis ardán a thabhairt don dteanga ag na Féilte seo agus ba chóir go mbeadh an stádas mar Ghaeltacht atá ag LPT Chiarraí Thiar le cur san áireamh agus gach Féile le linn é a bheith á bheartú agus á reáchtáil.</p> <p>Tá gné eile tábhachtach de seo clúdaithe i PTCT, Beart 6.12.6 [“ An Ghaelainn agus Féilte”], ag díriú ar dhualgaisí na bhFéilte i leith na Gaeilge de bharr an tacaíocht airgid a fhaigheann siad ó Ealaín na Gaeltachta agus eagrais eile nach iad:</p> <p style="padding-left: 40px;">Coinníoll teanga éifeachtach a bheith le haon scéim tacaíochta (i bhfoirm deontais) atá ar fáil d'fhéilte áitiúla. Polasaí a chur i bhfeidhm a cheanglóidh deontais le húsáid na Gaelainne le linn imeachtaí na bhféilte, a chinnteoidh go mbeidh an Ghaelainn lárnach ag féilte.</p> <p>Ós rud é go bhfuil formhór na féilte móra i gCiarraí Thiar lonnaithe, go príomha, i nDaingean Uí Chúis, beidh dualgas láidir ar fhoireann PTDUC i gcur i bhfeidhm an bhirt seo, agus beidh an OPT ag díriú ar líon áirithe Féilte go bliaintúil chun cabhrú leo polasaí Gaeilge a fhorbairt agus a fheidhmiú.</p> <p>Tá sé tábhachtach, ó thaobh íomhá agus dearadh ábhar fógraíochta d'fhéilte, go mbeadh tacaíocht ar fáil ó thaobh cúrsaí aistriúcháin. Faoi Bheart 6.2.5 thuas moltar seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do ghnótha an bhaile. Ba cheart go mbeadh seirbhísí an aistritheora seo á gcur ar fáil do na féilte áitiúla, nó go mbeadh méid áirithe den mbuiséad a chuireann Ealaín na Gaeltachta ar fáil luaite le seirbhísí aistriúcháin i dtreo is go mbeidh sé de dhualgas ar na bhféilte é a chaitheamh ar chúrsaí aistriúcháin agus ateangaireacht.</p> <p>Díreófar ach go h-áirithe ar na mór Fhéilte i mBliain a 1 – ag tabhairt tús áite don bhFéile Other Voices agus Féile na Bealtaine.</p> <p>Cuirfear cúnaimh ar fáil do Choistí na bhféilte leis na costais a bhaineann le dearadh agus foillsiú ábhar bolscaireachta ar an suíomh idirlíon, ar na meain shóisialta, ar chomharthaíocht trí Ghaeilge/dhá theangach chun iad a spreagadh le polasaí teanga a fhorbairt agus a fheidhmiú.</p>

Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Coistí eagraithe na bhféilte áitiúla, Painéal aistritheoirí ag PTDUC, EnaG, ÚnaG
Saolré:	Ullmhúchán : Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta iomlán:	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000
Foinsí maoinithe:	EnaG, FÉ, RCOG, PTDUC
Dúshláin an bhirt:	A chinntiú go bhfuil an polasaí a aontaíotar a fheidhmiú le linn na bhFeilte
Réiteach an dúshláin:	Freastal ar fhéilte a fhaigheann tacaíocht ó eagrais Ghaeltachta.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh cóipeanna des na polasaithe teanga a aontaíotar leis na Féilte ar chomhad ag an OPT. Beidh athbhreithniú le déanamh ar úsáid na Gaeilge le linn na Féile, agus tuairisc le cur ar fáil ag an OPT ar che chomh h-éifeachtach is a bhi feidhmiú an pholasaí.

6.3 Saoráidí Sóisialta

Beart 6.3.1	Lárionad Gaeilge agus Ealaín a bhunú i nDaingean Uí Chúis
Réimsí:	D, H, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 9, 10, 14, 15
Aidhm:	<p>Taighde a dhéanamh ar na deiseanna atá ann agus na deacrachtaí atá le sárú chun Lár Ionad Gaeilge (+ Cultúr agus Ealaíne) a bhunú sa BSG, agus spás lárnach feiceálach a chruthú don nGaeilge agus dos na hEalaíona i nDaingean Uí Chúis. Tá beart den tsaghas céanna i PTCT (6.12.4) Beidh soiléireacht le déanamh ar rólanna na bpáirtithe ar fad i bhforbairt agus uinéireacht an bhirt seo agus fochoiste a bhunú faoi stiúir DanD mar chéad chéim.</p> <p>Beidh an Ionad seo mar phointe teagmhála agus eolais d'áitreabhaigh agus cuairteoirí araon, le comhlúadar agus cabhair ó thaobh chúrsaí Gaeilge ar fáil ann agus imeachtaí á reachtaíil mar a bhí ins An Lab go dtí go dtáinig deire leis. Go faid téarmach, bheadh an áit seo mar cheannárus do DanD, ceanneagraíocht PTDUC. (Féach Beart 6.1.3)</p>
Eolas Breise:	<p>Tá ionad gearr thréimseach le fáil ina mbeidh Oifig DanD agus an OPT lonnaithe. Tá socruithe á ndéanamh le BOOC chun an spás seo a sholáthar ins na hoifigí atá acu i Sráid na nGabhar. (6.1.3)</p> <p>Go faid téarmach áfach, tá gá le Lárionad Gaeilge agus Ealaín a bhunú i nDaingean Uí Chúis. Pointe teagmhála do lucht labhartha agus lucht foghlama na teanga, chomh maith le cuairteoirí a bhfuil spéis acu níos mó a fháil amach faoin nGaeilge a bheadh anseo, le h-atmasféar oscailte, fáiltiúil, agus oiriúnach le bheith ina ionad do chiorcal comhrá agus/nó ranganna bunúsacha do chuireoirí [féach Bearta 2.4 agus 1.10]. Ina theannta san ach suíomh nua ionad mór go leor a aimsiú, bheadh sé oiriúnach an Lár Ionad Ealaíne atá á mholadh i mbeart 6.12.4 i bPlean teanga Chiarraí Thiar a bheith ar an láthair céanna.</p> <p>Ós rud é go bhfuil deire tagtha leis An Lab, tá follús anois ann ó thaobh na n-Ealaín de agus bheadh sé ciallmhar má ta Lar Ionad le forbairt go mbeadh lár ionad na teanga agus na healaín ar an láthair céanna. I láthair na h-uaire, tá forbairt á bheartú i gcomhar le hÚnaG ar shean Oispideál an Daingin agus tá Lár Ionad Gaeilge, Ealaín agus Cultúr ar cheann des na míreanna atá a lua leis an bhforbairt sin.</p> <p>Tá sé á mholadh sa bheart seo go ndéanfaí taighde ar na deiseanna agus na dúshláin faid téarmacha ó thaobh an tsaghas ionad atá de dhith ar DanD agus go gcuirfí tuairisc le cheile a chuireadh na roghanna éagsúla (mas ann dóibh) le chéile, agus na costais is rí a bhaineadh lena bhforbairt is a réachtáil.</p> <p>Moltar taighde a dhéanamh mar a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Cad go díreach a bheidh san Ionad? Fís? 2. Cad iad na riachtainis spáis áta ag teastáil chun freastal ar an bhfís?(oifigí,seomraí ranga/illchuspóireach, amharclann, ionad taispeántais, cistin is rl) 3. Cad iad na spásanna atá ar an mbaile a bheidh oiriúnach nua ar fáil le h-athchóiriú más ann dóibh – an sean oispideál san áireamh. Muna bhfuil áit oiriúnach ar fáil an mbeadh “suíomh glas” ar fáil? 4. Plean Gnó le cur le chéile ag léiriú na costais ioncaim agus caiteachas measta a bhainfhead leis an Ionad a réachtáil 5. Garbh chostas measta a chur le chéile ar phraghas tógála/athchóirithe an rogha is fearr ó thaobh spáis de. 6. Foinsí Maoinithe a aithint.

Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Muintir an bhaile, Údárás na Gaeltachta, an Comhairle Chontae, PTCT, Ealaín na Gaeltachta, BOOC, ealaíontóirí an bhaile.
Saolré:	Pleanáil agus taighde : Bliain 1 – 2;
Costas measta iomlán:	€20,000 – (€15,000 a lorg trí staidéar feidireachta ó ÚnaG)
Costas measta in aghaidh na bliana:	Bliain a 1 – costas measta ar an dtaighde/staidéar féidireachta €5,000 ón bplean teanga
Foinsí maoinithe:	RCOG, PTDUC agus ÚnaG – Scéim Fiontair Pobail.
Dúshlái an bhirt:	Duine/daoine oiriúnacha a aimsiú chun an taighde a dhéanamh.
Réiteach an dúshláin:	Fógairt cheart a dhéanamh ar an dtogra taighde.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Céimeanna soiléire a bheith leagtha síos – bunú an fochoiste, aimsiú taighdeoir, réimse agus spriocanna an taighde a aontú, sprioc ama a chur leis an dtaighde, aischothú agus ionchur ón bhfochoiste ar baint amach na spriocanna éagsúla, próiseas comhairliúchain poiblí le moltaí. Cinneadh.

Beart 6.3.2	Scéim Mheantóireachta 'Buddies' a bhunú do foghlaimeoirí Ghaeilge
Réimsí:	D, J, K
Critéir pleanála teanga	6, 9, 10, 15
Aidhm:	Deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge i nDaingean Uí Chúis an teanga a úsáid is a fheabhsú i gcomhthéacs sóisialta.
Eolas Breise:	Scéim mheantóireachta ar nós 'Buddies' nó 'Gaelchara' a bhunú do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim. Roinnt cainteoirí maithe a chur le chéile a bhfuil am le spáráil acu [daoine atá imithe ar scor, srl.] agus atá sásta am a chaitheamh ag cabhrú le foghlaimeoirí. Ní gá go mbeadh an-chuid ama i gceist, b'fhéidir uair nó uair go leith sa tseachtain ag bualadh le haghaidh cupán caife, nó a leithéid. Moltar go mbeadh triúr seachas beirt i gceist, duine ar a laghad le líofacht sa teanga aici/aige. Bhí scéim dá leitheid ag OCD cheana. Beidh teagmháil á dhéanamh le OCD agus le OPTCT chun comhairle agus treoir a lorg maidir le conas scéim den tsaghas seo a reáchtáil go sásúil.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Cainteoirí maithe Gaeilge, foghlaimeoirí Gaeilge, OCD, PTCT, OPTCT.
Saolré:	Pleanáil agus ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2 – 7.
Costas measta iomlán:	Mar thíos.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann. Bheifí ag súil go n-oibreoidh an scéim seo ar bhonn deonach.
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann
Dúshlán an bhirt:	Ó scéimeanna dá leithéid a bhí ann cheana luadh easpa pointeáltachta foghlaimeoirí ó thaobh coinní a chomhlíonadh mar rud a chuir isteach ar lucht a gcabhartha agus a bhí mar chúis teipthe ar a leithéid.
Réiteach an dúshláin:	A chur ina luí ar an dá thaobh den gcaidreamh go bhfuil sé tábhachtach a bheith pointealtá agus poncúil ó thaobh coinní.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Is féidir an scéim seo a mheas go bliantúil trí aischothú a lorg ar na foghlaimeoirí agus na cúntóirí araon faoina héifeacht agus trí líon méadaithe ar líon na gcainteoirí laethúla/seachtainiúil ins an daonáireamh.

Beart 6.3.3	Sraith imeachtaí sóisialta ceoil/caidreamh trí Ghaeilge/turasanna – saghas club sóisialta trí Ghaeilge.
Réimsí:	D, J, K
Critéir pleanála teanga	8, 9, 10, 15
Aidhm:	Deiseanna rialta taitneamhacha sóisialta a chruthú a sholáthróidh atmaisféir nádúrtha neamhfhoirmeálta do dhaoine de gach leibhéal cumais a gcuid Gaeilge a úsáid, ach dírithe ach go h-áirithe ar dhaoine le líofacht sa teanga. Múnla an Pop Up Gaeltachta a bheith in úsáid.
Eolas Breise:	Sraith imeachtaí sóisialta ceoil/comhrá Gaeilge a chur ar siúl i rith an Gheimhridh do mhuintir an bhaile. Is i rith an Geimhridh a bhíonn scíth ag muintir an bhaile chun bualadh agus sult a bhaint as comhlúadar a chéile. Bheadh na himeachtaí neamhfhoirmeálta Gaeilge le haíonna ceoil, turasanna, cainteanna spésiúla is rl seo dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge, do cainteoirí líofa ach go h-áirithe ach fáilte roimh agus foghlaimoírí leis. Bheadh siad ar siúl istoíche. Déantar tagairt dá leithéid i PTCT, Beart 6.5.1 (“Deiseanna Foghlama Gaelainne struchtúrtha céimnithe a fhorbairt ar fud an LPT”). Is deis eile an beart seo chun comhoibriú le PTCT.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD), OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Lucht labhartha na Gaeilge an bhaile/larthar Dhuibhneach.
Saolré:	Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: 2 – 7.
Costas measta iomlán:	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000
Foinsí maoinithe:	EnaG, RCOG, PTDUC
Dúshlán an bhirt:	Spás sóisialta neamhfhoirmeálta a chruthú mar a bheidh daoine sásta agus compórdach a gcuid Gaeilge a úsáid.
Réiteach an dúshláin:	Áit oiriúnach a roghnú agus idir aíonna agus bean/fear an tí a aimsiú a chuirfidh daoine ar a gcompórd.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Coimeádfaidh OPTDUC súil ar rathúlacht na hoícheanta ceoil/comhlúadair agus déanfar measúnú ar a éifeacht ag deireadh gach sraithe.

Beart 6.3.4	Ciorcail Comhrá seachtainiúil a bhunú ar an mbaile
Réimsí:	D, J, K
Critéir pleanála teanga	8, 9, 10, 11, 15
Aidhm:	Deiseanna a thabhairt do dhaoine feabhas a chur ar a nGaeilge agus aithne a chur ar dhaoine eile ar féidir Gaeilge a labhairt leo.
Eolas Breise:	Ciorcal Comhrá seachtainiúil a bhunú ar an mbaile a bhogann timpeall – ó chaifé amháin go ceann eile – in aghaidh na míosa. Tá roinnt mhaith caiféanna timpeall an bhaile a d'fhéadfaí an ciorcal comhrá a bhogadh timpeall ó cheann go ceann gach mí, rud a thabharfadh éagsúlacht don imeacht. Beidh gá ionad an ciorcal comhrá a fhógairt gach seachtain ar Raidió na Gaeltachta agus i gCorca Dhuibhne Beo. B'fhearr go mbeadh sé ar siúl ar an Satharn chun go mbeadh sé áisiúil do dhaoine freastal air. Is fearr don gcorcal comhrá a bheith amuigh i gcaifé ná istigh i seomra dúnta éigean, mar go gcabhraíonn seo le normalú agus íomhá na Gaeilge ar an mbaile. D'fhéadfadh sé lucht oibre na gcaiféanna a spreagadh chun níos mó Gaeilge a úsáid leis. Tá grúpa a thagann le chéile i gcaife Strand House go rialta chun Gaeilge a chleachtadh agus b'fhiú d' OPTDUC labhairt leo faoina riachtanais, na dúshláin a mbraitheann siad a bheith ag baint leis an gcur chuige, srl. Dírithe níos mó ar an bhfoghlaimoir seachas beart 6.3.3 atá dírithe ar chainteoirí líofa.
Príomhúinéir an bhirt:	PTCT, OPTCT
Páirtithe leasmhara:	OPTCT, lucht foghlama/labhartha na Gaeilge
Saolré:	Ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1-7.
Costas measta iomlán:	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000 sa bhliain .€100 sa mhí – caife/té, aíonna, áiseanna foghlama ar nós cluichí boird tri Ghaeilge is rl.
Foinsí maoinithe:	Ní bhaineann.
Dúshláin an bhirt:	Daoine a bheith ar an eolas faoin gcorcal comhrá.
Réiteach an dúshláin:	Fógraíocht mhaith a dhéanamh sna meáin áitiúla agus daoine a choimeád suas chun dáta faoi ionad an chiorcail.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh OPTCT freagrach as seo. Ba cheart go mbeidh na huimhreacha a fhreastalaíonn ar an gcorcal comhrá agus an leanann nó nach leanann daoine leis mar phríomhghnéithe aon mheasúnaithe.

Beart 6.3.5	Plé & aontú bheart 6.6.1 de chuid PTCT a dhéanamh le foireann PTCT
Réimsí:	C, D, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 8, 10, 15
Aidhm:	Struchtúr nua comháite don Óige a fhorbairt trí Ghaeilge i nDaingean Uí Chúis.
Eolas Breise:	<p>Tacú le Foireann PTCT leis na céimeanna a bheidh á dtógaint acu chun áiseanna agus imeachtaí a chur ar fáil d'óige an cheantair mar atá leagtha síos i mBeart 6.6.1 de PTCT ["Struchtúr nua comhtháite don Óige a fhorbairt"]. i measc na rudaí a mholtar sa bheart seo tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Go bhfostófar Oifigeach Óige do Chorca Dhuibhne mar chuid d'fheidhmiú an phlean teanga chun clár cuimsitheach Gaelainne a fhorbairt d'óige na leithinse. • Go mbunófar Clubanna Óige nua trí Ghaeilinn. • Go n-eagrófar imeachtaí eile nasctha leis na clubanna óige m.sh. dioscónna, tráthanna na gceist, comórtais/féilte idir clubanna spóirt & caitheamh aimsire, ócáidí ceoil agus ealaíne. <p>Beidh tacaíocht láidir OPTDUC don mbeart seo fíorthábhachtach ó thaobh na struchtúir riachtanacha a chur i bhfeidhm i mbaile Daingean Uí Chúis. Ba cheart, ar dtús, tacú le foireann PTCT agus iad ag lorg maoiniú chun Oifigeach Óige a cheapadh. Ansin beidh gá go mbeidh an t-Oifigeach Óige agus OPTDUC ag comhoibriú go dlúth maidir le seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine óga.</p> <p>Beidh sé tábhachtach go ndéanfar an cúram céanna de leanaí agus déagóirí an bhaile is a dhéanfar d'aos óg an chuid eile den cheantar. Anuas ar an méid sin, tá Daingean Uí Chúis thar a bheith tábhachtach mar ionad lárnach do dhéagóirí Charraí Thiar ar fad, ós rud é gurb é an baile an áit a bhíonn siad ag iarraidh triall air ag an aois sin. Tá an pointe seo léirithe ag cé chomh maith is a bhíodh ag éirí leis an gcaifé óige 'An Moncaí Ocrach' a bhí ann tamall de bhlianta ó shin i nDaingean Uí Chúis. Sa mhéid seo, tá cás láidir go mbunófaí ar a laghad cuid de na háiseanna Gaeilge do dhéagóirí sa bhaile.</p> <p>Faoi 'Sheirbhísí Poiblí', tá an beart seo a leanas ag PTCT: Beart 6.11.2: Scéim a fhorbairt a thacóidh le himeachtaí trí Ghaeilinn a reáchtáil d'óige na Gaeltachta in LPTCT." Tá an beart seo dírithe ar CCC, ag iarraidh orthu maoiniú a chur ar fáil do chumainn/clubanna, srl. a chuireann imeachtaí trí Ghaeilge don óige ar fáil. Ba cheart OPTDUC a thacaíocht a thabhairt d'fhoireann PTCT chun an beart seo a chur i bhfeidhm leis.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	Oifigeach Óige PTCT i gcomhar le Muintearas agus BOOC
Páirtithe leasmhara:	PTCT, OPTCT, Na scoileanna, an óige, na tuismitheoirí, PTDUC, OPTDUC
Saolré:	Ullmhúchán [i gcomhairle le foireann PTCT]: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta iomlán:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Foinsí maoinithe:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Dúshlán an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].

Réiteach an dúshláin:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].

Beart 6.3.6	Polasaí teanga do Chumainn, Coiste Spóirt & Caitheamh Aimsire i mbaile Daingean Uí Chúis.
Réimsí:	D, G, J, K
Critéir pleanála teanga	9, 10, 15
Aidhm:	A chinntiú go bhfuil polasaí teanga i bhfeidhm ag na coistí agus na cumainn dheonacha ar fad atá ag feidhmiú i mBaile Seirbhise an Daingin de réir a cheile. Tá sé mar sprioc sa Phlean teanga seo go mbeidh Polasaí Teanga aontaithe agus á chur i bhfeidhm ag ar a laghad 50% des na coistí/cumainn atá ag feidhmiú ins an BSG.
Eolas Breise:	<p>Tagann sé seo leis na haidhmeanna i mBeart 6.12.1 ag PTCT.</p> <p>Tá formhór de na cumainn spóirt agus caitheamh aimsire i gCiarraí Thiar lonnaithe i nDaingean Uí Chúis. Is cuí, mar sin, go dtacódh OPTDUC leis an mbeart seo i PTCT a chuireann roimhe “Polasaí teanga a fhorbairt agus tacaíocht phraitíúil a sholáthar do na cumainn spóirt is caitheamh aimsire.” Bheadh sé ciallmhar go mbeadh na Cumainn Spóirt ar nós CLG faoi PTCT chun go mbeadh an cur chuige céanna ag gach Club ach go mbeadh an Cumainn/Coistí sonracha a bhaineann le baile an Daingin fein faoi choimirce PTDUC.</p> <p>Beidh ceardlanna le n-eagrú leis na cumainn seo chun cabhrú leo polasaithe teanga a fhorbairt agus beidh cúnamh ar fáil do bhaill ós na cumainn gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge is rl. I mbliain a 1 beidh na cumainn/coistí ar fad le h-aithint, suirbhe le déanamh chun na riachtanais a aithint agus plean gnímh le cur le chéile. Tá €1000 á mholadh i mbliain a 1 chun buiséad a bheith ar fáil dos na costais a bhainfidh le ceardlanna feasachta teanga/suirbhé/áisitheoir nú rl. a chlúdach, agus tacú le athdhearadh ar bhróiséir, suiomh idirlíon, meáin shóisialta, cartaí ballraíochta is rl.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	Cumainn agus Coistí i nDaingean Uí Chúis, PTCT
Saolré:	Pleanáil agus ullmhúchán: Bliain 1; Feidhmiú: Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	€7,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€1,000
Foinsí maoinithe:	PTDUC, RCOG
Dúshláin an bhirt:	Na coistí/cumainn a mhealladh le ‘bheith páirteach
Réiteach an dúshláin:	A chinntiú go mbeidh na cumainn/coistí ar an eolas go bhfuil ról ag gach coiste/cumann le cinntiú go mbainfear amach spriocanna PTDUC.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh cur chuige céimiúil i gceist leis an mbeart seo Comeadfar tuairisc ar líon na ngrúpaí ar deineadh teagmhail leo, ar an líon a fhreastal ar ócaidí/ceardlanna.suirbhéanna is rl. Coimeadfar cóip de gach polasaí de reir mar a aontaíotar é.

Beart 6.3.7	Ionad Óige n� "Bualadh Isteach" don �ige a chur ar bun sa Daingean
R�ims�:	C, D, J, K
Crit�ir plean�la teanga	3, 8, 10, 15
Aidhm:	Taighde chun sp�s s�bh�lta oiri�nach a aimsi� a bheadh ar f�il do dh�ag�ir� ar mhaithe le caitheamh aimsire agus s�isial� tr� mhe�n na Gaeilge a bheith ar f�il lasmuigh den gc�ras Oideachais. Plean forbartha agus Plean Gn� le cur le ch�ile don Ionad Oige.
Eolas Breise:	� cuireadh deire leis 'An Monca� Ocrach' sa Daingean, n�l aon sp�s ar leith ar f�il do dhaoine �ga. T� s� � mholadh sa bheart seo, mar ch�im a 1, go nd�anf�r taighde ar na f�idireachta� a bhaineann le h-ionad don �ige a bhun�. Bun�far fochoiste speisialta chun dul i mbun na taighde. Taighdeoir le n-aimsi� chun eolas a bhaili� maidir leis na ceisteanna seo leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Cad iad na riachtanais/mianta a bheadh ag daoine �ga i leith sp�s don ts�rt seo? An bhfuil Ionad n� su�omh oiri�nach ar f�il d� leith�id? • C�n costas measta caipitil a bhaineadh le h-ionad/su�omh a fhorbairt d� mba rud � go raibh a leith�id ann/ar f�il? • C�n c�ras bainist�ochta agus riarach�n a bheadh i gceannas? • C�n costas a bhaineadh le h-ionad d� leith�id a re�cht�il? • Cad iad na foins� maoinithe � thaobh deontas caipitil at� ar f�il? • Cad iad na foins� maoinithe/taca�ochta � thaobh re�cht�la de at� ar f�il?
Pr�omh�in�ir an bhirt:	An Fochoiste a bheidh le bun� i gcomhar le PTDUC
P�irtithe leasmhara:	PTCT, Muintearas/�ige na Gaeltachta, BOOC, d�ag�ir� �iti�la, KDYS
Saolr�:	2 bhliain
Costas measta ioml�n:	�8,000 at� � lua mar chostas ar an dtaighde. Ag eascairt as an dtaighde beifear in ann costas do fhorbairt an Ionad �ige a chur le ch�ile.
Costas measta in aghaidh na bliana:	�4,000 – bliain a 1. Plean Teanga DanD agus �4,000 Sceim Fiontair Pobail.
Foins� maoinithe:	�naG (Sceim Fiontair Pobail) RCOG (deontas caipitil m� bh�onn athch�iri�/t�g�il le d�anamh sa todhcha�, Roinn an leana�, �ige na gaeltachta, feachtas bailithe airgid)
D�shl�in an bhirt:	Daoine a aimsi� a bheidh s�sta agus oiri�nach le bheith ar an bhfochoiste
R�iteach an d�shl�in:	Bolscaireacht
Monat�ireacht ar �ifeacht, cur i bhfeidhm agus rath�lacht an bhirt:	Cruinni�/tuairisc� scr�ofa le cur ar f�il go rialta do Coiste Sti�rtha Boird DanD (CSB DanD) ar dhul chun cinn an taighde. Aischoth� le cur ar f�il. Tuairisc agus Plean deirigh le cur faoi bhr�id PTDUC.

Beart 6.3.8	Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh in Áiseanna na hÓige
Réimsí:	A, B, C, D, F, K
Critéir pleanála teanga	7, 8, 9, 15
Aidhm:	Seirbhísí tacaíochta teanga a sholáthar dos na Teaghlaigh a bhaineann úsáid as Aiseanna na hÓige, i gcomhar le Bainisteoir Áiseanna na hÓige.
Eolas Breise:	<p>Ionad Seirbhísí Cúram Leanaí is ea Aiseanna na hÓige atá lonnaithe in Ard na Gréine i nDaingean Uí Chúis.</p> <p>Tá suas le 137 leanbh ag freastal ar sheirbhísí éagsúla in Aiseanna na hÓige – seirbhísí réamh scoile (Montessori agus Naíonra), seirbhísí cúram leanaí agus seirbhísí tar éis agus roimh scoile. Tá stádas mar Ionad Tacaíochta Teaghlaigh de chuid Túsála bainte amach ag an Ionad anois agus beidh Bainisteoir lán aimseartha á fhostú san ionad chun réimse tacaíochtaí a chur ar bun do thuismitheoirí. Tá cúlra teanga an éagsúil le fáil ins na teaghlaigh atá ag freastal ar na seirbhísí agus roinnt mhaith eachtrannaigh ag baint úsáid astu.</p> <p>Tá géar gá riachtanais teanga na teaghlaigh seo a aithint agus freastal ortha, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Bun ranganna Gaeilge • Pacáiste ionductaithe le forbairt maidir le clann a thógaint sa Ghaeltacht – ag díriú ar phobal na h-áite agus ag diriu ar dhaoine nua a bhogann isteach sa cheantar, go háirithe ó thiortha eile. • Forbairt an pháiste – sochtheangeolaíocht – cúrsaí don bhfoireann • Acmhainní ar nós leabhair agus cdanna • Saibhriú na teanga le do pháiste – ceardlanna don gcainteoir dúchais • Forbairt ar an ngrúpa máithreacha agus leanaí. • Ceardlanna dos an thuismitheoirí a chabhródh leo conas tacú lena gcuid páistí obair bhaile a dhéanamh is rl.
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	Aiseanna na hÓige, Mol an Óige, Naíonra an Daingin, CNNG, Túsála, An Roinn Sláinte, ÚnaG, Tús Maith, Tuismitheoirí na Gaeltachta, OCD.
Saolré:	Tacaíocht leanúnach le linn tréimhse feidhmithe an Phlean Teanga.
Costas measta iomlán:	€21,000
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,000 (ciste teagmhais chun tacaíocht a chur ar fáil do bhainistíocht Áiseanna na hÓige chun na h-imeachtaí thuas luaite a fheidhmiú)
Foinsí maoinithe:	PTDUC, Túsála, CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta.
Dúshláin an bhirt:	Suim na dtuismitheoirí gnóthacha a spreagadh le bheith páirteach ins an mbeart.
Réiteach an dúshláin:	Fochoiste tuismitheoirí a bhunú chun na teaghlaigh eile a spreagadh agus a chur ar an eolas.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus ráthúlacht an bhirt:	<p>Beidh cumas teanga na bpaistí le cur san aireamh agus iad ag clárú le seirbhísí Áiseanna agus go leanúnach le linn a dtréimhse san Ionad.</p> <p>Beidh córas le cur le chéile chun cabhrú le leibhéil cumais, féin mhúinín, agus úsáid na bpaistí a mheas go leanúnach i gcomhar leis an bhfochoiste agus leis na tuismitheoirí.</p>

6.4 Cúrsaí Oideachais

Beart 6.4.1	Tacú le PTCT chun a gcuid bearta ar chúrsaí oideachais a chur i bhfeidhm
Réimsí:	A, C, K
Critéir pleanála teanga	5, 6, 7
Aidhm:	Comhoibriú le foireann PTCT (TD) chun a gcuid bearta timpeall ar chúrsaí oideachais a chur i bhfeidhm i mbaile Daingean Uí Chúis.
Eolas Breise:	<p>Caidreamh rialta a chothú le Foireann PTCT (TD) timpeall ar na bearta de chuid PTCT a bhaineann le cúrsaí oideachais agus sóisialú na Gaeilge go háirithe mar a bhaineann le tuismitheoirí, naíolann agus bunscoileanna Daingean Uí Chúis. Go sonrath, is iad sin:</p> <p>Beart 6.4.1 ["Feidhmeannach Oideachais na Pleanála Teanga a fhostú"], Beart 6.3.2 ["Scéim Tús Maith (Oidhreacht Chorca Dhuibhne) a Fhorbairt"], Beart 6.3.3 ["Oibrithe Naíolainne & Cúramóirí Leanaí: Struchtúr Feasachta Teanga, Oiliúnú & Dea-Chleachtais a fhorbairt"], Beart 6.3.5 ["Struchtúr Tacaíochta agus Feasachta a fhorbairt do ghrúpaí éagsúla Tuismitheoirí"], Beart 6.4.11 ["Scéimeanna Saibhrithe Teanga eile a fhorbairt (Bunscolaíocht agus Iarbhunscolaíocht)"]. Beart 6.12.8 Club leabhar do dhaoine fásta a bhunú i nDaingean Uí Chúis. Agus an plean seo á scríobh tá pleananna ar bun cheana féin chun a leithéid a reachtáil is a thionól uair sa mhí sa Leabharlann Poiblí. Tá bunú Club Sóisialta do dhaoine fásta; Beart 6.12.5 Comhluadar Gaelainne (club leabhar/cócaireachta/ceoil)"].</p> <p>I measc na ngníomhaíochtaí a thagann faoi na bearta luaite, tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Grúpaí súgartha Gaeilge do thuismitheoirí agus leanaí a reachtáil, • 'Scléip an tSathairn' a reachtáil, • Cuairteanna Baile, cruinniú/seisiún eolais agus comhoibrithe d'oibrithe agus lucht bainistíochta naíolainne agus do chúramóirí/feighlithe leanaí a eagrú, • Eolas teagmhála a sholáthar do thuismitheoirí faoi do na feighlithe leanaí/cúramóirí leanaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge, • ranganna/ceardlanna teanga do thuismitheoirí a reachtáil, agus • Scéimeanna amhránaíochta/scéalaíochta/scríbhneoireachta sna bunscoileanna. <p>Taobh eile den chomhoibriú seo, maidir le ról OPTDUC, ná a chinntiú go bhfaigheann tuismitheoirí, naíolann agus bunscoileanna Daingean Uí Chúis an méid atá dlite dóibh faoi Scéim na gCúntóirí Teanga agus na tacaíochtaí teaghlaigh éagsúla eile atá faoi chaibidil i PTCT. Tá sé i gceist go mbeidh an Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ar an mBuailtín mar lárionad do na seirbhísí seo sa LPT [mar is léir ó PTCT Beart 6.3.1], ach ba gha le foireann PTDUC (DanD) a chinntiú go ndéanfar freastal den tsaghas céanna ar ar Aiseanna na hÓige i nDaingean Uí Chúis, cé go bfuil Beart sonrath sa Phlean seo (6.3.9) a dhíríonn ar Aiseanna na hÓige.</p>

Príomhúinéir an bhirt:	Foireann PTCT.
Páirtithe leasmhara:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Saolré:	Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Foinsí maoinithe:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Dúshlám an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Réiteach an dúshláin:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Cuireann beart 6.1.2 síos ar chomhaontú atá le bheith idir PTDUC (DanD) agus PTCT (TD) chun an cur chuige ó thaobh comhoibrithe de, i leith na mbearta a bhaineann le PTDUC agus PTCT araon, a leagadh síos. Beidh córas sa chomhaontú sin a leagfaidh síos rólanna an dá Cheanneagraíocht i leith na mbirt éagsúla.

Beart 6.4.2	Tacaíocht a thabhairt do BOOC chun go mbeidh sé ar a gcumas an Polasaí Teanga atá acu a fhorbairt agus a fheidhmiú maidir leis na cúrsaí oideachais a reáchtáilann siad i mBaile Dhaingean Uí Chúis
Réimsí:	D, H, K
Critéir pleanála teanga	3, 8, 9, 14
Aidhm:	Caidreamh a chothú leis an BOOC, go h-áirithe leis an bhfoireann áitiúil. An BOOC a bheith ar an eolas ar spriocanna an Phlean agus ar dhul chun cinn an Phlean. Plé rialta a dhéanamh leis an BOOC faoi cúrsaí nua i réimse na teanga, an aistriúcháin, na forbartha pobail nú rl a shíltear go mbeadh éileamh ortha agus an plean teanga á fheidhmiú.
Eolas Breise:	Tá clár cuimsitheach scéimeanna agus ranganna a bhaineann leis an nGaeilge á reachtáil ó leibhéal an luathoideachais suas go dtí leibhéal an aosoideachais ag BOOC óna gcuid oifigí i nDaingean Uí Chúis. Tá cur síos sonrath ar Fhís, Polasaí is Gnímh BOOC i leith na Gaeilge tugtha in Agúisín 1 ag deireadh na cáipéise seo. Beidh PTDUC (DanD) ag cabhrú leo in aon shlí phraiticiúil is féidir agus an clár seo á chur i bhfeidhm ag BOOC. Ós rud é gur ag freastal ar an gceantar Gaeltachta ar fad i gCorca Dhuibhne a bhíonn na scéimeanna agus ranganna seo, is páirtí leasmhar í Foireann PTCT (TD) chomh maith.
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann BOOC.
Páirtithe leasmhara:	Foireann PTCT (TD), Foireann PTDUC (DanD).
Saolré:	Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	Ní Bhaineann le hábhar anseo.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní Bhaineann le hábhar anseo.
Foinsí maoinithe:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach Agúisín 1].
Dúshlán an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo.
Réiteach an dúshláin:	Ní Bhaineann le hábhar anseo.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Cuirfear tuairisc le chéile ag deireadh gach bliain ar na cruinnithe agus na teagmhálacha a deineadh le BOOC maidir le tograí ar leith agus an dul chun cinn a deineadh nú rl.

6.5 Seirbhísí Poiblí

Beart 6.5.1	Tacú le Leabharlann Daingean Uí Chúis agus iad i mbun imeachtaí trí Ghaeilge a reachtáil
Réimsí:	C, D, H, J, K
Critéir pleanála teanga	3, 8, 9, 14
Aidhm:	Go mbeidh Leabharlann Daingean Uí Chúis ina ionad lárnach atá páirteach in eagrú agus óstú imeachtaí Gaeilge ar bhonn rialta.
Eolas Breise:	<p>Tacú le Leabharlann Daingean Uí Chúis chun seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do phobal an bhaile.</p> <p>Tá foireann na leabharlainne ar an mbaile tiománta chun Gaeilge a chur chun cinn ann, le caighdeán ard seirbhíse trí Ghaeilge agus corr-imeachtaí Gaeilge á reachtáil acu. Moltar sa bheart seo go mbeidh teagmháil go rialta ag OPTDUC leo foireann na leabharlainne maidir le chomhoibriú chun imeachtaí Gaeilge a reachtáil sa leabharlann. I measc na n-imeachtaí a luaigh na leabharlannaithe tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ciorcal Comhrá seachtainiúil le bheith ar siúl sa Leabharlann i rith thréimhse chur i bhfeidhm an phlean teanga. • Seisiúin scéalaíochta do leanaí óga trí Ghaeilge go rialta sa Leabharlann. <p>Ó shoin i leith tá Club Leabhair as Gaeilge bunaithe sa leabharlann agus tá tús curtha le Ciorcal Comhrá.</p> <p>Leis an spéis eisceachtúil [i measc soláthraithe seirbhísí poiblí an bhaile] atá ag foireann na leabharlainne, ba cheart go mbeadh sé indéanta – leis an gcabhair cuí ó OPTDUC agus na páirtithe leasmhara eile – forbairt a dhéanamh ar na himeachtaí seo agus tuilleadh imeachtaí nach iad a bhaint amach. Beidh spéis ar leith, chomh maith, ag foireann PTCT i bhforbairt leabharlann Daingean Uí Chúis mar ionad ar leith don nGaeilge, ós rud é gurb é an t-aon leabharlann atá ann laistigh den LPT.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann Leabharlann Daingean Uí Chúis / OPTDUC
Páirtithe leasmhara:	Foireann Leabharlann Daingean Uí Chúis, pobail an bhaile agus an limistéir máguaird, OPTCT
Saolré:	Ullmhúcháin: Bliain 1; Cur i bhfeidhm: Bliain 1 – 7.
Costas measta iomlán:	€5,250
Costas measta in aghaidh na bliana:	€750 - buiséad chun roinnt ócáidí trí Ghaeilge a eagrú sa Leabharlann go bliantúil agus áiseanna teagaisc a chur ar fáil.
Foinsí maoinithe:	CCC, EnaG, RCOG, PTDUC,
Dúshlán an bhirt:	Daoine a mhealladh chun freastal ar imeachtaí/coircail chomhrá, srl. as Gaeilge sa Leabharlann. Scéalaithe a fhostú chun freastal ar an aos óg.
Réiteach an dúshláin:	Comhoibriú le foireann na leabharlainne chun cinntiú go mbeidh imeachtaí san leabharlann de chaighdeán ard, fógraithe go maith agus ar siúl ar bhonn rialta.
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Beidh an leabharlann agus OPTDUC freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar rathúlacht na n-iarrachtaí seo – an líon a d'fhreastal ortha, an sástacht a bhain siad astu is rl.

Beart 6.5.2	Forbairt Ospidéal an Daingean – Polasaí Teanga le haontú
Réimsí:	E, H, I, J
Critéir pleanála teanga	3, 9, 11, 14
Aidhm:	<p>Moltar go mbeidh ionadaí thar cheann PTDUC ar an eagraíocht a mbeidh i mbun na forbartha chun tacú le ról lárnach na Gaeilge agus cultúr na Gaeilge d'aon forbairt a dhéanfar ar shuíomh an tsean-ospidéil.</p> <p>Beidh Polasaí Teanga le haontú agus plean feidhmithe don bpolasaí sin le cur san áireamh don bhforbairt beartaithe.</p> <p>Tá baint ag an mbeart seo le beart 6.3.1 a dheineann cur síos ar fhorbairt lár ionad teanga agus ealaíne. Ní fios go fóill cad a bheidh ins an sean ospidéal ach tá an bheart á chur san áireamh sa Phlean chun a chinntiú go mbeidh inchur ag PTDUC sa bhforbairt bheartaithe, ó thaobh polasaí teanga ach go h-airithe.</p>
Eolas Breise:	<p>Tacú leis na pleananna chun sean-ospidéal Daingean Uí Chúis (an iar-Theach Oibre) a fhorbairt mar ionad gnó, pobail agus ealaíne.</p> <p>Táthar ag moladh sa phlean féidearthachta – a bhfuil DingleHub (Mol Cruthaitheachta agus Nuálaíochta Daingean Uí Chúis taobh thiar de – a déanadh maidir le athfhorbairt an tsuímh seo go mbeidh gnéithe éagsúla mar chuid den athfhorbairt úd. Ina measc siúd tá:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Mol Nuálaíochta a bheidh cosúil leis an gceann atá sa Chúilín faoi láthair, ach a bheidh níos mó, le áiseanna breise. • Eispéireas Cuirteora a thabhairfidh cur síos ar oidhreacht, stair agus cultúr an bhaile agus an cheantair trí chéile. • Siúlóid Oidhreachta timpeall an suíomh agus suas go dtí Reilig an Ghorta. • Spás Déantúis/Cruthaitheachta. <p>Beidh sé tábhachtach, go háirithe, go gcinnteofar go mbeidh an Ghaeilge agus cultúr na Gaeltachta mar chuid lárnach den Eispéireas Cuirteora, seachas ina chuid imeallach. Beidh sé tábhachtach chomh maith, ó thaobh an Mhol Nuálaíochta, go mbeidh bainisteoir ann a bhfuil Gaeilge ar a thoil aige/aici [mar atá sa Mhol i gCúilín], go gcuirfear fáilte roimh an nGaeilge sa spás oifige, toglann, srl. agus go mbeidh polasaí dátheangach ann ó thaobh fógraíochta, srl. Tá gach seans go dtitfidh bunfhreagracht as cur i bhfeidhm a leithéid de pholasaí ar na heagrais a dhéanfaidh comh-mhaoiniú ar an bhforbairt seo. Gach seans go mbeidh ÚnaG agus CCC san áireamh maidir leis seo. Beidh PTDUC ag seoladh litir chuig an grúpa a bheidh á bhunú chun ceannasaíocht a thógaint ar an dtogra seo, ag chu spéis a léiriú maidir le ionchur a bheith ag PTDUC ó thaobh polasaí teanga.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	PTDUC (DanD)
Páirtithe leasmhara:	An Mhol Teic, ÚnaG / CCC,
Saolré:	Ó thús pleanáil ábhartha don athfhorbairt seo, agus ar bhonn leanúnach le linn feidhmiú an ionad athfhorbartha. Forbairt faid téarmach a bheidh ann
Costas measta iomlán:	Ní bhaineann
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní bhaineann
Foinsí maoinithe:	Coiste Forbartha Athnuachan Tuaithe do Phlean
Dúshláin an bhirt:	A chinntiú go bhfuil áit lárnach á thabhairt don nGaeilge i bhfócas agus i riaradh an ionaid athfhorbartha.
Réiteach an dúshláin:	Tacaíocht iomlán d'ionad lárnach na Gaeilge a bheith ag teacht ó na heagrais a dhéanfaidh maoiniú ar an dtionscadal seo.

Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	Go mbeidh ionadaíocht ag PTDUC ar an ngrúpa atá le bunú Go mbeidh ionchur ag PTDUC i sa pholasáí teanga Cóip den bpolasáí teanga a bheith ar chomhad ag PTDUC Gi mbeidh trácht ar an ndul chun cinn sa tuairisc deireadh bliana.
---	---

Beart 6.5.3	Tacú le PTCT chun Seirbhísí Stáit agus Seirbhísí Eaglasta/Reiligiúnacha trí Ghaeilge a chur chun cinn sa Daingean
Réimsí:	D
Critéir pleanála teanga	3, 14, 15
Aidhm:	Cur leis an réimse seirbhísí stáit/eaglasta/reiligiúnacha a chuirtear ar fáil as Gaeilge don bpobal i nDaingean Uí Chúis agus cumas Gaeilge na seirbhísí sin atá ann cheana féin a threisiú.
Eolas Breise:	<p>Tacú le PTCT chun a chuid bearta timpeall ar sheirbhísí poiblí de shagsanna éagsúla a éileamh sa LPT. Na bearta ábhartha anseo ná:</p> <ol style="list-style-type: none"> Beart 6.10.1, a mholann go lorgófaí tuilleadh Seirbhísí Stáit as Gaeilge. Beart 6.10.2, a mholann go ndéanfar iarracht dul i bhfeidhm ar Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte chun go gcuirfidh siad a gcuid seirbhísí ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Beart 6.10.3 a mholann go lorgófaí tuilleadh Seirbhísí Eaglasta as Gaeilge. <p>(1) & (2) Agus sinn ag dul i dteagmháil le baill den phobal mar thaighde do PTDUC, luadh easpa sheirbhísí stáit trí Ghaeilge mar chúis míshástachta go minic. Deineadh trácht ar leith do sheirbhísí An Garda Síochána. Níl aon smacht díreach ag na foirne atá i mbun pleanáil teanga ar sheirbhísí stáit. Mar a deireann lch. 91 de PTCT: “Faoi láthair, tá an státchóras ag iarraidh ar phobal na Gaeltachta pleananna teanga a réiteach dá bpobal in iarracht an teanga a tharrtháil sa Ghaeltacht ach ag an am céanna tá mórán seirbhísí stáit á soláthar acu féin don bpobal as Béarla amháin.”</p> <p>(3) Agus foireann PTDUC i mbun taighde bhí sé luaite roinnt mhaith babhtaí ag muintir an bhaile nach bhfuil an aifreann á chéiliúradh as Gaeilge minic go leor i nDaingean Uí Chúis. Tá easpa seirbhísí eaglasta trí Ghaeilge ar an mbaile luaite go sonrach i PTCT Beart 6.10.3, ach ní hionann agus cásanna Lios Póil agus An Leitriúch, níl aon iarrachtaí chun an scéal a leigheas i nDaingean Uí Chúis luaite sa bheart. Beidh gá dul i gcomhairle le Comhairle Tréadach Pharóiste Daingean Uí Chúis chun an éileamh seo a phlé. Ní féidir le foireann PTDUC ach a mholadh go ndéanfaí machnamh ar an gceist seo is go rachaidh siad i gcomhairle le muintir an pharóiste chun an éileamh a mheas. Is fiú taighde a dhéanamh chomh maith ar iompar teanga grúpaí reiligiúnacha eile, mas ann dóibh, agus iad a spreagadh agus tacú leo le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.</p>
Príomhúinéir an bhirt:	Foireann PTCT (TD).
Páirtithe leasmhara:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Saolré:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Costas measta iomlán:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Costas measta in aghaidh na bliana:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Foinsí maoinithe:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Dúshlán an bhirt:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Réiteach an dúshláin:	Ní Bhaineann le hábhar anseo [féach PTCT].
Monatóireacht ar éifeacht, cur i bhfeidhm agus rathúlacht an bhirt:	<p>Cóipeanna le coimeád d’aon teagmháil foirmealta a dheanfar l’eagrais stáit. Tuairisc le scríobh ag deire na bliana ar aon dul chun cinn a deineadh maidir leis na mbeart seo.</p> <p>Liosta le cur ar shuíomh PTDUC des na seirbhísí/sonraí teagmhala des na seirbhísí stáit atá ar fáil trí Ghaeilge go h-áitiúil agus go náisiúnta.</p>

7. Costais agus Maoiniú

7.1 Costais & Maoiniú

Tá costas measta €129,250 á lorg sa cháipéis seo chun PTDUC a fheidhmiú. San áireamh sa chostas san tá na costais a bhaineann le OPT a fhostú agus a lonnú i mbaile an Daingin.

Baineann formhór na mbearta le cur chun cinn na Gaeilge i measc lucht gnó, le feiceálacht na Gaeilge, agus le feacht an phobail i leith tábhacht na Gaeilge a mhéadú.

Beidh foinsí maoinithe eile ar nós FÉ, CCC, EnaG, Páirtnéireacht Chiarraí agus eagrais eile á chur san áireamh againn le h-aghaidh maoiniú sa bhreis ar an méid atá luaite ins na costas measta seo. Mar shampla, is tograí taighde iad **bearta 6.3.1** agus **6.3.5** agus beidh deontas staidéar féidireachta á lorg o ÚnaG chun tromlach costas na mbearta seo a chur i gcríoch, sa bhreis ar an méid atá éilithe anseo.

Beidh cuid des na bearta á reáchtáil i gcomhar le PTCT agus beidh comhaontú maidir leis an rólanna agus an ionchur ó gach taobh á shoiléiriú i **mbeart 6.1.2**.

7.2 Buiséad

Uimh an Bhirt Beart		Costas Bliain a hAon	Costas 7 mbliana	Foinse Maoiniú
6.1 Feidhmiú an Phlean - Bearta Bonneagair				
1	Bunús láidir a chur faoin struchtúr a bheidh ag déanamh riariadh ar fheidhmiú PTDC agus ag fostú OPT	€4,000	€14,000	RCOG, PTDUC
2	Comhaontú Oibre a réiteach idir PTCT & PTDUC chun feidhmiú PTCT & PTDUC a bheith comhordaithe	€2,000	€2,000	RCOG, PTDUC
3	Ceannárus Sealadach a Aimsiú	€5,000	€35,000	PTDUC
4	Oifigeach Pleanála Teanga a fhostú	€45,500	€321,000	ÚnaG, RCOG, PTDUC
5	Feachtas Bolscaireachta i leith an phróiséas pleanála teanga a eagrú	€4,000	€20,000	RCOG, PTDUC
Iomlán				
		€60,500	€392,000	
6.2 An Earmáil Ghnó agus Turasóireachta				
1	Scéim Tacaíochta do Lucht Ghnó/Seirbhísí a chur ar bun agus a fheidhmiú	€3,000	€10,000	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
2	Comasú Teanga Lucht Ghnó	€2,000	€14,000	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
3	Gradam Ghnó	€10,000	€35,000	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
4	Acmhainní Tacaíochta a chur ar fáil don Lucht Ghnó	€10,000	€25,000	ÚnaG, RCOG, PTDUC
5	Seirbhís Aistriúcháin, Prófála & Athteangaireacht a chur ar fáil do Lucht Ghnó, Seirbhísí Pobail, Féilte agus Eagraíochtaí Pobail ar nós Cumalinn Spóirt	€10,000	€70,000	RCOG, PTDUC, Comhlachtaí móra aistriúcháin
6	Buntáistí na Gaeilge	€1,500	€1,500	ÚnaG, RCOG, PTDUC
7	Comharthaíocht a chur suas ag pointe iontrála an bhaile	€10,000	€20,000	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
8	Fógraí Séasúracha le chur in airde ag amanta cuí na bliana	€1,000	€7,000	FÉ, ÚnaG, RCOG, PTDUC
9	Bunrang Gaeilge a chur ar fáil do chuairteoirí	€500	€3,500	ÚnaG, RCOG, PTDUC
10	Ionchur a dhéanamh imBeart 6.7.2 de PTCT - Aip Fón Póca	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
11	Polasaí Teanga a aontú le lucht eagraithe na Féilte a bhíonn ar bun sa Daingean	€1,000	€7,000	EnaG, FÉ, RCOG, PTDUC
Iomlán				
		€49,000	€193,000	
6.3 Saoráidí Sóisialta				
1	Láionad Gaeilge a bhunú i nDaingean Uí Chúis	€5,000	€20,000	ÚnaG, RCOG, PTDUC
2	Scéim Mheantóireachta 'Buddies' a bhunú do foghlaimoírí Ghaeilge	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
3	Sraith Imeachtaí Sóisialta ceoil/comhrá trí Ghaeilge	€1,000	€7,000	EnaG, RCOG, PTDUC
4	Ciorcail Comhrá seachtainiúil a bhunú ar an mbaile	€1,000	€7,000	Ní bhaineann
5	Plé & Aontú bheart 6.6.1 de chuid PTCT a dhéanamh le foireann PTCT	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
6	Polasaí teanga do Chumalinn Spóirt & Caitheamh Aimsire i mBaile Daingean Uí Chúis	€1,000	€7,000	RCOG, PTDUC
7	Ionad Óige nua "Bualadh Isteach" don Óige a chur ar bun sa Daingean	€8,000	Féach Beart 6.3.7	ÚnaG, RCOG, PTDUC
8	Seirbhísí Tacaíochta Teaghlach in Áiseanna na hÓige	€3,000	€21,000	CNNG, RCOG, PTDUC, Túsia, Tuismitheoirí na Gaeltachta
Iomlán				
		€19,000	€62,000	
6.4 Cúrsaí Oideachais				
1	Tacú le PTCT chun a gcuid bearta ar chúrsaí oideachais a chur i bhfeidhm	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
2	Tacaíocht a thabhairt don BOOC chun go mbeadh sé ar a gcumas an Polasaí Teanga atá acu a fhorbairt & a fheidhmiú maidir leis na cúrsaí oideachais	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
Iomlán				
6.5 Seirbhísí Poiblí				
1	Tacú le Leabharlann Daingean Uí Chúis agus iad i mbun imeachtaí trí Ghaeilge a réachtáil	€750	€5,250	Comhairle Chontae Chiarraí, EnaG, RCOG, PTDUC
2	Forbairt Ospidéal an Daingean - Polasaí Teanga le haontú			Coiste Forbarta Athnuachan Tuaithe do Phlean
3	Tacú le PTCT chun seirbhísí Stáit trí Ghaeilge a chur chun cinn sa Daingean	Ní bhaineann	Ní bhaineann	Ní bhaineann
Iomlán				
		€750	€5,250	
Fíor Iomlán				
		€129,250	€652,250	

8. Forbairt Feasachta & Poiblíocht

Mar seo a chuirtear síos ar fhorbairt feasachta agus poiblíochta sa phlean i mBeart 6.1.5

An Plean Teanga a sheoladh. Pobal na háite a thabhairt suas chun dáta ar an staid reatha. Eolas leanúnach a chur ar fáil ar fheidhmiú agus ar dhul chun cinn an Phlean chun a chinntiú go bhfuil an pobal rannpháirteach.

Déanfar forbairt ar na nithe seo leanas:

- Bróisiúr eolais mar achoimre ar an bPlean teanga agus an cur chuige, a dhearadh, a sheoladh agus a scaipeadh.
- Uasdátú leanúnach ar an suíomh idirlíon DanD
- Forbairt ghréasáin shóisialta do DanD
- Caidreamh rialta le raidió na Gaeltachta/Mol Scéal is rl
- Leath leathanach i nGaeilge go rialta ar Chorca Dhuibhne Beo

Chun cur le spéis agus bród mhuintir an bhaile sa Ghaeilge mar rud a bhaineann leo trí cúrsaí a bhaineann lena saol féin a phlé as Gaeilge sa nuacht iris áitiúil, beidh Leath-leathanach breise as Gaeilge i *Corca Dhuibhne Beo* go rialto. Ba cheart dó seo a bheith dírithe ar chúrsaí a bhaineann leis an mbaile. D'fheadfaí tarraingt ar réimse leathan ábhar – stair, spóirt, cúrsaí cultúrtha, tuairimíocht faoi conspóidí nuachta, srl. B'fhearr go mbeadh roinnt daoine ag tabhairt faoin scríbhneoireacht ag babhtáil a chéile, seachas go mbeadh duine amháin á dhéanamh an t-am ar fad. Chuirfeadh an éagsúlacht seo le spéis daoine san alt chomh maith. D'fheadfaí na hailt seo a úsáid mar ábhar plé ag ciorcail chomhrá.

8.1 Tá leis, cur síos cuimsitheach tugtha i **Mír 4** ('Ullmhú an Phlean') thuas ar na céimeanna a tógadh le linn an phróiseas comhairliúcháin chun an pobal a chur ar an eolas faoina raibh ar siúl chun tuairimí a bhailiú agus a mheas. Bhí trí mhodh cumarsáide lárnach san obair seo:

- Suíomh idirlín www.duchasandaingin.ie
- An bhileog nuachta áitiúla Corca Dhuibhne Beo
- Raidió na Gaeltachta

8.2 Tuigeadh go raibh sé tábhachtach go mbeadh pobal an bhaile ar an eolas faoin bpróiseas chun go nglacfaidís páirt iomlán ann mar chuid lárnach de mar ba ghá. Tá na bearta ar fad bunaithe ar thuairimí agus moltaí ó mhuintir an Daingin, rud a chothaíonn nasc láidir idir na bearta, an pobal agus feasacht teanga. Deineadh gach iarracht go mbraithfidís úinéireacht i leith an phróisis agus i leith an phlean, idir cur le chéile agus cur i bhfeidhm.

8.2 Táthar ag súil go leanfar ag baint úsáide as na modhanna cumarsáide poiblí seo thuas agus an plean á a chur i bhfeidhm. Ní hamháin go gcoimeádfaidh sé an pobal eolach faoi cur i bhfeidhm agus dul chun cinn an phlean – agus a ról sa mhéid sin – ach beidh sé ina taifead tábhachtach ar an obair agus conas mar a dtugadh faoi.

8.3 Déanfar leathnú agus forbairt ar ról an tsuímh idirlín www.duchasandaingin.ie mar mhodh chun an pobal a choimeád ar an eolas faoin bplean agus mar fhoinsé eolais agus cartlann chuimsitheach ar gach ar bhain leis an bplean ó thús amach. Chun go mbeadh an suíomh in ann an fheidhm seo a chomhlíonadh ar shlí éifeachtach, beidh gá le tuilleadh fógraíochta chun feachtas an phobail ina leith a fhorbairt. Beidh gá féachaint le URL an tsuímh a bheith le feiscint ar fhógraí buana agus sealadacha timpeall an bhaile, leithéidí na fógraí molta faoi **Bhearta 6.2.7 agus 6.2.8**, anuas ar ábhar fógraíochta ar nós na bileoga molta faoi **Bhearta 1.3 agus 1.5**.

8.4 Beidh DanD agus PTDUC, ag féachaint chomh maith, ar na féidearthachtaí atá ann timpeall ar na meáin shóisialta – Facebook agus Twitter go háirithe – chun cur le feachtas an phobail faoin ábhar ar an suíomh idirlíon agus faoi obair an phlean i gcoitinne. Is léir go bhfuil na meáin seo ríthabhtach más mian dul i dteagmháil le daoine de gach aois na laethanta seo, agus go n-oibríonn siad – suíomh idirlíon, leathanach Facebook agus Cuntas Twitter – níos fearr i dteannta a chéile.

8.5 Más féidir an Lárionad Gaeilge a bhunú ar an mbaile, mar atá molta faoi **Bheart 2.1** thuas, beidh seo ina slí iontach chun feachtas agus spéis a chothú i measc an phobail, fad is go mbíonn an ionad lárnach a dhóthain agus oscailte, fáilteach roimh na daoine. In ainneoin an tábhacht a bhaineann leis an bplean teanga a chur chun cinn ar an idirlíon mar atá pléite thuas, tá éifeacht ar leith ag baint le lucht an phlean a bheith i láthair go fisiciúil i nDaingean Uí Chúis.

8.6 Cuirfear fóram aistritheoirí le chéile chun tacaíocht a thabhairt dos na gnónna agus na coistí áitiúla níos mó Gaeilge a úsáid nuair atá bolscaireacht á dhéanamh agus fógraí á chur le chéile.

9. Feidhmiú agus Monatóireacht

Feidhmiú Dúchas an Daingin

B'iad foireann An Lab, (Áine Moynihan agus Simon Ó Faoláin) a chuir an Plean seo le chéile i gcomhar le muintir An Daingin. Ós rud é gur deineadh dí-shealbhú ar An Lab i lár an phróiséas seo, agus nár éirigh leo teacht ar ionad oiriúnach eile, tá sé beartaithe ag an Stiúrtóir, i gcomhar leis an mBórd agus lena gcuid urraitheoirí, EnaG, go n-aistrefar ainm An Lab go DanD, chun go mbeidh leanúnachas ann ó thaobh structúir de – Féach **Beart 6.1.1**. Tá Micheál Ó Coileáin, atá ina Chathaoirleach ar Bhord an Lab agus ar choiste DanD sásta leanúint ina Chathaoirleach ar an mBórd nua-ainmnithe agus tá Áine Moynihan sásta fanacht ar an mBord chomh maith go ceann tréimhse chun a chinntiú go gcuirfear an Plean i bhfeidhm go héifeachtach agus i gcomhar le moltaí pobal an Daingin. Baineann cuid mhaith des na Bearta sa Phlean le cúrsaí ealaíne agus samhlaítear go mbeidh deiseanna ann chun freastal ar riachtanais ealaíonoirí na háite faoina bhráid. San ráite, tá tabhacht faoi leith ag baint le **Beart 6.3.5 (Lárionad Cultúrtha agus Ealaíne Gaelainne sa Daingean a fhorbairt)**.

Is iad seo na daoine ón mbun choiste atá sásta fanacht leis an bpróiséas agus bheith ina mbaill de bhórd DanD. Dar ndóigh, déanfar iarracht cur leis an gcoiste le himeacht ama.

- Micheál Ó Coileáin (Cathaoirleach)
- Helena Curran
- Risteard Mac Liam
- Micheál Ó Muircheartaigh
- Áine Moynihan.

Beidh gá le OPT a fhostú (**Beart 6.1.4**) a bheidh lonnaithe ar bhonn sealadach in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Daingin (Tigh na Ríseach).

9.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Faoi Acht na Gaeltachta 2012

'Ba chóir é seo a dhéanamh go tráthrialta maidir le gach beart sonrath den phlean.'

Beidh an próiséas monatóireachta seo á threisiú ag an RCOG trí athbhreithniú críochnúil ar gach plean teanga agus go ndéanfar é sin i mbliain 6 den chur i bhfeidhm de ghnáth.

9.2 Monatóireacht Rialta

Déanfar athbhreithniú eatramhach go himmheánach tar éis gach sé mhí chun a chinntiú go bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus chun tionchar agus éifeacht na mbearta a thomhas. Beidh sé seo tábhachtach chomh maith chun aon laigí a bhaineann leis na bearta a fháil amach agus chun réitigh cuí a chur i gcrích. Beidh CSBDanD freagrach as an bpróiséas seo agus oibreoidh siad go dlúth le CSBPTCT chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta a bhaineann leis an Daingean mar chuid de Chiarraí Thiar.

Beidh an OPT freagrach as cur i bhfeidhm na mbearta faoi stiúir an Bhoird agus as tuairiscí míosúla leanúnacha a thabhairt don mBórd i dtaca le feidhmiú na mbearta.

9.2.1 Is gá spioraid rannpháirteach pobal an bhaile a fhorbairt is a threisiú le linn an phróisis. Cabhróidh an leath-leananaigh i gCorca Dhuibhne Beo agus na modhanna feasachta eile luaite i **mBeart 6.1.5** go mór leis seo.

9.3 Bunaithe ar an moladh atá sa lámhleabhar eolais ‘Roghanna’ le Laoise Ní Dhúda tá sé i gceist dialann a choimeád mar chóras monatóireachta. Beidh foirmeacha bunaithe ar na teimpléad in Aguisín 2 des na Treoirlínte Pleanála Teanga á chur ar fáil d’áisitheoirí ranganna, ceardlanna agus ciorcail comhrá chun eolas maidir le tinreamh agus aon aiseolas eile a chur ar fáil don bhFeidhmeannach agus don mBórd.

9.4 Bainfear leas as na Táscairí Feidhmíochta atá molta in Aguisín 2: Teimpléad Athbhreithnithe agus Moltóireachta de Threoirlínte Pleanála Teanga faoi Acht na Gaeltachta 2012 chun a chinntiú go bhfuil spriocanna an Phlean á mbaint amach.

9.5 Freastalóidh an OPT agus/nó baill an Bhoird ar aon cheardlann nó cruinniú a bheidh eagraithe ag ÚnaG nó RCOG chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean.

9.6 Bunaithe ar an monatóireacht a bheidh ar siúl go leanúnach, ba choir athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar chur-i-bhfeidhm an Phlean ag druidim le deireadh an tréimhse seacht mbliana. Cinnteodh sé sin go mbeidh leanúnachas ar na spriocanna agus go bhféadfaí dréacht-bhearta nua a chur le chéile bunaithe ar thortaí agus láidreachtaí an phlean seo, i gcás go mbeidh plean eile le teacht.

9.7 Tuigtear go bhfuil seans ann go bhfuil daoine ar an mbaile nach raibh rol lárnach acu in ullmhú an Phlean seo mar go bhféadfadh go mbeadh an tuiscint ann go mbaineann an Phleanáil Teanga le pobal na Gaeilge amháin. Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn na mbearta go rialta agus coimeádfar cúntas ar chúlra teanga na rannpáirtithe. Má fheictear go bhfuil sprioc ghrúpaí nach bhfuil páirteach ins na h-imeachtaí, díreofar ar bhearta nua a dheardh a dhíreoidh ar na daoine sin – daoine nua tagtha do dtí an Daingean ó thíortha eile nó o cheantracha lasmuigh den nGaeltacht.

Aguisín 1

Fís, Polasaí is Gnímh i leith na Gaoluinne ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

Cúlra:

Tá fís agus polasaí i leith na Gaeilge forbartha ag BOOC, mar a bhaineann le pobal Gaeilge na Gaeltachta agus sa chontae i gcoitinne.

1. Fís Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i leith na Gaeilge

Tá BOOC tiomanta do chaomhnú agus do chur chun cinn na Gaeilge i saol laethúil na daoine ar fud an chontae tríd bearta na Scéime. Baineann BOOC leas as na tuiscintí atá ann anois maidir leis an bpróiseas aistrithe teanga atá ag tarlú sa Ghaeltacht i láthair na huair, chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa chontae agus na slite ina gcuirtear ar fáil iad.

2. Polasaí Teanga Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

- Tá BOOC tiomanta do chur i bhfeidhm Scéim Teanga na heagraíochta.
- Tacófar le foireann Cheannoifig BOOC seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil as Gaeilge do phobal labhartha na Gaeilge sa mhéid is go gcuirfear Oiliúnta Feasacht Teanga agus Oiliúnt sa Ghaeilge ar fáil don fhoireann.
- Cuirfidh BOOC inniúlacht teanga sa Ghaeilge san áireamh agus baill foirne nua á n-earcú.
- Tá BOOC tiomanta do pháirt a ghlacadh go dearfach agus go réamhghníomhach le hiarrachtaí pleanála teanga sna Gaeltachtaí agus do chaidrimh chomhoibríocha a bhunú leis na príomheagraíochtaí atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht.
- Déanfaidh BOOC bearta ar leith sa Ghaeltacht d'fhonn pobal na Gaeilge sna ceantair sin a láidriú trí chláracha a chur ar fáil d'aoisghrúphaí éagsúla agus riachtanais éagsúla, trí mheán na Gaeilge. Cabhróidh sé seo le breis diméin teanga a chruthú a mbeidh an Ghaeilge in úsáid iontu.
- Cuirfidh BOOC na gnímh a chuireann sé ar bun sa Ghaeltacht in oiriúint do riachtanais na gcainteoirí Gaeilge.
- Is í an Ghaeilge a bheidh ina teanga oibre in oifigí BOOC atá sa Ghaeltacht.
- Is é an mian atá ag BOOC ná go mbeadh feidhm iomlán maoinithe ag an eagraíocht don Ghaeilge.

Gnámh

Réamhscolaíocht agus Bunscolaíocht:

- (i) Clár ‘Teanga agus Imirt’ do leanaí agus a dtuismitheoirí, a chur ar fáil trí Ghaeilge in Áiseanna na hÓige ag díriú ar an litearthacht agus an uimhearthacht, ag brath ar éileamh (Príomhúinéir an bhirt: BOOC).
- (ii) Málaí scéalaíochta – cúrsa 6 seachtaine do thuismitheoirí le leanaí óga as Gaeilge in Áras Bhréanainn. Is cúrsa Oideachas Pobail a bheadh i gceist agus chuirfí ar fáil é ag brath ar éileamh (Príomhúinéir an bhirt: BOOC).
- (iii) Leanúint ar aghaidh ó bhliain go bliain ag cur Campa Cumarsáide do leanaí rang 6 na Gaeltachta ar fáil. An aidhm atá leis an gcampa samhraidh 5 lá seo ná scileanna meáin chumarsáide a fhorbairt i leanaí bunscoile (scannánaíocht, eagarthóireacht, obair raidió, teicneolaíocht an cheoil, PhotoShop etc.) trí mheán na Gaeilge (Príomhúinéir an bhirt: BOOC).
- (iv) Leanúint ar aghaidh ag tacú le Bunscoil an Chlochair i rith na scoilbhliana. Tagann daltaí na scoile seo lá sa tseachtain go dtí Ionad Breisoideachais an Daingin chun úsáid a bhaint as an seomra ríomhaireachta. Reáchtálann an scoil an seisiún sin trí mheán na Gaeilge (Príomhúinéir an bhirt: Bunscoil an Chlochair i gcomhar le BOOC a thugann an spás saor in aisce).

Iarbhunscolaíocht:

- (i) Leathnú a dhéanamh ar an togra ‘Cairde ar an bPeann’ a chruthaíonn nascanna idir daltaí meánscoile sa Daingean agus a gcomhaoisigh i nGaelcholáiste Chiarraí i dTrá Lí agus Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín. An aidhm atá leis an togra seo ná: pobal níos leithne Gaeilge a chruthú do dhaltaí i gCiarraí atá ag freastal ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge, a dtuiscintí ar an teanga a fhorbairt, a dtuiscint ar chultúr na Gaeilge a fhorbairt, tacú leis an gcuraclam Gaeilge trí chomhthéacsanna dílse a chruthú do thascanna an churaclaim; deis a thabhairt do iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge i gCiarraí comhoibriú le chéile (Príomhúinéir an Bhirt: BOOC i gcomhar le Pobalscoil Chorca Dhuibhne. Gaelcholáiste Chiarraí agus Coláiste na Sceilge).
- (ii) Leanúint ar aghaidh leis an togra ‘Teach Ceoil’ a chuireann ranganna ceoil as Gaeilge ar fáil ar phraghas íseal do dhaltaí meánscoile sa Daingean i gcomhpháirtíocht leis an Lab. Díritear ar chumadóireacht ceoil sna ceardlanna 15 seachtaine seo. An toradh a bhíonn air ná amhráin nua-chumtha Gaeilge a ndéantar taifeadadh orthu i stiúideo próifisiúnta. Cruthaíonn an togra seo deis do dhéagóirí a scileanna cruthaitheacha ceoil a fhorbairt i suíomh lán-Ghaeilge (Príomhúinéir an Bhirt: BOOC le tacaíocht ón Lab).
- (iii) Leanúint ar aghaidh i gcomhar le TechSpace as Gaeilge tograí a chur ar bun ina spreagtar daltaí meánscoile físeáin a chruthú as Gaeilge agus páirt a ghlacadh i bhFéile TechSpace gach bliain. Seo deis eile scileanna cruthaitheacha teicnúlacha a fhorbairt trí mheán na Gaeilge (Príomhúinéir an bhirt: BOOC le tacaíocht ó TechSpace as Gaeilge).
- (iv) Leathnú a dhéanamh ar thogra beochana, i gcomhpháirtíocht le Mol Teic an Daingin, ina bhfoghlaímíonn daltaí meánscoile scileanna beochana trí mheán na Gaeilge ag baint úsáide as scéalta Fiannaíochta na hÉireann mar ábhar. Cuireadh tús leis an togra seo i bhfómhar na bliana 2018 agus reáchtáladh sraith ceardlanna ina rinne na daltaí gearrscannán a chruthú ar Ghráinne Mhaol (Príomhúinéir an bhirt: Mol Teic an Daingin i gcomhar le BOOC le tacaíocht ó EnaG, Creative Kerry agus TechSpace as Gaeilge).

Oideachas Pobail:

- i) Leanúint ar aghaidh ag déanamh comh-mhaoiniú ar chúrsaí Theastas Eorpach na Gaeilge sa Daingean – tugann BOOC an comh-mhaoiniú do na cúrsaí in Uíbh Ráthach chomh maith. (Príomhúinéir an Bhirt: CCC i gcomhar le BOOC, CFCD, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh agus ÚnaG);
- ii) QQI Leibhéal 5 i gCúram Leanaí go hiomlán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil arís faoi cheann cúpla bliain ag brath ar éileamh (Príomhúinéir an bhirt: BOOC);
- iii) Cúrsa Tuismitheoireachta Parents Plus 0-6 a chur ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge don chéad uair sa bhfómhar, 2019 (Príomhúinéir an bhirt: BOOC le tacaíocht ó Bhreacadh agus Parents Plus);
- iv) Ceardlanna amhránaíochta le Muireann Nic Amhlaoibh a chur ar fáil arís in Ionad Breisoideachais BOOC sa Daingean (Príomhúinéir an bhirt: BOOC).
- v) Leanúint ar aghaidh leis an gcomhoibriú le OCD ina gcuireann Ionad Breisoideachais an Daingin áiseanna ar fáil saor in aisce chun maidin chaife na hOidhreachta a reáchtáil (Príomhúinéir an bhirt: OCD i gcomhar le BOOC).

Aguisín 2

Seirbhísí Poiblí tré Ghaeilge sa Daingean

Gardaí Síochána:

Stáisiún na nGardaí, Sráid an Droichid.

Seirbhísí Tine:

Briogáid Dóiteáin, Ardán Ashmount.

Leabharlann:

Leabharlann an Daingin, Sráid an Doirín.

Seirbhísí Chomhairle Contae:

Oifig áitiúil Comhairle Contae Chiarraí, Tigh Fearann na Cille.

Seirbhísí Leighis Ghinearálta:

Ionad Leighis an Daingin, An Meal.

Clinic Cois Abhann, Bóthar an Spá.

Ospidéal Phobal Chorca Dhuibhne, Bóthar an Phoist.

Fiaclóir:

Linda Corkery Johnson, Sráid na nGabhar.

Bryan Long, Sráid na nGabhar.

Radharc-eolaí:

Feargal Ó Dómhnaill, Bóthar an Phoist.

Seirbhísí Cúraim na nAosán:

Ionad Chúram Lae Gháirdín Mhuire, Sráid an Doirín.

Poitigéirí:

O'Keefe's Chemist, Sráid an Doirín.

Poitigéir Uí Ghruagáin, Bóthar an Spá.

Walshe's Chemist, Sráid an Doirín.

Seirbhísí Aosoideachais:

Ionad Breisoideachais is Oiliúna, Tigh na Rísigh, St. na nGabhar.

Méanscoileanna:

Pobalscoil an Daingin, Bóthar an Spá.

Bunscoileanna:

Bunscoil na Toirbhirthe, Sráid na nGabhar.

Bunscoil Iognáid Rís, An Meal.

Naíonraí:

Naíonra an Daingin, Áiseanna na hÓige, Ard na Gréine.

Seirbhísí Airgeadais:

Comhar Creidmheasa Chorca Dhuibhne, An tSráid Mhór.

Banc Aontaithe Éirinn, An tSráid Mhór.

Banc na hÉireann, An tSráid Mhór

Seirbhísí Forbartha Pobail agus Ghnó

Údarás na Gaeltachta, Baile an Mhuilinn.

NEWKD (Forbairt Chiarraí Thuaidh, Thoir agus Thiar), Cúilín.

An Mhol Teic, Cúilín, An Daingean

Seirbhísí Eaglasta:

Paróiste Naomh Muire, Tigh na Sagart, Sr. an Doirín.

NB. Is fiú a thabhairt faoi ndeara nach bhfuil aon choiste nó eagrais dírithe ar fhorbairt pobail amháin sa Daingean ná aon Ionad Pobail ach an oiread. Easpa suntasach isea é seo ar an mbaile.

Aguisín 3

Na Príomh Saoráidí Sóisialta, Áineasa agus Tráchtála sa Daingean.

Marglann an Daingin, Bóthar an Spá.

Cumann Lúthchleas Gael an Daingin, Bóthar an Phoist.

Corca Dhuibhne Beo, Sráid na nGabhar.

Oifig Fáilte agus Turasóireachta an Daingean, An Cé.

An Díseart, Ionad Spioradálta agus Oideachais, Sráid an Doirín.

Muiríne an Daingin, Sráid na Trá.

Oifig Chuain an Daingin, An Cé.

Seirbhís Comhairleoireachta Cuan, An Daingean

Cumann Tráchtála an Daingin, f./ch. Ollmhargadh Uí Shíthigh, Sráid an Doirín.

Uiscelann an Daingin, Sráid na Trá.

Pictiúrlann an Phoenix, Sráid an Dá Gheata.

Cumann Rothra an Daingin, f./ch. Seodóirí de Staic, Sráid an Doirín.

Cumann Rámhaíochta Naomhóg Chorca Dhuibhne, An Muiríne.

Na Dreoilíní

Na Bailtí Slachtmhara

Transition Town

Naomh Uinseann de Pól

Cumann Sléibhteoireahta

Grúpa Cniotála is Cainte

Grúpa Cniotála is Croiseála

Grúpa Péintéireachta an Daingin

Aguisín 4

Príomh Féiltí is Imeachtaí an Daingin

Féile na Bealtaine

Other Voices

Féile Scannáin an Daingin

Féile Bia an Daingin

Dingle Global Rhythm Festival

Tradfest

Féile na Stoirme

Féile na Rámhaíochtaí Mara

Dingle Folkfest

Féile na Soilse

Regatta an Daingin

Rás Eachtraíochta an Daingin

Maratón an Daingin

Seó Talmhaíochta Iarthar Chiarraí

Ráiseanna an Daingin

Ride Dingle